

€1.65 (£1.50)
Uimh. 3



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

www.gaelisceal.ie ● 16.01.2013

Carn Dóchais:
'Tacú le
Tuismitheoirí
leis an
Ghaeilge'

L. 6-7

Ticéad singil
go Mars
le do thoil



L. 22-23

**Gaelscéal
ar Scoil**

ISTIGH AN
tSEACHTAIN
SEO...



L. 30-35

Ceimicí faoi Thalamh

Amhras á léiriú faoi gheallúintí
chomhlacht fraiceála tar éis gur
cheannaigh comhlacht a
úsáideann ceimicí scaireanna ann

Colm Ó Broin

Tá comhlacht a úsáideann
ceimicí agus iad ag
déanamh fraiceáil gháis
tar éis scaireanna a
cheannach i gcuideacht
atá ag iarraidh an cleachtas con-
spóideacha a dhéanamh in Éirinn.

Bronnadh ceadúnais ar Tamboran
Resources le taiscéalaíocht a
dhéanamh ar ghás scealla (*shale gas*)
i gContae Liatroma agus i gContae
Fhear Manach.

Tá sé i gceist acu an gás a thabhairt
aníos trí scoilteadh hiodrálach, nó
fraiceáil.

Gheall siad go minic nach n-úsáid-
feadh siad ceimicí agus iad i mbun
na hoibre, ach tá comhlacht eile ón
Astráil, Santos Energy, a úsáideann

ceimicí, tar éis 14% de Tamboran a
cheannach.

Tá amhras caite ag gníomhaithe
frith-fhraiceála ar gheallúintí Tamb-
oran anois. Dar leo tá ardchaos ann
go ndéanfar truailliú ar fhoinsí uisce
sa cheantar má úsáidtear ceimicí le
linn fraiceála.

"Níor dearnadh fraiceáil gan ceim-
icí áit ar bith ar domhan, riamh," arsa
Leah Doherty ó *'No Fracking Ire-
land'*. "Ní raibh comhlacht ar bith in
ann é a dhéanamh ar bhonn
inmharthana."

"Ní dhearna Tamboran druileáil
iad féin riamh; tá na ceadúnais acu
ach sin é. Níl a fhios againn cén
comhlacht a dhéanfaidh an
fraiceáil i ndeireadh na dála, má
tharlaíonn sé."

Ar lean ar leathanach 2

Crochta: Maolra Seoighe



Grianghraf stairiúil a tháinig chun solais ar na mallaibh de Mhaolra
Seoighe, fear Gaeltachta a crochadh go heagórach sa bhliain 1882.

(GRIANGHRAF: LEABHARLANN NAISIÚNTA AN HÉIREANN)

Daoine Óga "i mbaol" de bharr ciorruithe

**Daltaí "i mbaol" de bharr
go bhfuil Seirbhísí
Comhairleoireachta á
mbrú sna meánscoileanna,
dar le hInstitiúid na
gComhairleoirí Treorach**

Méabh Ní Thuathaláin

De réir staidéir naisiúnta a
choimisiúnaigh an ICT,
léiríodh gur tháinig laghdú
51% ar sheirbhísí comhair-
leoireachta 'duine ar
dhuine' i meánscoileanna ar fud na
tíre, rud a chuireann daoine óga 'i
mbaol', dar le hInstitiúid na gComhair-
leoirí Treorach (ICT).

I mí Mheán Fómhair seo caite,
thuairisc Gaelscéal go raibh an baol
ann go raibh meánscoileanna ag sárú
an dlí mar gheall nach raibh siad in ann
seirbhísí comhairleoireachta aonair a
chur ar fáil, i ndiaidh na gcorruithe sa
bhuiséad nua a theacht i bhfeidhm ag
tús na bliana acadúla 2012.

Reáchtáladh an staidéir in dhá
thréimse, i mí na Bealtaine 2012 sular
tháinig na corruithe i bhfeidhm agus
arís le linn mhí Dheireadh Fómhair
nuair a bhí torthaí na gcorruithe le
sonrú.

As an 240 meánscoil a ghlac páirt sa
staidéir, fuarthas amach gur tháinig
laghdú 21% ar an méid ama atá curtha
ar fáil do sheirbhísí Comhairleoireach-
ta Treorach agus Pearsanta. Tháinig
ardú 19.8% ar an méid ama a chaith
comhairleoirí treorach ag teagasc sa
rang. Ach ag cruinniú de chuid Fhei-
dhmeannais Náisiúnta an ICT ar an
Satharn 12 Eanáir, 2013, léirigh baill an
ICT go bhfuil an céatadán ag fás de réir
mar a théann an scoilbhliain ar
aghaidh.

Ar lean ar leathanach 3

Míchruinneas san 'Irish Times' faoin nGaeilge i bParlaimint na hEorpa

Colm Ó Broin

Bhí tuairisc san *'Irish Times'*
an tseachtain seo caite go
labhraítear níos lú Gaeilge
i bParlaimint na hEorpa
ná aon teanga eile
míchruinn.

Dheimhnigh Parlaimint na hEorpa

le Gaelscéal, nár bhain na figiúirí a
úsáideadh sa tuairisc le labhairt
amháin, ach go raibh ráitis scríofa a
dhéanann Feisirí Eorpacha san
áireamh leo chomh maith.

Thuairiscigh Gaelscéal mhí Beal-
taine seo caite gur labhraíodh níos mó
Gaeilge ar urlár na Parlaiminte ná
Máltais nó Eastóinis in 2011.

Léiríonn figiúirí don chéad cheithre
mhí de 2012, a chuir an Pharlaimint ar
fáil, go bhfuil an Ghaeilge imithe
chun cinn ar theanga eile, Laitvis, sa
Pharlaimint.

Dúirt Príomhfheidhmeannach
Chonradh na Gaeilge, Julian de
Spáinn, go bhfuil an eagraíocht "an-
sásta go bhfuil na Feisirí Eorpacha ó

oileán na hÉireann ag baint úsáid go
rialta as an nGaeilge i bParlaimint na
hEorpa. Tá súil againn go leanfar agus
go gcuirfear leis seo agus bíonn agus
beidh an Conradh i dteagmháil leo go
leanúnach len iad a spreagadh chuige
seo agus le ceisteanna don Phar-
laimint a thabhairt dóibh as Gaeilge."

Ar lean ar leathanach 5

NUACHT NÁISIÚNTA

Ceimicí faoi Thalamh

Ar lean ó leathanach a haon

Dúirt Tamboran le Gaelscéal inné go bhfuil siad ag seasamh leis an ngeallúint nach n-úsáidfídh siad ceimicí sa phróiseas, áfach. “Scairsealbhóir mionlaigh is ea Santos agus ní bheidh aon bhaint acu le gníomhaíochtaí,” a dúirt an t-urlabhraí ó Tamboran.

D’fhógair Santos i mí Dheireadh Fómhair go raibh fraiceáil thráchtála tosaithe acu san Cooper Basin san Astráil Theas. Úsáideann siad ceimicí sa phróiseas ach maíonn siad go bhfuil an cleachtas sábháilte.

“Níor dearnadh fraiceáil gan ceimicí áit ar bith ar domhan, riamh,” arsa Leah Doherty ó ‘No Fracking Ireland’. “Ní raibh comhlacht ar bith in ann é a dhéanamh ar bhonn inmharthana.”

An mhí seo caite, laghdaigh Tamboran an measúnú atá acu ar an méid gáis atá faoi thalamh i Liatroim agus i bhFear Manach ó 4.4 trilliún troigh ciúbach go dtí 3.2 trilliún troigh ciúbach tar éis don chomhlacht Meiriceánach MHA Petroleum Consulting iniúchadh a dhéanamh dóibh sa cheantar.

Tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mbun staidéir ar scoilteadh hiodrálach i láthair na huaire agus tá cosc ar an gcleachtas sa Phoblacht idir an dá linn. Táthar ag súil go mbeidh an tuairisc réidh in 2014.

Tá Aire Comhshaoil an Tuaiscirt, Alex Attwood, ag feitheamh ar an taighde sin agus ar thaighde eile sula ndéanfar cinneadh an mbronnfar ceadúnais druileála ar Tamboran nó nach mbronnfar.

Laghduithe foirne ag dul i bhfeidhm ar ÚnaG

Athrú le cur ar obair agus ar rannóga Údarás na Gaeltachta

Máirtín Ó Catháin

TÁ athstruchtúrú le déanamh ar obair Údarás na Gaeltachta as seo go ceann scaitheadh.

Tuigtear go bhfuil ardbhainistíocht an Údaráis i mbun oibre faoi láthair ar phlean nua a chuirfear os comhair na foirne agus os comhair an Bhoird amach anseo.

Níl aon rogha ag an ardbhainistíocht ach athruithe áirithe a dhéanamh de bharr an laghdaithe atá ar an bhfoireann le roinnt blianta anuas. Bhíodh idir 115 agus 120 duine ag obair san Údarás beagán blianta ó shin ach meastar go mbeidh an líon sin tagtha anuas go dtí tuairim is 75 go gairid.

Ghlac riar daoine leis na téarmaí scoir a d’fhógair an Rialtas sa Stát-seirbhís agus d’imigh daoine eile de bharr go raibh na blianta istigh acu;



níl daoine curtha ina n-áit siúd.

Tá Rúnaí an Údaráis, Briain Ó Cuív, ina measc siúd atá ag éirí as anois.

Tuigtear go bhfuil súil á chaitheamh ar an leagan amach a bhíodh ar na rannóga éagsúla oibre agus ar na réimsí bainistíochta a bhíodh san Údarás go dtí seo.

Thárlódh sé go ndéanfaí cónascadh ar chuid acu nó go gcuirfí eagar as an nua orthu.

Ina theanna sin, tá dualgas nua faoi chaomhnú agus faoi chur chun cinn na Gaeilge leagtha ar Údarás na

Gaeltachta ar fud na tíre.

Tuigtear gur moladh ag an gcéad chruinniú de Bhord nua an Údaráis go mbeadh foireann agus saineolas ar fáil le cúram a dhéanamh do réimse na teanga. De réir an eolais atá ar fáil faoi láthair, fágfar na rannóga réigiúnacha sa gcóras.

Ach dúirt foinsí eile nach féidir a bheith cinnte faoin leagan amach a bheidh ann sa deiridh agus nach bhféadfaí a dhul i mbannaí go mbeadh an córas réigiúnach mar a bhíodh sé. Níl aon eolas curtha ar fáil d’fhoireann an Údaráis faoin athrú, go fóill. Beidh brú ar leith ann go bhfágfaí na rannóga a bhfuil cúramaí orthu sna réigiúin éagsúla Gaeltachta i mbun oibre.

Beidh an buiséad laghdaithe atá ar fáil don Údarás ar intinn ag an mbainistíocht freisin agus an t-athstruchtúrú á dhéanamh.

Coistí réigiúnacha neamhoifigiúla le bunú san Údarás nua

Máirtín Ó Catháin

DÉANFAR socruithe ag an gcéad chruinniú eile de Bhord nua Údarás na Gaeltachta faoi choistí nua réigiúnacha do cheantracha Gaeltachta na tíre.

Níl a leithéid seo de chóras coistí réigiúnacha leagtha síos sa reachtaíocht a bhaineann leis an Údarás anois ach is cosúil go nglacann an Bord leis gur plean inmholta atá ann.

Labhair cuid de na baill a bhí ar Bhord an Údaráis roimhe seo faoi thábhacht na gcoistí réigiúnacha ag an gcéad chruinniú den Bhord nua an mhí seo caite.

Dúradar leis na comhaltaí nua go mba dheis an-mhaith é le ceangal a choinneáil le pobail éagsúla ar fud na

Gaeltachta. Is cosúil go raibh glacadh d’aonghuth leis seo agus gur aontaíodh go mbunófaí coistí.

Ach ní bheidh aon chumhacht ag na coistí le hairgead a cheadú mar a bhíodh ag na Coistí Réigiúnacha a bhí ann roimhe seo; d’fhéadfadh siadsan deontais chomh hard le €100,000 a cheadú.

Déanfar plé ar bhallraíocht na gcoistí nua ag an gcéad chruinniú eile de Bhord an Údaráis ar an 1 Feabhra. Beifear ag iarraidh go mbeadh cuid de bhaill foirne an Údaráis in éineacht le cuid de bhaill an Bhoird agus iad ag dul amach chuig cruinnithe.

Ach d’fhéadfadh ceist a bheith ann faoi chúrsaí costas taistil agus am saor; chaithfí glacadh leis go

seasfadh Údarás na Gaeltachta an costas. Shocraigh cuid de na Coistí Réigiúnacha a bhí ann roimhe seo ar bhonn reachtuil go ngearrfaí siar go mór ar a gcuid cruinnithe féin le hairgead a spáráil.

Tuigtear gur tuairim is ceithre chruinniú sa mbliain atá á bheartú do na coistí nua.

I gcás choiste an iarthair de, bheadh dhá chruinniú i nGaeltacht na Gaillimhe agus dhá chruinniú i nGaeltacht Mhaigh Eo chuile bhliain. Chasfadh an coiste le grúpaí áitiúla le linn a gcuarta ar cheantar.

Cé nach mbeidís in ann aon airgead a cheadú, d’fhéadfaidís moltaí agus tuairiscí a thabhairt ar ais chuig an mBord iomlán ar bhealach neamhoifigiúil.

“Níl dada le rá agam faoi”

– Aire Stáit na Gaeltachta ag tagairt do cheist airgid chéibheanna Árann

Máirtín Ó Catháin

NÍL aon tuairisc ar fhuascailt na ceiste faoin mbille mór atá ag bagairt ar Chomhairle Contae na Gaillimhe i leith na hoibre a rinneadh ar chéibheanna agus ar cha-lafoirt in Inis Meáin agus i gCill Rónáin.

Tá an Chomhairle Contae ag iarraidh €8m. a fháil ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Chaith an Chomhairle Contae an méid sin ar an obair in Inis Meáin agus i gCill Rónáin le cois na ndéontas a cheadaigh an Roinn.

Dheimhnigh foinsí i gComhairle Contae na Gaillimhe an tseachtain seo go bhfuil na conraitheoirí a bhí ag obair ar na scéimeanna in Árann íochta. Anois tá an Chomhairle Contae ar charraig agus an Roinn ag diúltú an farasbarr seo a íoc leo.

Nuair a cuireadh ceist ar an Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Donncha Mac Fhionnlaoich, faoin ábhar seo an tseachtain seo dúirt sé nach raibh dada le rá aige faoi.

“Tá ráiteas curtha amach agam faoi sin agus níl sé i gceist agam a thuilleadh a rá,” arsa an tAire.

D’eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ráiteas ar an 3 Eanáir inár dúradh go raibh an deontas a cheadaíodh i dtosach – sin sular thosaigh an obair seo in Inis Meáin agus i gCill Rónáin – íochta ag an Roinn le Comhairle Contae na Gaillimhe le tamall.

Níl an Roinn sásta an t-airgead a caitheadh ar obair bhreise a rinneadh ar an suíomhanna sin a íoc leis an gComhairle Contae.



Gaelscéal

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelisceal.ie

Méabh Ní Thuathaláin
Iriseoir
meabh.nithuathalain@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Deis do thuismitheoirí chun Gaelscolaíocht a roghnú

Amhras ann faoi ionadaíocht na suirbhéanna, áfach

Colm Ó Broin

TÁ tús curtha leis an dara cuid de shuirbhé ar thuismitheoirí maidir leis an rogha teanga teagaisc agus éiteas scoile atá uathu do scoileanna a bpáistí. Deir Caoimhín Ó hEaghra ón bhForas Pátrúnachta gur “deis iontach é seo do thuismitheoirí ar mhaithe leo oideachas lánGhaeilge a chur chun cinn ina gceantar.” D’fhógair an tAire Oideachais Ruairí Quinn an tseachtain seo go raibh na suirbhéanna le déanamh in 38 ceantar ar leith. Tá sé ag súil go ndéanfar difheistiú ar scoileanna de chuid na hEaglaise Caitlicí sna ceantracha mar thoradh ar an

bpróiseas. Bhí suirbhé le déanamh i mBaile Chill Dara chomh maith ach fógraíodh go mbeadh Gaelscoil ag oscailte ann i mí Meán Fómhair seo chugainn. Tá scoil ag Educate Together ar an mbaile cheana féin agus dúirt an Roinn Oideachais go bhfuil go leor fianaise curtha faoina bhráid ag an bhForas Pátrúnachta go bhfuil éileamh ann don ghaelscolaíocht. Rinneadh suirbhéanna i gcúig cheantar eile roimh an Nollaig, an Halla Bán i mBaile Átha Cliath, Caisleán an Bharraigh, an Trá Mhór, agus Tínbhear Mór agus Baile Átha Troim. Dúirt an Roinn gur léirigh na torthaí go raibh éileamh ann chun

D’admhaigh an tAire Oideachais an tseachtain seo go raibh díomá air faoi líon na dtuismitheoirí a ghlac páirt sna suirbhéanna sna cúig cheantar.

scoileanna ilchreidmheacha Béarla a oscailt sna ceantracha. Tá amhras faoi ionadaíocht na suirbhéanna curtha in iúl ag an Eaglais Chaitliceach agus ag an bhForas Pátrúnachta, áfach. Dar leis an Eaglais, léirigh na suirbhéanna

nach raibh ach 4-10% de na tuismitheoirí sna ceantracha ag lorg athruithe ar phátrúnacht. D’admhaigh an tAire Oideachais an tseachtain seo go raibh díomá air faoi líon na dtuismitheoirí a ghlac páirt sna suirbhéanna sna cúig cheantar. Dúirt sé go ndéanfar iarracht níos cuimsithí san 38 ceantar eile chun tuismitheoirí a mhealladh le bheith páirteach. Beidh feachtas feasachta ar bun sna ceantracha idir fhógraíocht sna meáin áitiúla agus bileoga a chuirfear chuig gach teaghlach. Tá go dtí 8 Feabhra ag tuismitheoirí na suirbhéanna, atá ar fáil ag www.education.ie, a líonadh isteach. Tá gaelscoileanna i bhformhór na

38 ceantar cheana féin ach tá 9 gcinn ann nach bhfuil teacht ar an ngaelscolaíocht iontu - An Pasáiste, Ros Cré, Biorra, Ceanannas, Ros Mhich Tríúin agus Na Sceirí, mar aon leis na bruchbhailte san ardchathair mar a leanas; Mullach Eadrad, Port Mearnóg agus Baile Formaid/Séipéal Iosóid/Baile Phámar. Bhí Baile Átha Cliath 4 ar an liosta ach dúirt an Roinn gur baineadh amach é nuair toisc go mbeadh bunscoil nua ag oscailt ann a chuireadh leis an ilchineálachas sa cheantar. “Creidimid go bhfuil ceart ag gach dalta oideachas trí Ghaeilge a fháil má tá sé uathu,” arsa Caoimhín Ó hEaghra. “Seo deis do thuismitheoirí an ceart sin a lorg.”

Solas an lae tugtha do shraith grianghraf stairiúil a bhain le cás cúirte Mhám Trasna 130 bliain ó shin

Méabh Ní Thuathaláin i nGaillimh

BHRONN an Coimisinéir Teanga cóipeanna de shraith grianghraf stairiúla ina bhfuil Maolra Seoighe, ar Mhéara Chathair na Gaillimhe, Terry O’Flaherty agus ar Mhéara Chontae na Gaillimhe, Thomas Welby, i Músaem Chathair na Gaillimhe inné. Deich bpictiúr atá sa tsraith grianghraif de Mhaolra Seoighe agus naonúr fear eile a bhain le cás cúirte dhúmharuithe Mhám Trasna in 1882. Tháinig na grianghraif chun solais le linn an fheachtais atá á reáchtáil ag an gCoimisinéir Teanga, Sean Ó Cuirreáin, i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus Músaem Chathair na Gaillimhe chun aird a dhíriú ar Mhaolra Seoighe, a crochadh go héagórach os cionn 130 bliain ó shin. “An rud is tábhachtaí faoin ócáid seo ná go bhfuil aghaidh daonna tugtha de na daoine seo Tarraingníonn sé daonnacht isteach sa scéal inár dúnmaráíodh teaghlach de chuid Mhám Trasna agus cuireadh fear neamhurchóideach Maolra Seoighe chun báis,” a dúirt Seán Ó Cuirreáin. Bhí na grianghraif stairiúla seo “slán sábháilte ach i bhfolach ón bpobal” ar feadh i bhfad ach tharraing Paddy Canny, fear as Dúiche

Sheoigheach aird ar na grianghraif ag ócáid chomórtha ar Mhaolra Seoighe agus Mám Trasna an mhí seo caite. Tá cóip tagtha chun solais anois freisin de rolla an phríosúin ina bhfuil mioneolas pearsanta faoin deichniúr fear a gabhadh i dtaca leis na dúnmharuithe. Tá feachtas á thiomsú ag an Tiar-na Alton i Sasana ag lorg pardúin ó rialtas na Breataine ar son Mhaolra Seoighe. Rinneadh Maolra a chrochadh chomh maith le beirt fhear eile agus chaith an seachtar eile téarma saoil faoi choimeád. Chuir an staraí iomráiteach, Robert Kee, a chailleadh ar an Aoine seo caite, síos ar chás Mhám Trasna mar cheann de na cásanna is follasaí d’iomrall ceartais i stair dhlí na Breataine. “Tá cás Mhaolra Seoighe curtha i láthair an phobail againn mar chás a bhain le cearta. Tá muid ag iarraidh aird a tharraingt ar úsáid na Gaeilge i gcúirteanna na tíre. Ní raibh ceart ag Maolra Seoighe Gaeilge a úsáid sa chúirt, agus troideadh go crua ó shin leis na cearta sin a bhaint amach. Ba pheaca a bheadh ann gan na cearta sin a úsáid” arsa Sean Ó Cuirreáin. Tá na pictiúir de Mhaolra Seoighe le feiceáil i Músaem Chathair na Gaillimhe agus ar an suíomh gréasáin www.coimisineir.ie agus ar www.anghaeltacht.net/mam1882/.



Roinnt de na hionnadaithe as stáisiúin raidió pobail timpeall na hEorpa a bheas ag tabhairt cuairte ar Raidió Fáilte i mBéal Feirste go luath. Tá an chuairt seo maoinithe ag clár Eorpach Grundtvig, ar mhaithe le malartú dea-chleachtais chraoltóireachta i measc stáisiúin pobail a chuireann mionteangacha chun cinn.

Daoine Óga “i mbaol” de bharr ciorruithe

Ar lean ó leathanach a haon
“Tá baill ag rá linn go bhfuil dianlaghdú ar chomhairleoireacht ‘duine ar dhuine’, agus go bhfuil figiúirí ag dul in olcais de réir mar a théann bainistíocht na scoileanna i ngleic leis an laghdú atá tagtha ar leithdháileadh acmhainní,” arsa Gerry Flynn, Uachtarán an ICT le Gaelscéal. “Ba cheart go mbeadh comhairleoireacht threorach agus phearsanta ina dearbhtosaíocht againn; léiríonn an méid atá tagtha chun cinn go bhfuil neamart a dhéanamh i leith daoine óga,” arsa an tUas. Flynn.

Cháin Uachtarán an ICT an Roinn Oideachais i dtaca le soláthair seirbhísí comhairleoireachta sna meánscoileanna, atá ag teacht salach ar pholasaí an rialtais ar mhaithe le cosaint a thabhairt do dhaoine óga leochaileacha. Tá sé curtha in iúl ag an Roinn go bhfuil dualgas reáchtúil ag scoileanna, de réir alt 9 den Acht oideachais, soláthar a dhéanamh ar mhaithe le seirbhís comhairleoireachta ‘cuí’, rud nach bhfuil scoileanna ábalta cloí leis. “Tá seo ag dul ar aghaidh ag am nuair atá cásanna tragóideacha ag

teacht chun solais, ina bhfuil daoine óga ag fulaingt le bulaíocht agus deacrachtaí eile. Níl deis ag comairleoirí fadhbanna a thabhairt faoi deara sula dtéann rudaí as smacht,” a dúirt sé. “Ba mhaith linn dul i mbun oibre leis an Roinn Oideachais, le tuismitheoirí agus le heagraíochtaí deonacha eile le réiteach a fháil ar an gcruachas seo. Is gá dúinn seirbhís chomhairleoireachta a athbhunú arís agus leas a bhaint as an líonra náisiúnta de chomhairleoirí treorach,” ar seisean.

Círéibeacha na nDílseoirí ag leanúint ar aghaidh

Scliúchas Oirthear Bhéal Feirste
fréamhaithe in Olltoghchán 2010

Anailís

le hAnton Mac Cába

Téann cuid den trioblóid in oirthear Bhéal Feirste siar go dtí olltoghchán 2010 i mBéal Feirste Thoir. Chaith neart Dílseoirí a bhí bainteach leis an UVF vóta ar son Naomi Long ó Pháirtí an Chomhaontais ach tá siad anois den bharúil gur cuireadh an dallamullóg orthu.

Trí bhliana ó shin, sciob Naomi Long ó Pháirtí an Chomhaontais suíochán Westminster ó Peter Robinson, ceannaire an DUP agus Cead-Aire an Tuaiscirt.

Chuir sotal Robinson agus a bhean, Iris Robinson, olc ar bhunadh an cheantair - atá ar an toghcheantar is Protastúnaí sa Tuaisceart. Is polaiteoir ábalta go maith í Long agus bhí sí ábalta naimhde Robinson ina n-iomláine, beagnach, a thabhairt léi. B'fhuath leis an UVF Robinson le blianta ach níl fianaise ar bith go raibh aon socrú oifigiúil aicise le paraimíleataigh Dílseacha.

Mar sin féin, thug an Páirtí Aontachtach Forásach (PUP), eite polaitiúil an UVF, tacaíocht di. Chonaic siad seans le Robinson a dhíbirt.

Bhí Dawn Purvis, Comhalta de Thionól Reachtach an PUP san am, amuigh ag stocaireacht do Long.

Deir foinsí go raibh figiúr sinsearach san UVF taobh amuigh d'ionad vótála - ag scaipeadh bileoga Long.

Ar an taobh eile, thóg Long léi thart ar 20% de vóta Shinn Féin. Cinnte, níl mórán de vóta ag Sinn Féin sa toghcheantar, ach bhí sin tábhachtach go maith mar gur farasbarr



An t-agóideoir aonarach [PIC: PHOTOCALL IRELAND]

tanaí a bhí ag Long.

Ar ndóigh, thóg Long léi vóta mór ó na ceantacha meánaicmeach Protastúnacha.

Cinnte, rinne sí éacht leis na fórsaí éagsúla ar fad a thabhairt le chéile. Is ceist eile iad a choinneáil le chéile.

B'ar chúiseanna a bhí iomlán difriúla a vótáil siad do Long. Le

fírinne, ní thig léi freastal a dhéanamh ar na tránna sin ar fad.

Leis, tá athrú ar an PUP in oirthear Bhéal Feirste le tamall de bhlianta. Tá an dream polaitiúil, den chuid is mó, imithe leo agus is aid lucht an UVF amháin atá fágtha.

Tá siad seo ag cúlú ón bpolaíocht, tá cuid acu sáite sa drongadóireacht

agus tá dream eile fillte ar an lomsaiceachas.

Cúis eile le Páirtí an Chomhaontais a bheith leochail each ná gur mó de vóta Aontachtach atá sé a tharraingt. Tá pobal súntasach Aontachtach a bhfuil an nimh san fheoil acu don DUP.

Dar leo nach bhfuil Páirtí Aontach-

tach Uladh (an UUP) ábalta a dhúshlán a thabhairt dóibh. Fá mhórchéantar Bhéal Feirste, tá siad ag vótáil do Pháirtí an Chomhaontais.

Ar ndóigh, chuir na hionsaithe ar ionadaithe tofa an Chomhaontais le déanaí uafás ar thromlach an phobail. Ní rachaidh sin ar a n-aimhleas ó thaobh vótaí de, áfach.

Cuireann an Fóram Aontachtach deireadh le hiarrachtaí
Caitlicigh a mhealladh chuig cúis an aontais

Anailís

le hAnton Mac Cába

Bhí an céad cruinniú den bhFóram Aontachtach ar siúl Déardaoin seo caite. Cuireann sin deireadh, faoi láthair, leis an gcaint a rinne Peter Robinson ag comhdháil an DUP go raibh sé i bhfabhar Caitlicigh a mhealladh isteach san Fhóram.

Is léir go bhfuil an Fóram ann le smacht a fháil ar na hagóidí sráide. Tá an Páirtí Aontachtach Forásach (PUP) - eite polaitiúil an UVF - istigh ann agus

tá faicsean den UVF ciontach as na círéibeacha.

Ina ainneoin sin, tá na círéibeacha ag leanúint leo i mBéal Feirste agus níl aon smacht ag na polaiteoirí Aontachtacha ar an dream ata na sráideanna.

Níl an Ulster People's Forum mar chuid den Fóram Aontachtach. Deir seo go ndéanann siad ionadaíocht ar na léirsitheoirí ar na sráideanna - cé nach soiléir cé chomh hionadaíoch agus atá orthu sin fiú.

Is é Willie Frazer an duine is aitheanta san Ulster People's Forum. Aithnítear Frazer mar fhigiúr imeallach, a fuair vóta suarach nuair a sheas sé ina

cheantar dúchas do Westminster agus don Tionól.

Ar an suíomh idirlín atá aige, deir sé: *"The Ulster Peoples Forum was created in late 2012 against the back draft of a continued and relentless attack on our community. he (sic) initial aim is to unite all groups within the PUL community."*

Ar ndóigh, is céim eile é an Fóram Aontachtach i dtreo deireadh a chur le Páirtí Aontachtach Uladh (UUP). B'iad an DUP, ag gach céim, a leag amach an clár oibre.

Ní haon rud simplí é seo. Tugann cuid mhór Protastúnach tacaíocht do chomhoibriú, mar a dúirt ball sinsear-

ach den UUP, a thugann tacaíocht don Fóram.

Dar leisean, nár cheart go mbeadh aon páirtí aontachtach amháin ann.

"Tá spás ann do pháirtí Aontachtach, nach é an DUP é, a sheasann don rud atá ceart (ó thaobh na moráltachta de, agus ní na polaitíochta amháin) ... Bheadh a leithéidí de cur chuige ábalta, ní amháin an tAontas a dhaingniú, ach cuid mhór Caitliceach a mhealladh."

Is léir uaidh go bhfuil difear sa chur chuige atá ag Aontachtaithe difriúla. Tá súil ag an bhfear UUP sinsearach go mbeidh an Fóram Aontachtach ábalta

deireadh a chur leis na círéibeacha, "ach níor cheart go ndéanfaí é trí pharaimíleatachas / sceimhlitheoireacht a shásamh."

Níl aon iomrá ar an Fóram a bheith ábalta dul i dteangmháil leis na círéibeacha.

Dúirt Alex Kane, iarStiúrthóir Cumarsáide an UUP, gur tháinig laghdú 72,789 ar líon na vóta Aontachtach idir 1969 agus 2011: "Cé ... a dhéanann ionadaíocht ar an líon súntasach daoine sin - atá ag fás - ón bpobal Aontachtach nach bhfuil baint ar bith acu leis an Aontachas polaitiúil?"

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Le Colm Ó Broin



Bímis bródúil as stádas na Gaeilge san Eoraip

Is minic a deir daoine: ‘ná chreid gach rud a léann tú sna nuachtáin’. Feictear domsa nach nglacann daoine leis an gcomhairle seo go hiondúil. Mar shampla, tá gach seans gur chreid an chuid is mó de na daoine a léigh an t-alt san *‘Irish Times’* Dé Céadaoin seo caite a mhaigh go labhraítear níos lú Gaeilge i bParlaimint na hEorpa ná teanga ar bith eile.

Is cinnte gur chreid formhór na ndaoine a rinne plé ar an alt ar an suíomh politics.ie an scéal. Thuigfeá dóibh ar bhealach. Seo é an *‘Irish Times’*, an ‘paper of record’ mar a ghlaotar air.

Seo mar a rinne an t-alt cur síos ar staid na Gaeilge sa Pharlaimint.

“In the European Parliament Irish took up just 0.23 per cent of the speaking time by MEPs during plenary sessions up to May 2012. In 2011 it took up 0.32 per cent speaking time; in 2010 it was 0.35 per cent and in 2009 it was 0.19 per cent.”

“During the April plenary session of the parliament last year Ireland’s MEPs spoke Irish for just over four minutes, in March for two minutes, in February for under two minutes and in January for just over two minutes.”

Tá na céatadáin a luaitear le fáil i gcáipéisí ón bParlaimint darbh ainm CRE Stats agus tá an t-eolas faoi na nóiméid tógtha ó chinn eile darbh ainm *CRE Speaking Time*. (CRE - *‘Compte Rendu in Extenso’*, nó taifead focal ar fhocal na Parlaiminte). Tá na céatadáin cruinn, agus tá an Ghaeilge

Sa chéad dul síos, ní 30 nóiméad a bhí ann mar nár chuir siad an Ghaeilge a labhair Bairbre de Brún, Feisire Shinn Féin don Tuaisceart, san áireamh.

ar bhun an liosta, ach dheimhnigh an Pharlaimint leis an nuachtán seo nach labhairt amháin atá i gceist leis na céatadáin seo. Tá ráitis scríofa san áireamh chomh maith.

Tá cuma fíorbheag ar na céatadáin, 0.23% don chéad chúig mhí in 2012, mar shampla. Tá na figiúirí do theangacha eile beag go leor chomh maith, tá Máltais ar 0.38% agus tá Eastóinis agus Laitvis ar 0.63%. Níor luadh na céatadáin seo san alt.

Tá na figiúirí don méid nóiméad a labhraíodh Gaeilge míchuinn ar dhá bhonn. Deir sé gur labhraíodh an teanga níos lú ná dhá nóiméad i mí Feabhra. Sin an méid ama a labhraíodh í sa chéad seisiún parlaiminte a bhí ar siúl ar 1-2 Feabhra, ach níor chuir an t-iriseoir an t-ocht nóiméad eile a labhraíodh Gaeilge i rith an dara sheisiún ar 13-16 Feabhra san áireamh.

Léiríonn na figiúirí faoi *CRE Speaking Time* go bhfuil an Ghaeilge chun cinn ar theangacha eile sa Pharlaimint chomh maith. Mar a fheiceann sibh ón tábla, labhraíodh níos mó Gaeilge ná Eastóinis, Máltais nó Laitvis ó Eanáir-Aibreán 2012.

An rud is spéisiúla faoi seo ná go raibh na figiúirí sin ag an iriseoir a scríobh an t-alt don *Irish Times*, figiúirí a léirigh nach bhfuil an Ghaeilge ar an “*least spoken of all 23 official languages*” sa Pharlaimint. Ní fios ar chuir an nuachtán ceist ar Pharlaimint na hEorpa cén fáth nach raibh na figiúirí don CRE Stats agus CRE Speaking Time ag réiteach lena chéile. Dá mba rud é gur chuir, bheadh a fhios acu go raibh ráitis scríofa san áireamh sna CRE Stats.



Pat the Cope Gallagher i bParlaimint na hEorpa. Labhraíonn sé roinnt Gaeilge sa Pharlaimint.

Parlaimint na hEorpa Ean-Aib 2012

Slóivéinis	44.20 nóim
Liotuáinis	40.30 nóim
Gaeilge	23 nóim
Laitvis	20.30 nóim
Máltais	14.20 nóim
Eastóinis	13 nóim

Cén míniú atá ar an tuairisceoireacht mhíchruinn seo? Bhain cuid mhaith den alt leis an méid uaireanta a labhraíodh Gaeilge le linn cruinnithe Airí de chuid an Aontais Eorpaigh. Ag an deireadh, dúradh go gcaitear €1.1 billiún ar aistriúcháin agus ateangaireacht san Aontas Eorpach. Is cosúil, mar sin, gur féidir linn an scéal seo a chur san fhilleán *‘Too much money is spent on Irish’*, téama a fheictear go minic sna meáin Bhéarla agus téama a luadh go minic sa díospóireacht faoin scéal ar politics.ie.

Thuairiscigh Gaelscéal mhí Bealtaine seo caite go raibh an Ghaeilge chun cinn ar Mháltais agus Eastóinis i rith 2011. Bhí muid beagáinín taobh thiar den Laitvis ach chuaigh muid chun cinn orthu i rith an chéad ceithre mhí de 2012.

Ar ndóigh, dá dtaispeánfaí go bhfuil labhairt na Gaeilge, teanga atá ‘marbh’ dar le roinnt in Éirinn, níos láidre i bParlaimint na hEorpa ná Máltais (400,000 cainteoir), Eastóinis (1.1 milliún cainteoir) agus Laitvis (1.9 milliún cainteoir), ní fhéadfaí alt a scríobh a thug le fios go raibh an-iomarca airgid á chaitheamh ar an nGaeilge nó gur cur i géill a bhí sa stádas atá aici san AE.

Céad faraor, ach ní hé seo an chéad uair a rinneadh tuairiscíú míchuinn faoin nGaeilge i bParlaimint na hEorpa.

In 2008, mhaigh an *‘Irish Examiner’* gur labhraíodh an Ghaeilge ar feadh 30 nóiméad in 2005, an chéad bhliain di stádas oifigiúil a bhaint amach. Dúirt siad chomh maith go raibh an tAontas le hathbhreithniú ar dhéanamh ar stádas na Gaeilge in 2015 agus go bhféadfaí an stádas sin a bhaint di.

Sa chéad dul síos, ní 30 nóiméad a bhí ann mar nár chuir siad an Ghaeilge a labhair Bairbre de Brún, Feisire Shinn Féin don Tuaisceart, san áireamh. Droch-iriseoireacht amach is amach a bhí anseo óir déarfadh duine ar bith le cur amach ar chúrsaí Gaeilge sa Pharlaimint leat gur labhair

de Brún agus Seán Ó Neachtain Gaeilge an t-am ar fad. Níor dúradh cé mhéad ama a labhraíodh teangacha eile i rith na bliana ach an oiread.

An dara rud a bhí míchuinn leis ná an méid a mhaíodh faoi stádas na Gaeilge. Is fíor go bhfuil athbhreithniú beartaithe in 2015, ach an rud a bheas ag tarlú ná go mbeidh stádas na Gaeilge ag fanacht mar atá nó á láidriú; ní bheidh sé á laghdú.

An é go bhfuil daoine buartha faoin méid airgid a chaitear ar an nGaeilge san Aontas Eorpach, i ndáiríre? Meastar go gcaitear thart ar €3.5 milliún ar na haonaid Ghaeilge sa Pharlaimint, sa

Choimisiún agus i gComhairle na nAirí. Ní bhaineann sé seo ar fad leis an nGaeilge áfach, óir tá cead ag na hateangairí le Gaeilge atean-gaireacht Bhéarla a dhéanamh chomh maith. €3.5 milliún as buiséad €120,000 milliún don Aontas Eorpach é féin. 0.7 cent amháin in aghaidh na bliana do gach duine san Aontas. B’fhéidir go bhfuil nuachtáin in Éirinn buartha faoin méid airgid a chaitear sa Pharlaimint amháin?

Tá formhór na n-institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh lonnaithe sa Bhruiséil. Ach an raibh a fhios agat go bhfuil dhá sheomra parlaiminte ann? Creid é nó ná creid ach bogann na feisirí, na hoifigigh agus gach rud eile a bhaineann le gnó na parlaiminte ó Espace Léopold sa Bhruiséil go foirgneamh Louise Weiss in Strasbourg ar feadh seachtain amháin gach mí. Mar aon leis sin, tá Ardrúnaíocht na Parlaiminte lonnaithe i Lucsamburg. Cosnaíonn an tseafóid sin, an ‘siorcas tais-tíl’ (*travelling circus*) mar a ghlaonn roinnt feisirí air, idir €40 milliún agus €200 milliún in aghaidh na bliana. Ach de réir dealraimh tá daoine in Éirinn níos buartha faoin €3.5 milliún a bhaineann leis an nGaeilge?

Ar ndóigh, ní hé an t-airgead an fhadhb, is í an Ghaeilge an ‘fhadhb’ agus ní ligfear do na firicí cur isteach ar iarrachtaí a stádas a laghdú.

Cloistear drochscéalta faoin nGaeilge ó ham go céile, ach is dea-scéala a bhí sa stádas a bhain sí amach san Aontas Eorpach in 2005. Bhí agus tá ráth ar an stádas sin agus is fíorthéanga oibre de chuid an AE an Ghaeilge. Bímis bródúil as sin.

"Dála an scéil, rinne Feisire Eorpach Pháirtí Aontachtach Uladh, Jim Nicholson, ionsaí ar stádas na Gaeilge san AE bunaithe ar an alt san Examiner."



Údarás na Gaeltachta



SAOISTE CÚNTA Á LORG do

Scéim Fostaíochta Pobail Cheantar na nOileán

Tá saoiسته cúnta á lorg ag Údarás na Gaeltachta do Scéim Fostaíochta Pobail Cheantar na nOileán. Bheadh sé ina bhuntáiste go mbeadh na scileanna/cáilíochta seo a leanas ag an iarrthóir:

- Ábalta oibriú as a stuaim féin
- Taithí ar fhorbairt pobail tuaithe
- Sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus scileanna bainistíochta ar thograí
- Scileanna ríomhaireachta
- Ceadúnas iomlán glan tiomána

Is gá go mbeidh ar chumas an duine a cheapfar dualgais an phoist a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge.

Tá tuarastal sa ráinse €22,324 - €28,228 ag dul leis an bpost seo, ag braith ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seoltar iarratais, mar aon le Curriculum Vitae roimh **31 Eanáir 2013** chuig an seoladh thíos.

An Bainisteoir Réigiúnach
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh
Teil: 091 503100 **Rphost:** eolas@udaras.ie

GNÉ-ALT NUACHTA

Carn Dóchais: 'Tacú le Tuismitheoirí leis an Ghaeilge'

Scéim Labhairt na Gaeilge imithe, an pacáiste nua atá curtha ina áit ina cheap magaidh, cainteoirí dúchais ag tógáil páistí le Béarla amháin, gan ach beagán tionchar ag Gaelscolaíocht ar an Ghaeilge mar chéad teanga. B'fhurasta dóchas a chailleadh i dtodhchaí na Gaeilge mar theanga tí ach tá paróiste amháin in Éirinn atá ag snámh in aghaidh an easa as a stuaim féin agus ní sa Ghaeltacht atá sé; a scríobhann **Ciarán Dunbar**

Tá scéim ar bun ag An Carn, grúpa pobail i dTír Chiana i nDeisceart Dhoire, chun an Ghaeilge a spreagadh mar theanga tí sa cheantar ó bhí Lúnasa 2011 ann.

'Tacú le Tuismitheoirí leis an Ghaeilge' is teideal don scéim agus tá sé á reáchtáil ag Clár Ní Chnámhsí, cainteoir dúchais Gaeilge as an Ghlaisigh i nGaioth Dobhair a bhfuil 20 bliana caite aici ag obair ar son na Gaeilge i nDoire.

Faoi láthair, tá ocht dteaghlach sa cheantar ag tógáil a gclainne le Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá roinnt mhaith teaghlach ina bhfuil Gaeilge mheasartha ag tuismitheoir amháin agus atá ag déanamh iarracht Gaeilge éigin a labhairt sa bhaile.

Cuireadh tús leis an scéim chun an

bhearna idir fhoghlaím na Gaeilge agus labhairt na Gaeilge a laghdú agus tá ard-sprioc ag muintir an cheantair seo.

"In ainneoin cuid mhór de dhaoine fásta na háite a bheith ag freastal ar ranganna oíche agus na páistí Gaelscoile atá líofa sa Ghaeilge, chonacthas go raibh bearna ann le taobh labhairt na Gaeilge sa ghnáthshaol agus sna tithe," arsa Clár le Gaelscéal.

"Is é an sprioc is mó tábhachta atá ag an gCarn ná an Ghaeilge a chur ar ais i mbéal a phobail agus thar chúpla glúin go mbeadh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga an tí agus gnáth-theanga labhartha na ndaoine sa cheantar.

"Leis an sprioc sin a chuir i bhfeidhm, bunaíodh an scéim Tacú le Tuismitheoirí chun tuismitheoirí na háite



An chéad ghlúin eile - roinnt de chainteoirí dúchais óga Charn Tóchair

a spreagadh chun Gaeilge a labhairt lena gclann sna tithe," ar sise.

Shínigh breis agus 30 duine leis an scéim i mbliana agus dar le Clár ba thuismitheoirí a bhfuil paistí acu ag freastal ar Ghaelscoileanna iad bunús na ndaoine atá ag freastal ar an chúrsa.

Cén toradh a bhí ar an scéim go dtí seo?

Dar le Clár, bhí toradh an-dearfach ar an scéim go dtí seo: "Tógadh mis-

neach agus uchtach na dtuismitheoirí chun tabhairt faoi Ghaeilge a labhairt nó níos mó Gaeilge a labhairt sna tithe.

"Chuaigh sé go mór i bhfeidhm ar na páistí beaga sna naíscóileanna agus sna ranganna is ísle sa bhunscoil.

"Shíl na páistí níos sine é a bheith giota aisteach nó greannmhar a dtuismitheoirí a chloisteáil ag labhairt i nGaeilge; go minic cheartaigh siad iad.

"Is mór an spreagadh é do thuismitheoirí fiú cúpla focal Gaeilge a lab-

hairt sa bhaile le páistí atá ag freastal ar na Gaelscoileanna," a dúirt sí.

Amach anseo

Beidh tús á chur leis an scéim arís i mí Mheán Fómhair.

"Beidh athdhéanamh ar na ceardlanna san oíche mar chuid de na ranganna oíche eile a bhíonn ar siúl go seachtainiúil ag an gCarn. Beidh deis ag na tuismitheoirí bogadh ar aghaidh suas go dtí na leibhéil eile atá ar fáil sna ranganna," arsa Clár.

Staitisticí Lárnacha

- Is í an Ghaeilge teanga an tí ag 986 dalta i scoileanna an Tuaiscirt.
- Tá cumas éigin Gaeilge ag 7,924 duine (nó 18.48%) i gceantar Mhachaire Fíolta, an Ceantar Comhairle ina bhfuil An Carn suite (ardú 1% ó 2001)
- Tá 2739 duine ábalta an Ghaeilge a labhairt, a scríobh, a léamh agus a thuiscint sa c.c. nó 6.39% den iomlán - an dara leibhéal is airde sa Tuaisceart.
- Tá an Ghaeilge mar phríomhtheanga ag 174 duine (nó 0.41%), dar leis an daonáireamh sa c.c.
- 8 dteaghlach sa cheantar a bhfuil an Ghaeilge mar theanga tí acu
- Gaeilge á labhairt go pointe i roinnt teaghlach eile



An seanbhóthar thar na sléibhte, tá Carn Tóchair é féin ag barr an tsléibhe

Ní theagasctar an Ghaeilge go ‘neo-drach’ sna Ceardlanna seo – tá teagasc na Gaeilge fréamhaithe i meon na habheochana. Bíonn caint ar an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge

“Cuirfidh na ceardlanna seo an iarracht atá á dhéanamh ag tuismitheoirí agus paistí Gaelscoile i gcomhthéacs straitéis athbhreochan na Gaeilge agus pleanáil teanga ar bhonn phraiticiúil,” a deir Clár.

An bhfuil aon nasc ann leis an Ghaeltacht?

“Tá an nasc leis an Ghaeltacht iontach tábhachtach don tionscadal seo,” a dúirt Clár le Gaelscéal.

“Le blianta anuas, bíonn muid ag spreagadh na dteaghlach, agus na ndaoine óg le dul chun na Gaeltachta leis an Ghaeilge a fhoghlaim agus líofacht s’acu a fheabhsú.

“Tuigeanann muid an tábhacht atá idir sláinte na Gaeltachta agus sláinte na teanga don todhchaí.”

An bhfuil obair den chineál seo ar bun in áit ar bith eile in Éirinn?

“Tá lear áiteanna ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun tosaigh ach níl mórán áiteanna ag luí isteach ar an cheist thábhacht seo,” arsa Clár.

Tá ról an-tábhacht ag tuismitheoirí, cíbe Gaeilge atá acu. Fiú mura mbeidh Gaeilge líofa choíche acu féin tá go léor gur is féidir leo a dhéanamh chun meon an pháiste a chothú i dtreo thábhacht na Gaeilge, trí labhairt leis an pháiste ar na fáthanna go bhfuil siad féin ag foghlaim.”

An dtugann ceantar Charn Tóchair dóchas do Chlár Ní Chnámhsí mar chainteoir dúchais maidir le todhchaí na Gaeilge?

“Tugann sé dóchas mór dom. Is

Na Ceardlanna

Tá trí phacáiste i gceist a bheadh fóirsteanach do thuismitheoirí éagsúla.

Pacáiste 1. Do thuismitheoirí a bhfuil beagán Gaeilge acu, agus atá ag iarraidh tús a chur leis an Ghaeilge a úsáid sa teach.

Pacáiste 2. Do theaghlaigh a bhfuil Gaeilge mheasartha acu agus atá ag iarraidh cur leis an Ghaeilge á úsáid sá teach

Pacáiste 3. Do theaghlaigh ina bhfuil tuismitheoir amháin nó an bheirt acu líofa go leor agus atá ag iarraidh cur le réimse foclóireacht s’acu atá de dhíth leis an Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga an tí.

Na hábhair

- Comhrá
- Gnáthamh maidine – bricfeasta, éadaí, ullmhú don scoil, srl.
- Am béilí – bia, comhrá ag an tábla, srl.
- Gnáthamh san oíche – am luí, seomra folctha, paidreacha, srl.
- Thart fán teach – timpistí beaga, súgradh, dathanna, uimhreacha, an teaghlach, srl.

minic a bhím ag smaoineamh go ndéanfadh sé maitheas do mhuintir na Gaeltachta an iarracht chéanna a dhéanamh agus a dhéanann tuismitheoirí agus paistí i gCarn Tóchair chun an teanga a bheith beo thart orthu.

“Is é a mhalairt atá ag tarlú sa Ghaeltacht faoi láthair. Cíbe rud atá ann, tá sé ag oibriú go maith sa cheantar seo. Sílim gur mór an bhuntáiste é gur ceantair tuaithe é Carn Tóchair.

Gaeilge na Galltachta?

Is minic a bhíonn Gaeilge na Galltachta á cáineadh, ach cé mar a chuirfeadh bean Ghaeltachta an Ghaeilge i gCarn Tóchair, agus Gaeilge an Tuaiscirt i gcoitinne, i gcomparáid le Gaeilge dhúchasach na Gaeltachta?

“Sílim féin go bhfuil Gaeilge den chéad scoth ag daoine as ceantar Charn Tóchair agus as ceantracha eile, is é sin iad siúd nár tógadh leis an nGaeilge.

“Feicfidh tú an mheas atá acu ar a dteanga agus tuigeanann siad cé chomh luachmhar is atá an teanga. Tá eolas cruinn acu ar an teanga mar go raibh orthu rialacha ghramadaí a fhoghlaim chun an Ghaeilge a bheith ar a dtoil acu.

“Go minic sa Ghaeltacht bíonn an mhalairt ann. Ní bhíonn an mheas ar an Ghaeilge mar gur tugadh dúinn í.

“Níor fhoghlaim muid í agus go minic ní dhearna mórán againn mionstaidéar uirthi. Mar gheall air sin, ar an drochuair, níl tuismitheoirí na Gaeltachta ag tógáil a gclann le Gaeilge.

“Ligeann siad do na páistí tiontú ar an Bhéarla sna tithe agus nuair a bhíonn siad amuigh lena gcairde. Níl scoileanna na Gaeltachta ag cur an tumoideachais chun tosaigh mar atá sna Gaelscoileanna sa Tuaisceart.

“Bíonn siad ag teagasc Béarla do na páistí ón gcéad lá ar scoil. Níl siad dian go leor ar pháistí chun an Ghaeilge a labhairt i gclós na scoile, rud atá cuid mhór Gaelscoileanna

anseo a dhéanamh.”

An féidir cur le líon na dteaghlach Gaeilge sa cheantar amach anseo?

“Measaim gur féidir cinnte, ach

creidim gurb é an rud is mó a thig le tuismitheoirí an cheantair seo a dhéanamh nó na páistí a spreagadh chun grá agus meas a bheith acu don teanga, mar i ndáiríre ní bheidh gach tuismitheoir in ann líofacht iomlán a bhaint amach.

“Ach tá an todhchaí ag amharc go maith, mar creidim féin go mbeidh seans maith ann go dtabharfaidh an mhórchuid de pháistí na bunscoile [Bunscoil Naomh Bríd] an Ghaeilge ar aghaidh don chéad ghlúin eile.

Comhoibriú leis an nGaeltacht molta le Roinn na Gaeltachta

Chuir Coiste Forbartha Charn Tóchair moladh faoi bhráid Roinn na Gaeltachta i gcomhpháirtíocht le Comharchumann Forbartha Gaoth Dobhair maidir le hiarratas maoinithe le haghaidh 2 Oifigeach Tacaíochta

Bheadh £40,000 / €50,000 de dhíth in aghaidh na bliana sa dá cheantar (Gaoth Dobhair / Carn Tóchair) leis an tionscadal seo a sholáthar.


Cuireadh isteach an t-iarratas ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair ach ní raibh focal faighte ar ais ón Roinn agus Gaelscéal ag dul i gcló, cé go dtuigtear go dtacaíonn an tAire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley, leis an moladh ach go measann sé gur gnó d’Údarás na Gaeltachta é.

Cúlra na Gaeilge i gCeantar Charn Tóchair

Tá ceantar Charn Tóchair suite cúpla míle taobh amuigh de bhaile Mhachaire Rátha taobh le ceantar Shléacht Néill. Bhí Gaeltacht láidir sa cheantar seo, i mBaile na Scríne agus i nDún Geimhin go dtí tús an 20ú haois.

Athbhreochan na Gaeilge

Bunaíodh Coiste Forbartha Charn Tóchair sa cheantar in 1992 chun forbairt tuaithe a chuir chun cinn ar bhun eacnamaíochta, sóisialta, timpeallachta agus cultúrtha agus an Ghaeilge a bheith i gcóilár na n-imeachtaí agus an tionscadail seo. Is é ceantar Charn Tóchair an t-aon cheantar in Éirinn, taobh amuigh den Ghaeltacht oifigiúil, ina bhfuil tromlach na bpáistí ag fáil a n-oideachas bunscoile trí mheán na Gaeilge.



NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Bóithre maithe, teicneolaíocht agus airgead fiontraíochta –

Bealach as sáinn in iarthar
Chonamara, a deir Ó Cuív

Máirtín Ó Catháin

TRÍ athrú mór ag teastáil leis an síor-chúlú eacnamaíochta agus sóisialta i nGaeltacht iarthar Chonamara a stopadh, a deir urlabhraí tuaithe agus talmhaíochta Fhianna Fáil, Éamon Ó Cuív, T.D.

Dúirt an Teachta Ó Cuív go bhfuil tábhacht thar na bearta ag baint le bóthar ar ardchaighdeán go Gaillimh, go dteastaíonn feabhas an-mhór ar an gcóras leathanbhanda agus go dteastaíonn córas le hairgead a chur ar fáil do lucht fiontair as iarthar Chonamara féin.

Bhí an Teachta Ó Cuív ag freagairt ceisteanna faoi chás Ghaeltacht iarthar Chonamara atá léirithe sna staitisticí is deireannaí atá ar fáil.

Tarraingíodh aird ar an difríocht atá idir an chuid den tír atá réasúnta go maith as agus na ceantracha atá ag dul chun deiridh in alt cuimsitheach sna meáin náisiúnta le gairid. Léiríodh go raibh an chuid is mo den taobh tíre atá siar ó Chasla ar cheann de na ceantracha is measa ó thaobh na heacnamaíochta agus stádas sóisialta de sa tír.

Tá píosa de cheantar na nOileán agus píosa d'Iorras Aintheach i measc 'spotaí dubha' difhostaíochta na tíre; níl áiteacha eile as Casla siar mórán níos fearr ar an scála sin.

"Níl aon cheist faoi ach go bhfuil bóthar ar ardchaighdeán isteach go Gaillimh i gcroílár na ceiste seo anois," a deir an Teachta Ó Cuív.

"Ansin a bheidh lear postanna a d'fheilfeadh do dhaoine óga a bhfuil

Bille cúitimh do thimpiste eitleáin Indreabháin níos ísle ná mar a ceapadh

Máirtín Ó Catháin

CEAPTAR anois go mbeidh an bille cúitimh a bhaineann leis an timpiste eitleáin a thárla in Indreabhán in 2007 i bhfad níos ísle ná mar a ceapadh i dtosach.

Le gairid, rinneadh socrú le duine acu siúd a gortaíodh sa timpiste eitleáin a thárla ag Aerfort an Chaisleáin in Indreabhán i gConamara ar an 5 Iúil 2007.

Ach tuigtear go raibh an socrú cuid mhaith níos ísle ná an t-éileamh a bhí déanta ag an bhfear atá i gceist. Bhí Kevin Barry (óg), a bhfuil gnó cuntasaióchta aige sa gClochán, ag iarraidh €1.7m. mar chúiteamh as chaillteanas deiseanna saothraithe airgid. Lena chois sin, bhí éilimh istigh aige ar dhamáistí pearsanta eile.

Ach théis ceithre lá san Ard-Chúirt thángthas ar shocrú idir na páirtithe sa gcás.

Níor tugadh eolas poiblí faoin socrú, ach de réir tuairiscí ní dheachaigh an cúiteamh as caillteanas deiseanna saothraithe agus oibre mórán níos airde ná 20% den éilimh a bhí déanta.

Bheadh damáistí pearsanta le cur leis an tsuim sin freisin. Ceap-



An t-uafas : a raibh fágtha den eitleán tar éis na timpiste i2009

tar go mbeifí ag iarraidh éilimh ar chúitimh ó daoine eile a d'fhulaing de bharr na timpiste a choinneáil ar an leibhéal céanna, nó níos ísle.

Tá éilimh agus idirbheartaíocht ar bun le roinnt blianta i dtaobh cúitimh do dhaoine a gortaíodh go dona nuair a thuairt an t-eitleán den déanamh Cessna Caravan gar don aerfort théis aistir as Inis Meáin.

Ceaptar go mbeidh réiteach ar na cásanna sin i mbliana, bíodh an réiteach déanta sna Cúirteanna nó taobh amuigh den chóras Cúirte

Maraíodh an piólóta, Matt Masterson, as Baile Átha Cliath agus Paul McNamee, cuntasóir as Baile Locha Riach san timpiste. Gortaíodh seachtar eile a bhí ar bord, cuid acu go han-dona.

Bhí ceathrar fear gnó as iarthar Chonamara ina measc siúd a bhí ar bord; bhí siadsan agus roinnt ball de chomhlacht Aerfort ar Chlocháin agus Iarthar Chonamara gaithe go hInis Meáin agus caint ann go gceannófaí an t-eitleán, nó a mhacasamhail. Tugadh an t-eitleán anuas as Baile Átha Cliath

an mhaidin sin, sa gcaoi agus go gcaithfí súil cheart uirthi.

Dúradh sa tuarascáil a cuireadh ar fáil théis an fhiosrúcháin faoin timpiste nach raibh aon locht suntasach mheicniúil ar an eitleán. Dúradh freisin go raibh an-iomarca d'ualach uirthi agus nach raibh daoine meáite sula ndeachadar ar bord in Inis Meáin.

Ní raibh scéala tugtha d'aerfort an Chaisleáin ach an oiread go raibh an t-eitleán ar a bealach chomh fada le hIndreabhán agus í ag fágáil Inis Meáin.

Bhí meastacháin ann i dtosach go bhféadfadh bille cúitimh chomh hard le €10m. a bheith i gceist leis an timpiste. Ach ceaptar go gciallaíonn an chéad socrú atá déanta go mbeidh daoine eile ag laghdú an éilimh sin acu féin dá réir. D'fhágadh sin go bhféadfadh an cúitimh in iomláine a bheith i bhfad níos ísle ná €10m.

Thug Kevin Barry (óg) an cás in aghaidh mhaoín agus eastáit Matt Masterson, piólóta an eitleáin a maraíodh sa timpiste agus in aghaidh Lancton Taverns Ltd agus stiúrthóir an chomhlachta sin David Courtney. B'shin an comhlacht a d'eagraigh an turas.

oideachas agus oiliúint orthu - agus tá sin amhlaidh i gcás glúin óg iarthar Chonamara".

Dúirt an Teachta Ó Cuív freisin gur cheart go dtabharfaí córas leathanbhanda ar chumhacht 100 Mb isteach go dtí chuile theach; córas a bheadh fiche uair níos cumhachtaí ná mar atá sé anois. Admhaíonn an Teachta Ó Cuív go gcosnódh an méadú seo €1bn. Lena dhéanamh ar fud na tíre, ach dúirt sé gur airgead é a mbeadh tairbhe air amach anseo.

"Theastódh seo sna ceantracha tuaithe," a deir Éamon Ó Cuív.

Theastódh ciste airgid freisin, a deir an Teachta Ó Cuív, i gceantracha ar nós Ghaeltacht iarthar Chonamara le bunchloch a leagan do lucht fiontair dhúchasach. "Beidh sé fiordheacair comhlachtaí móra agus fiontraithe idirnáisiúnta a mhealladh siar go Conamara," a deir Ó Cuív. "Ach leagfainn féin béim ar dhaoine as an gceantar atá ag obair do chomhlachtaí teicniúla agus a leithéid. Dá bhféadfaí iad sin a chur i dtreo gnó dá gcuid féin a bheadh bainteach le tion-scail mhór eile, ba mhór a chuideodh sé. Teastaíonn ciste a chuideodh le daoine mar seo a ghabhfadh sa seans

ar gnó nua...ach é a bheith dírithe ar dhaoine as an gceantar féin".

Deir an Teachta Ó Cuív go mbeadh ionad lárnach oibre - a bheadh lonnaithe i gCasla, mar shampla - tairbheach do dhaoine ar fud iarthar Chonamara ach bóithre maithe a bheith ann.

"Laghdaíonn an bóthar maith an t-aistir; tá na rudaí seo uilig fite, fuaite ina chéile," a dúirt sé.

Cathair na Gaillimhe Clár imeachtaí 2013 de chuid Áras na nGael faoi lán seoil!

TÁ ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, cúrsa ullmhúcháin dírithe ar scrúdú béil na hArdteiste agus ranganna damhsa ar an sean-nós ag toiseacht go luath in Áras na nGael, Gaillimh.

"Tá ardtaithí ag múinteoirí Chom-



radh na Gaeilge a bheith ag múineadh agus ag tabhairt cúnaimh d'fhoghlaimeoirí le blianta fada. Bíonn líon na ndaoine i ngach rang beag i gcónaí agus leagtar béim mhór ar rannpháirtíocht na ndaltaí agus ar riachtanais an mhic léinn.

"Déarfainn go mbeadh iontas ar dhaoine nuair a fheiceann siad a gcuid tuisceana agus cumas labhartha ag feabhsú, leis an mbéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail

choitianta a úsáidtear i ngnáthchaint. Ardaítear muinín sna rannpháirtithe chomh maith sna ranganna neamhfhoirmiúla" arsa Baba Ní Fhlatharta as Áras na nGael.

Chomh maith leis sin, beidh cúrsa ullmhúcháin 10 seachtainí á reáchtáil ón Satharn 26 Eanáir agus é dírithe ar scrúdú béil na hArdteiste. "Díreofar ar gach gné den chúrsa agus déanfaimid iarracht spreagadh agus muinín sna daltaí a fhorbairt

Josie Conneely ag lorg ainmniúcháin don Co. Co. ó Fhianna Fáil

Máirtín Ó Catháin

BEIDH an t-iarChomhairleoir Contae, Josie Conneely, ag iarraidh ainmniúcháin ó Fhianna Fáil le dhul san iomaíocht i dtoghchán na Comhairle Contae i gConamara an chéad bhliain eile.

Dheimhnigh Josie Conneely an tseachtain seo go mbeidh a ainm ag dul os comhair an choinbhinsiúin.

Is é an Conghaileach atá ina chathaoirleach ar Chomhairle Cean-tair Fhianna Fáil in iarthar Chonamara faoi láthair agus bhí sé ina Chomhairleoir Contae idir 1998 agus 2009.

Chaill sé a shuíochán i dtoghchán 2009 nuair a bhí go leor eile Comhairleoirí de chuid Fhianna Fáil dá leagan amach.

Bhain deacrachtaí do Josie Conneely i gcúrsaí gnó ó shin i leith agus fuair sé go leor phoiblíochta freisin



Josie Conneely

de bharr gur ciontaíodh é as tiomáint mheisciúil sna Cúirteanna

anuraidh.

Dúirt sé an uair sin go raibh sé i gceist aige achomharc a dhéanamh in aghaidh a chiontaithe.

Tá an Conghaileach coinnithe air ag obair i bhFianna Fáil agus chuir sé deireadh an tseachtain seo le hamhras ar bith faoina bhfuil ar intinn aige sa bpolaitíocht.

“Tá mé ag iarraidh seasamh sa toghchán,” a deir Josie Conneely “agus is d’Fhianna Fáil atá mé ag iarraidh seasamh; beidh m’ainm os comhair an choinbhinsiúin.”

Tá na páirtithe uilig ag caitheamh súil ghéar i dtreo an toghcháin anois agus an tuairimíocht ann go mbeidh suíochán le cois i gConamara i dtoghchán na bliana seo chugainn.

Tuigtear go gcuirfidh Fine Gael ceathrar san iomaíocht, má bhíonn an suíochán breise ann; tá sé i gceist acusan iarrthóir a chur i nDúiche Sheoigeach agus i gceantar Uachtar

Ard/Mhaigh Cuillin i dteannta na gComhairleoirí Contae Seosamh Ó Laoi (An Spidéal) agus Eileen Man-nion (An Clochán).

Ceaptar go gcuirfidh Fianna Fáil cúigear san iomaíocht má bhíonn suíochán breise i gConamara.

Tá an tuairimíocht ann go mbeidh ocht suíochán Comhairle Contae i gConamara an chéad uair eile, ag múscaillte tuilleadh spéise freisin i measc roinnt daoine atá ag cuimh-neamh ar iarraidh a thabhairt faoin toghchán Comhairle Contae ar bhonn neamhspleách.

Níl aon fhógra tugtha ag aon duine acu seo fós, ach d’fhéadfadh cuid acu dris mhór cosáin a chuir sa mbealach ar Chomhairleoirí atá istigh cheana féin.

Ceapann lucht Fhine Gael go dtiocfaidh brú orthu féin an iarraidh seo ach ní bheidh cuid ar bith de na páirtithe móra slán ó olc an phobail.

fad is atá na topaicí uilig á ndéanamh,” arsa Baba.

Do dhaoine a bhfuil spéis acu i gcúrsa damhsa, cuirfear tús le ranganna ar an sean-nós ar an Luan, 21 Eanáir, a dhéanfaidh freastal ar thosaitheoirí, ar fheabhsóirí agus ar dhaoine a bhfuil taithí acu a bheith ag damhsa. Moltar dul i dteagmháil le hÁras na nGael le tuilleadh eolais a fháil maidir leis na himeachtaí nó le clárú do chúrsaí áirithe téigh i dteagmháil le Conradh na Gaeilge ar 091 567824.

Maigh Eo

€7000 ar fáil do ghnólacht Ghaelach

AN bhfuil aithne agat ar aon ghnó i gContae Mhaigh Eo inár féidir seirbhís a fháil trí Ghaeilge? Gnó ina labhraíonn an fhoireann Gaeilge leat? Nó gnó a úsáideann comharthaíocht nó brandáil i nGaeilge?

Má tá, is fiú iad a ainmniú, nó do ghnó féin a ainmniú, don Ghradam Gnó le Gaeilge agus duaischiste de luach €7,000 le buachan.

Tá sé mar aidhm ag an ngradam seo aitheantas a thabhairt don lucht gnó i Maigh Eo a léiríonn go bhfuil siad ag úsáid agus ag cur chun cinn na Gaeilge ina ngnó.

Níl an gradam seo oscailte d’eagraíochtaí a bhfuil cur chun cinn na Gaeilge mar bhunaidhm acu; mar shampla Conradh na Gaeilge.

Líon isteach an fhoirm iarratais seo, Gradam Gnó le Gaeilge - Foirm Iarratais agus seol ar ais i chuig Gnó Mhaigh Eo, 1 Sráid an Droichid, Cathair na Mart Co. Mhaigh Eo roimh an 18 Eanáir 2013.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE



Tá Coiste Gairmoideachais Chonate na Gaillimhe faoi chonradh le cúrsaí a chur ar fáil faoi Chiste Oideachais agus Oiliúna an Mhargaidh Shaothair (*Labour Market Education & Training Fund/LMETF*). Fáilteoidh an Coiste roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí ar na poist seo a leanas, a mbeidh coinne leo go luath in 2013:

COMHORDAITHEOIR CLÁR

Beidh cáilíocht ábhartha Gnó/Teicneolaíocht Faisnéise (IT) ag an té a cheapfar, mar aon le taithí teagaisc roimhe seo agus eolas faoi FETAC. Beidh inniúlacht oibre sa teanga Ghaeilge inmhianaithe.

POIST DO THEAGASCÓIRÍ:

Fáilteofar roimh iarratais freisin ar phoist sna speisialachais seo a leanas:

Cúram Sláinte - Cúram Leanaí - Gnó - Turasóireacht - Óstánaíocht & Lónadóireacht - Meicnic Na Meáin Dhigiteacha/Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide - Talmhaíocht - Matamaitic

Go hidéalach, b’fhéarr go mbeadh taithí teagaisc roimhe seo ag iarrthóirí, agus eolas ar FETAC.

Tá tuilleadh sonraí agus foirmeacha iarratais ar fáil ó www.countygalwayvec.com

Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla. Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh.



MOMENTUM
FOCUS YOUR TALENT



Ireland's EU Structural Funds
Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government
and the European Union



LAIGHIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie



Bás beirte as Cill Dara a tháinig slán as an Uileloscadh

Scott De Builéir

THÁINIG sé chun solais le déanaí go bhfuair beirt a tháinig slán as an Uileloscadh agus a raibh cónaí orthu in Éirinn ó na dhaichidí, bás i bhfoisceacht cúpla seachtain dá chéile le linn na Nollag anuraidh.

Ar an 10 Nollaig anuraidh a chuaigh Zoltan Zinn-Collis ar shlí na fírinne agus is brónach a bhí a chail-liúint dá chuid comharsana agus dá theaghlach i mBaile Átha Í, áit a raibh cónaí air ar feadh na mblianta. Bhíodh sé ag caint leis na páistí áitiúla faoin méid a tharla dó agus é i gcampa Bergen Belsen in éineacht lena mhuintir, a thógadh ann ón tSeicislóvaic le linn an Dara Cogadh Domhanda. Ba bhrónaí an chailliúint é nuair a tháinig sé chun solais go bhfuair deirfiúr leis - Edita, a mhair tríd an Uileloscadh sa champa céanna le Zoltan - bás trí seachtainí níos déanaí, ar an 27 Nollaig. Ba iad Zoltan agus a dheirfiúr Edita an t-aon bheirt dá dteaghlach seisir a mhair tríd an sléacht.

Giúdach Slóvacach ab ea athair Zoltan, agus Protastúnach Ungárach ab ea a mháthair. Bhí cónaí ar a theaghlach i mbaile beag ag bun shléibhte na Seicislóvaice, mar a bhí, go dtí gur tháinig na Naitsithe. De bharr na n-ionsaithe, cailleadh a theastas breithe, ach chreid Zoltan gur rugadh é in 1940.

Sa bhliain 2006, foilsíodh leabhar le Alicia McCauley dar teideal 'Final Witness - my Journey from the Holocaust to Ireland,' inar insíodh scéal Zoltan agus conas a scriosadh gach a raibh ag a mhuintir toisc ion-saithe na Naitsíoch ar na Giúdaigh. Bunaíodh an nasc idir Zoltan agus Éire sa bhliain 1945, tráth a raibh seisean agus a dheirfiúr uchtaithe ag dochtúir as Baile Átha Cliath, Dr. Robert Collis, mar aon le triúr páistí eile. Thóg an Dr. Collis na páistí ón

Seacht n-imreoir déag peile aistrithe chuig na Gaeil Óga

Colm Ó Broin

D'ÉIRIGH le 17 n-imreoir peile cead aistrithe a fháil ó Bhord Chontae Bhaile Átha Cliath le himirt leis na Gaeil Óga an mhí seo.

Bhí na himreoirí cláraithe le cumainn eile sa chontae agus bhí orthu faomhadh a fháil ón mBord sular bhog siad chuig an gclub lánGhaeilge. D'éirigh le 21 duine eile cead aistrithe a fháil le himirt leis an bhfoireann nua iománaíochta atá ag na Gaeil Óga.

Tugtar deis do dhaoine atá cláraithe le cumann amháin cead aistrithe a lorg go dtí cumann eile i rith an chéad tseachtain de mhí na Nollag gach bliain.

D'fhógair Bord an Chontae torthaí na n-iarratas a léiríonn go raibh rath ar na hiarratais ar fad a rinne na peileadóirí.

Níor chuir na cumainn a raibh na himreoirí cláraithe leo in éadan na n-aistrithe. Níor imir roinnt mhaith de na himreoirí atá ag na Gaeil Óga leis na clubanna áitiúla a mbíodh siad cláraithe leo le blianta fada.

Bhunaigh na Gaeil Óga foireann iománaíochta anuraidh agus bhí ar imreoirí cead aistrithe a lorg ó chlubanna eile le himirt leo, fiú daoine a bhí tar éis cead aistrithe a fháil le peil a imirt leis an gcumann.

Chuir 22 duine isteach ar chead aistrithe agus faomhadh 21 acu.



Tá méadú mór tagtha ar Chumann na nGael Óg ó bunaíodh é in 2010.

Dhiúltaigh Cumann Naomh Marcais i dTamlacht cead a thabhairt do Chiarán Mac Fhearghusa iomáint a imirt leis na Gaeil Óga agus ghlac Bord an Chontae leis an diúltú sin.

Ag caint le Gaelscéal, chuir Oifigeach Caidreamh Poiblí na Gael Óg, Eoin Ó Murchú, fáilte roimh na haistrithe.

“Bíonn muid sásta i gcónaí nuair a

thagann imreoir nua le himirt linn,” ar seisean.

“Bhí sé níos deacra daoine nua a earcú anuraidh agus beidh orainn cur le líon na n-imreoirí atá againn más mian linn go leanfadh an cumann ar aghaidh ag forbairt amach anseo.”

Tá os cionn 100 duine cláraithe leis na Gaeil Óga anois, idir peileadóir fear, peileadóirí ban agus iomá-

naithe.

Bíonn trí sheisiún traenála ag na foirne i rith an tseachshéasúir, ar an Máirt, an Déardaoin agus an Domhnach. Nuair a bhíonn an tsraith agus an chraobh ar siúl déanann siad traenáil ar an Máirt agus ar an Déardaoin agus imrítear cluichí ar an Domhnach.

Deir Ó Murchú go mbeadh ar

dhuine a bheith i láthair ag angcuid is mó de na seisiún traenála má tá siad ag iarraidh áit a bhaint amach ar an gcéad fhoireann.

“Ach níl íosmhéid traenála ann, braitheann sé ar an méid atá uathu, bíonn cúraimí eile ar dhaoine,” arsa Ó Murchú.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na Gaeil Óga ag 086 61954176.

gcampa in Bergen Belsen agus thug sé go hÉirinn iad chun saol nua a thabhairt dóibh.

Agus é ag cur síos ar an méid a tharla dóibh sa leabhar, chuireadh Zoltan béim ar an méid cineáltachta a chonaic sé i ndiaidh dó a bheith sa campa géibhinn, go háirithe agus é ina chónaí in Éirinn lena dheirfiúr, leis an Dr. Collis agus a theaghlach nua. Casadh brónach sa scéal go bhfuair sé féin agus Edita bás chomh cóngarach dá chéile sa mhí chéanna, tar éis a theacht slán ó Bergen Belsen beagnach seachtó bliain roimhe sin.

Ciorcail Chomhrá tosaithe don athbhliain

TÁ tús curtha le ciorcail chomhrá éagsúla i gCeatharlach agus i gCluain Dolcáin don athbhliain

Beidh ‘Gaeilge Le Chéile’ ar siúl i dteach tábhairne Reddys gach Déardaoin ó 9.00i.n. agus tá saorchead isteach.

Eagróidh Glór Cheatharlach sraith nua den Chiorcal Comhrá Gaeilge Iarscoile do lucht na hArdteistiméireachta an téarma seo chomh maith.

Díreoidh an ciorcal ar mhic léinn atá ag lorg deiseanna breise chun

Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil lasmuigh den seomra ranga.

Tá Glór Cheatharlach ag súil go gcuirfidh scoláirí an-fháilte roimh gach deis chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, go háirithe agus méadú mór go daichead fán gcéad de mharcanna iomlána an ábhair i scrúdú na hArdteistiméireachta ag dul don bhéaltrial.

Beidh an Ciorcal Comhrá ar siúl in Ionad Pobail New Oak i gCeatharlach gach Céadaoin tar éis scoile ó 4.30 go dtí 5.30i.n. ag tosú ar 23 den mhí seo. Leanfaidh na seisiúin cainte seo ar aghaidh go dtí an Cháisc. An táille don téarma iomlán ná €20.

Deir Glór Cheatharlach go bhfuil líon na rannpháirtithe teoranta agus gur cheart do dhaltai clárú chomh luath agus is féidir.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Ghlór Cheatharlach ar eolas@glo-rcheatharlach.ie nó ar 085 1340047.

Idir an dá linn, tá an Ciorcal Comhrá in Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin tosaithe arís. Beidh sé ar siúl gach Céadaoin ag 9.30i.n. Tá lón míosúil beartaithe ag Gaeilgeoirí Chluain Dolcáin i mbliana chomh maith. Beidh sé ar siúl ar an Sathairn deireanach de gach mí sna tithe tabhairne agus bialanna éagsúla i gCluain Dolcáin. Beidh an chéad cheann ar siúl i dteach tábhairne Quinlan's ar an 26 Eanáir. Tá breis eolais ar fáil ag eolas@araschronain.ie nó ag 086 3927090.

Clár U2 do theagasc ceoil á leathnú

TÁ clár teagaisc cheoil atá maoinithe ag an mbanna U2 le leathnú go dtí an Iarmhí, Uíbh Fhailí agus Ceatharlach.

Beidh deis ag suas le 11,500 duine óg sna trí chontae freastal ar na ranganna a eagróidh an togra ‘Music Generation’.

Cuirfear na ranganna ar fáil i gcomhar le coistí gairmoideachais sna contaetha agus díreoidh siad ar amhránaíocht agus ar mheascán de stíleanna ceoil.

Tá €5 milliún tugtha ag U2 don Music Generation agus tá €2 milliún eile bronnta ar an togra ag an Ireland Fund. D'fhógair an Music Generation le déanaí chomh maith go bhfuil €1m faighte acu ó chiste de chuid Bhanc Mheiriceá - Merrill Lynch.



Tá €5m curtha ar fáil ag U2 don Music Generation agus tá €2m eile bronnta ag an Ireland Fund.

Deir Music Generation go bhfuil 5,000 páiste tar éis páirt a ghlacadh i ranganna agus i gceardlanna an togra go dtí seo agus go bhfuil ‘deiseanna fostaíochta’ cothaithe aige do 120 teagascóir.

Beidh an togra ag tosú i gCathair Luimnigh chomh maith. Tá sé ar bun cheana féin i gCathair Chorcaí, i Laois, i Lú, i Maigh Eo, i Sligeach agus i gCill Mhantáin.

Cill Dara

Gaelscoil nua do Chill Dara

Colm Ó Broin

TÁ fáilte curtha ag an bhForas Pátrúnachta roimh an gcinneadh go n-osclofaí Gaelscoil i mBaile Chill Dara i mí Meán Fómhair seo chugainn.

D'fhógair an Roinn Oideachais tráth go raibh an baile ar cheann den 44 ceantar ina raibh suirbhéanna le déanamh ar thuismitheoirí maidir le pátrúnacht.

Dúirt an Roinn an tseachtain seo go raibh sé le baint ón liosta toisc go raibh dóthain fianaise curtha faoina bhráid ag an bhForas Pátrúnachta go bhfuil éileamh ann don Ghaelscolaíocht. Dúirt an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, chomh maith go bhfuil bunscoil ag Educate Together i

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, nuacht@gaelisceal.ie, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

mbaile Chill Dara cheana féin.

“Tá ríméad orainn do mhuintir Chill Dara,” arsa Ard-Rúnaí an Fhorais, Caoimhín Ó hEaghra.

“Tá éileamh ollmhór do scoil lánGhaeilge sa cheantar rud atá léirithe sna liostaí feithimh a bhíonn ag na scoileanna lánGhaeilge eile sa cheantar.”

“Tá an Foras Pátrúnachta buíoch don Roinn as freagra dearfach a thabhairt ar a n-iarratas ar son mhuintir Chill Dara.”

Beidh an scoil nua ar an seachtú bunscoil lánGhaeilge i gCill Dara. Tá na cinn eile lonnaithe i mBaile Átha Í, i gCill Droichid, i gCill Choca, sa Nás, i Léim an Bhradáin, i Maigh Nuad agus ar an gCurrach, gar don Droichead Nua.



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Comórtas Pháidí Uí Shé

BHÍ tagairt againn do ‘Chomórtas Cuimhneacháin Caide Pháidí Uí Shé’ ach tá mórfhadhb atá le réiteach ag an gcoiste eagair don mbliain seo. Go dtí seo, is 24 fhoireann an líon is mó a bhí ag Páidí, ach i mbliana tá daichead agus a hocht foireann in áirithe agus iad ag teacht. Thar lear do 14 dos na foirne seo. “Beidh dhá mhór-phuball againn,” arsa Tomás Ó Sé, deartháir do Pháidí, “agus caithfear bia agus cóiríocht a chur ar 1,200 duine. Caithfear iompar go dtí na haerfoirt agus a leanann a bheith réitithe agus gan aon duine a fhágaint ar an bhfán,” arsa Tomás. Gan dabht an fhadhb is mó ná go bhfuil na costais an-ard. “Sin ceann dos na fadhbanna is mó atá ag dó na geirbe againn,” arsa Tomás, “agus níl sé fuirist airgead a sholáthar ar an dtoirt, go mór mhór nuair atá dúbailt an chostais ort agus an fear é féin go raibh aithne aige ar

Fearg faoi Cheapacháin Bhord an Údaráis

Breandán Mac Gearailt

BA cheart príosún a chur ar na daoine atá freagrach as a bheith ag spalpadh éithigh do phobal na tíre, dar le Seosamh Ó Conchúir, Cathaoirleach Chumann Cearta Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, an tseachtain seo. Bhí an Conchúrach ag tagairt dos na geallúintí a thug Eanna Ó Cionnaith agus a chairde nuair a dúradar go mbeadh cead ag daoine go raibh suim acu cur isteach ar Bhoird Stáit cur isteach ar bhallraíocht. Bheadh orthu cuntas cuimsitheach a thabhairt ar gach a mbainfeadh leo. Bheadh an tréd-

hearcacht seo ann mar na raibh a leithéid ag an Rialtas a bhí ann rompu mar go raibh scata dá lucht tacaíochta á n-ainmniú ar Bhoird Stáit rud a mheas go leor daoine a bhí pas maith as ord. “Bhí súil in airde againn,” arsa Seosamh, “go mbeadh tréd-hearcacht agus athrú poirt ann, ach cad atá tárlaithe? “Tá,” ar sé, “ceann dos na scannail is áite dá bhfaca riamh. Cad go díreach atá i gceist acu. Iarrann siad ar dhaoine iarratais a dhéanamh agus ansan ainmníonn siad cairde ná dhein aon iarratas!” Dar leis go ndéarfadh daoine gur magadh é seo, “ach is léiriú é mar a dúirt Aire amháin a dúirt, ‘is mise an

t-Aire agus is féidir liom é seo a dhéanamh.” Níl a fhios agam cá bhfuil RTÉ, na nuachtáin ceartchreidmheacha agus iad siúd a bhíonn coitianta ar an bpeann i leathanach litreacha an ‘Irish Times’. “Tá daoine ar buile ceart,” ar sé, “agus is náire agus is baol go bhfuil mar a dúirt an tAire, nó gar dó, gur féidir leo cibé rud is maith leo a dhéanamh. Dar liom, gur féidir leat na cosa a thabhairt leat ar feadh tamaill go sotalach lán údarásach, ach titfidh port na habhann níos luaithe ná mar a mheasann scata.” “Dar liom, dá mbeadh an sórt seo iompair ar bun in aon earnáil eile bheadh an tír ina círéib agus bheadh

daoine ag éileamh go mbeadh na hAíre, is cuma cé hé nó í, agus fiú an Taoiseach ós chomhair na Cúirte de thoradh a bheith ag spalpadh ráitisí agus geallúintí agus ag cur strus ar dhaoine iarratais fhada fhadálacha a chomhlánú agus ansan i gcásanna airithe ní fhaigheann na hiarratais aon aitheantas mar ceaptar cairde polaitíochta a leithéid.” Dar leis, go bhfuil sé seo scanrúil agus gur léir gur ag éirí orthu atá. Luaigh sé, “go raibh giota ar nuachtán Domhnaigh faoi seo, ach ní gá dhúinn dul thar gach a dtarla i gcás Bhord Údarás na Gaeltachta leis an ngalar a bhlas,” arsa Seosamh.

na daoine cuí, ar an síoraíocht. Cinnte,” arsa Ó Sé, “tá Coiste an-mhaith againn ach is baolach gur easpa airgid atá ag cur an mhearbhaill orainn agus uaireanta n’fheadar an mbeidh ar ár gcumas a theacht ar an dta-caíocht a bheidh ag teastáil. Tá sé scanrúil, ach le cúnamh Dé beidh ádh gan choinne orainn. Mura n-éiríonn linn na costais a ghlanadh dar liom go mbeadh todhchaí an chomórtais ina phraiseach. Ní féidir linn ligint dá leithéid tarlú,” arsa Tomás.

Corr Réisc corr

N’FHEADAR an é an t-athrú aimsire é, ach tá bean áitiúil tar éis ceann dos na héigrití suaithinseacha bána a bhíonn luaite leis na creasa teo a fheiscint i bpáirc i mBaile Mór atá trí mhíle laistiar don nDaingean. “Bhí,” a dúirt sí, “tagairt go raibh a leithéid luaite in áit éigin eile sa tír.” Dar léi gur éan don phór céanna a chonaic sí. “Bhí sé bán, timpeall troigh go leith ar fhad agus trí troithe

nó mar sin de leithead sciathánach aige, agus é istigh i bpáirc mar a raibh fear agus bualtaí,” ar sí. Tugtar an ‘Bubulcus Ibis’ air, nó ‘Egrette’. Ní raibh sí i dteagbháil le haon saineolaí. “D’aithníos féin an t-éan; chonac iad i ndeisceart na Fraince cé gur gnáthaí iad níos sia ó dheas, in áiteanna mar an Astráil nó soir ó dheas. Bíonn siad le feiscint i Meiriceá chomh maith,” ar sí. “ach níl sé i gceist agam an saol mór a tharrac orm féin. Téadh daoine agus feiceadh siad féin an t-éan.” Mar chor sa scéal, dúirt sí go bhfuil na géanna fiáine a tháinig seachtainí ó shin agus gan iontu ach an scrogall agus a t-iogán, nó na cnámha, tar éis blás agus crot na sláinte a theacht ortha. As na críocha fuara, lastuaidh den Rúis a thánadar agus luatar Brent mar phór leo. “D’fheicfeá iad beagnach gach lá dá mbeifeá ag siúl ar thrá Fhionn Trá, ach dar liom,” ar sí, “go bhfuil siad i gcorraithe Imeall Átha agus siar i bParóiste an Fhirtéaraigh ar thailte an Aonaigh. Chífedh daoine

scata dá gcuirfidís an strus orthu féin agus beagán siúlóide a dhéanamh ar na tránna breátha atá againn sa cheantar seo. Ná bac le m’ainm,” ar sí, “mar níl aon suim i bpoiblíocht agam. Ní cheannódh aon ní an suaimehneas.”

Club Leabhar ar an mBuailtín

‘TRIÚR Iníon na Baintrí’ agus ‘An Trí Chomhairle’, a bheidh á bplé ag an gClub Leabhar ar an mBuailtín anocht, an 16ú lá, ar 7.30 i.n. sa Mhúsaem. Is as ‘Coiglimís an Tine’, cnuasach seanchais agus scéalta le Bab Feirtéar iad seo. Ina dhiaidh sin, beidh an leabhar filíochta, ‘Dhá Chlog ag Bualadh’, le Louis Ó Maolchatha, á chíoradh. Oidhreacht Chorca Dhuibhne atá i mbun eagair. Tá an Oidhreacht ag eagrú, ‘Cúrsa i gCruinneas na Gaeilge’. Beidh sé seo ar siúl sa Mhúsaem ar an mBuailtín ar an 8ú agus 9ú lá d’Fheabhra. Beidh na léachtaí fé stiúir Chaitríona Ní Chathail agus mairfidh an cúrsa óna 9.30 ar maidin go dtí a 4 a chlog i.n. an dá lá. Tá breis eolais ar fáil ach teagbháil a dhéanamh le cairtíona@cfd.ie nó glaoch ar 066-9156100. Is é an trua go mbíonn dearmaid mar ‘gearradh siar’, ‘athair leis’ agus ‘teacht suas chugam,’ fós le clos go forleathan, fiú ar Raidió na Gaeltachta. Is trua ná fuil duine éigin laistigh den eagraíocht nó in áit éigin ‘a déarfadh an rud ceart’, do lucht na mbotún, mar a dúirt Eibhlín Ní Mhurchú, trócaire uirthi, faoi na botúin seo.

Corcaigh Bonn Óir Sheáin Uí Riada

Concubhar Ó Liatháin

TÁ na ceoltóirí roghnaithe don chraobh agus tá an lucht éisteacht ar

bís don ócáid! B’shin a thug Dáithí Ó Sé, réalt RTÉ, le fios agus é ag seoladh go hoifigiúil babhta craoibhe Bhonn Óir Sheáin Uí Riada i gCorcaigh. Tá an babhta craoibhe le craoladh beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ón Rochestown Park Hotel i gCorcaigh Dé hAoine ach is féidir ticéid a chuir in áirithe go fóill chun a bheith i láthair don ócáid ar leith seo. Is don chruit agus don phíob uilinn atá Bonn Óir na bliana seo tiomnaithe agus beidh seachtar clairseoirí agus ochtar píobairí san iomaíocht ar an Aoine sa choirm cheoil a chraolfar le linn chlár Pheadair Uí Riada, Cuireadh chun Ceoil, ó 7i.n. - 9i.n. Is iad seo i leanas na ceoltóirí ar éirigh leo an babhta craoibhe a bhaint amach. Cláirseach: Ailie Robertson, Aisling Lyons, Anna Sheehan, Fianna Ó Connail, Kavan Donohoe agus Oisín Morrison. Is iad seo an t-ochtar píobairí a bheidh san iomaíocht don bhonn óir sin: Éanna O Cróinín, Eoin Quinn, Fiachra Ó Riagáin, Fionn Ó hAlamhain, Fionnán Mac Gabhain, Kieran Joy, Micheál Ó Sé agus Tiarnán Ó Duinnchin. Beidh bonn óir le buachan ag an bpíobaire agus ag an gclairseoir is fearr agus roinnfidh na buaiteoirí an sparán de €2500. Is iad Laoise Kelly, Alan Domhnallach ó Albain agus Mick O’Brien na moltóirí don chomórtas. Is féidir ticéid a chuir in áirithe trí theagmháil a dhéanamh le billy@peadaroriada.ie nó glaoch ar 0214890800.

Muscráí Suim á léiriú i gceannacht Choláiste Íosagáin

Concubhar Ó Liatháin

TÁ léirithe suime seolta ag roinnt páirtithe chuig na ceantálaithe atá ag



I láthair ag ócáid seolta Bhonn Óir Sheáin Uí Riada i nGael-Taca i gCorcaigh bhí Jeaic Ó Muircheartaigh, Bainisteoir Réigiúin RTÉ RnaG i gCúige Mumhan, Pádraig Hamilton, Uachtarán ‘Ghael-Taca’, Dáithí Ó Sé, Peadar Ó Riada agus ball choiste Gael-Taca.

Bard na nGleann chun 35 post nua a chruthú

Concubhar Ó Liatháin

TÁ 35 post nua le cruthú i nGaeltacht Mhúscraí ag an gcomhlacht Bard na nGleann atá tar éis dhá chonradh mhór a bhuachan ó chomhlachtaí idirnáisiúnta ríomhaireachta.

Scribhneoirí teicniúla - daoine a bheadh ábalta lámhleabhair a scríobh do dhaoine a úsáideann ríomhairí nó trealamh eile - atá ag teastáil ón gcomhlacht Gaeltachta atá suite i mBéal Átha an Ghaorthaidh.

Bíodh is go bhfuil an comhlacht i suíomh iargúlta, tá ag eirí go geal leis dul i bhfeidhm ar chomhlachtaí móra ar nós Cisco ó na Stáit Aontaithe agus SAP ón nGearmáin, na comhlachtaí a bhronn na conarthaí is déanaí ar an gcomhlacht Gaeltachta.

“Teastaíonn ó chomhlachtaí ardteicneolaíochta go mbeadh daoine le hardscileanna acu sa ghnó agus go mbeadh comhlacht

cosúil linn ábalta na spriocanna atá acu a aimsiú in am agus ar an gcaighdeán is airde,” arsa Tomás Mac Gearailt, bainisteoir stiúrtha Bhard.

Faoi láthair, tá 52 fostaí ag an gcomhlacht i seacht dtír ar fud an domhain ach is sa tsráidbhaile i nGaeltacht Mhúscraí atá an ceanncheathrú. Beidh isteach agus amach le 90 oibrí sa chomhlacht faoi dheireadh na míosa, má éiríonn le Bard na daoine cuí a aimsiú chun dul i mbun oibre.

Creideann Tomás Mac Gearailt go bhfuil gá le breis fócais ó áisíneachtaí ar nós páirtíochtaí forbartha agus údaráis a bhfuil cúram orthu fostaíocht a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí ar nós Bard chun na daoine cuí a aimsiú agus a oiliúint le bheith ag obair sa réimse ardteicneolaíochta.

“Tá cabhair áirithe faighte againn, cinnte,” a dúirt sé. “Chabhraigh an tÚdarás linn trí

maoiniú a chur i dtreo cúrsa scríbhneoireachta cúig lá mar shampla.”

“Ach tá go leor eile a d’fhéadfaí déanamh le daoine a spreagadh ag aois scoile, mar shampla, féachaint ar an réimse postanna agus deiseanna oibre a d’fhéadfaidh a bheith ann do dhaltaí chun obair a aimsiú go háitiúil,” dúirt sé.

Más scríbhneoireacht theicniúil atá ar bun ag Bard go príomha, tá go leor cineálacha eile oibre á dhéanamh ag an gcomhlacht Gaeltachta seo freisin. Faoi bhrat Bhaird, tá Freastal.ie, comhlacht aistriúcháin agus seirbhísí teanga; litríocht.com, comhlacht díolta leabhar atá tar éis leabhair i nGaeilge a scaipeadh go dtí 66 tír ar fud an domhain; Gaeltalk, comhlacht múinte teanga; agus local-books.ie, comhlacht a dhíolann leabhair áitiúla ar an idirlíon. Le déanaí, tá Cló Litríocht tosaithe ag Bard chun leabhair i nGaeilge a fhoilsiú mar e-leabhair agus mar leabhair thraidisiúnta.



iarraidh Coláiste Íosagáin a dhíol ar son Údarás na Gaeltachta a tugadh le fios do Ghaelscéal an tseachtain seo.

Cé ná raibh na ceantálaithe sásta a rá cén praghas a bhí á lorg don iarscoil chónaithe iarbhunoideachais, láthair a bhí luaite ar feadh na mblianta leis an Ionad Náisiúnta Oideachais don Ghaeilge nár tógadh riamh, tuigtear gur isteach is amach le €300,000 atá á lorg don Choláiste.

Nuair a dhíol Bráithre De La Salle an Choláiste in 1989 le fir ghnó ó Mhainistir Fhear Maí, £215,000 a fuarthas ar an mhargadh agus cheannaigh an tÚdarás é ar an bpraghas céanna in 1998. Ó shin, áfach, caitheadh €500,000 ar dhíon nua a chur ar an goláiste agus tá

costas nach beag ar an gcothabháil agus ar an tslándáil a chaithfear a dhéanamh ar an ionad. San am céanna, baineadh úsáid as cuid shuntasach den talamh chun monarcha a thógaint ann.

Tá sé ráite ag an mball áitiúil de Bhord an Údaráis, Micheál Ó Scanaill, gur mór an trua é nár tógadh an tIonad Náisiúnta Oideachais san áit, faoi mar a bhí geallta nuair a d’iompaigng Aire Oideachais na linne, an Dr. Michael Woods, fód ar an tionscnamh sin i mí an Mhárta 1999.

“I dtosach báire, bhí caint ann faoi ionad ollscoile a bheith ann agus bhí caint ann faoi ionad náisiúnta oideachais a bheith ann ach le cúpla bliana anuas is beag cainte atá ann

faoi aon úsáid a bhaint as an áit,” a dúirt sé.

“D’oirfeadh sé don Údarás agus d’oirfeadh sé don phobal anseo dá mba rud é go raibh rud éigean ar siúl ann agus is chuige sin atá an fhógraíocht seo déanta.”

Thug sé le fios go gcuirfeadh sé féin fáilte roimh aon úsáid a bhainfi as an gColáiste - feidhm chultúrtha nó oideachais ach go go háirithe - agus luaigh sé freisin an fhéidearthacht go mbeadh roinnt gnóanna nó tionscnamh beaga suite ann.

Is féidir le baill an phobail nó gnólachtaí léirithe suime a chur chuig Fergal de Búrca (fburke@dob.ie) nó chuig Brian Gaffney (bgaffney@dob.ie).



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie

An Fál Carrach Sean-nós sa Seanbheairic go luath

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ cúrsa damhsa ar an sean-nós á reáchtáil sa Sean Bheairic, Ionad Turasóireachta an Fhál Charraigh, in iarthuaisceart Dhún na nGall, ag toiseacht ar an Satharn, 9 Feabhra, idir 11.30r.n agus 1.30i.n.

Beidh cuid de na damhsóirí ar an sean-nós is fearr sa tír ag teacht go dtí an Sean Bheairic le ranganna a chur i láthair do dhaoine ar gach aois ó thús mhí Feabhra go dtí mí na Bealtaine.

“Tá éileamh mór ar damhsa ar an sean-nós ar an taobh seo tíre. Bheadh traidisiúin láidir de dhamhsa seite agus de dhamhsa céilí ann ach tá suim sa sean-nós ag fás i gcónaí,” arsa Pádaí Mc Hugh, Oifigeach Turasóireachta na Seanbheairice

“D’eagraigh muid comórtas le linn Fhéile na Seanbheairice i mí Lúnasa seo caite agus bhí an-tóir ar áiteanna sa chomórtas. Léirigh muintir na háite suim mhór sa sean-nós agus tháinig iomaitheoirí as Conamara agus áiteanna eile chun páirt a ghla-

cadh ann. Mhothaigh muid gur fiú tógáil ar an tsuim seo agus sraith ceardlanna a reáchtáil,” arsa Pádaí.

Beidh an damhsóir iomráiteach, Seosamh Ó Neachtain, ag cur an chéad cheardlann i láthair ar an 9 Feabhra agus déanfaidh Róisín Ní Mhainnín ceardlann ar an Satharn, 23 Feabhra. Táthar ag súil go mbeidh Rónán Regan, Marian Ní Chonghaile agus Emma Ní Shúilleabháin ar fáil amach anseo freisin.

Cosnóidh gach rang €8 nó is féidir clárú do na 6 rang ar chostas €35.00. Tabharfar deis do na rannpháirtithe ranganna cleachtaidh a eagrú sa Seanbheairic agus na ranganna faoi lán seoil. Níl spás ann ach do scór duine. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar: 074 9180888 nó 074 9180655.

Leitir Ceanainn Dhá thionscnamh déag ag Coláiste Ailigh ag Taispeántas Eolaí Óg BT

Anton Mac Cába

MEÁNSCOIL lánGhaeilge i Leitir Ceanainn a chuir an céatadán ab airde dá gcuid daltaí chuig Taispeántas Eolaí Óg BT i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite.

Bhí 12 thionscnamh ó Coláiste Ailigh ag an taispeántas agus ní raibh ach ceithre scoil eile go raibh níos mó tionscnamh acu, agus níos mó scoláirí acu sin uilig.

Fuair scoil Thír Chonaill ceithre gradam san iomlán agus fuair trí cinn de na tionscnaimh ‘ardmhóladh’.

Dúirt Michéal Ó Giobúin, príomhoide na scoile, gur chuir Coláiste Ailigh béim láidir ar an Taispeántas Eolaí Óg.

“Feabhsaíonn sé scileanna cumarsáide, anailíse agus taighde mar aon le féinmhuinín na ndaltaí,” arsa an Giobúnach. Leis, tugann sé spreagadh do dhaltaí leanúint leis an eolaíocht i ndiaidh an Teastais



Seosamh Ó Neachtain, an damhsóir iomráiteach a bheas ag teagasc ar an Fhál Carrach, Dún na nGall, in ionad turasóireachta na Sean Bheirice go luath.



Eoghan Ó Brollacháin, Ultán Farrell agus Conor Ó Luadhóg in éineacht lena múinteoir, Shane Ó Breacáin, ó Choláiste Ailigh agus a nduais.

Shóisearaigh. Tá áthas air faoin líon daltaí a dhéanann ábhair eolaíochta ag an Ard Teist.

“Faighimid tacaíocht ó na tuismitheoirí,” ar seisean. “Tá siad iontach sásta. Bhí ionchur ach i ngach tionscnamh.”

Is múinteoir fisice agus ceimice é Micheál féin ach buntáiste atá ann ná go bhfuil foireann láidir ag teagasc eolaíochta sa scoil.

Ní sna healaíona amháin atá ag éirí go maith le scoileanna lánGhaeilge, dar leis – agus a chruthúnas in i gColáiste Ailigh.

Seirbhísí Rialta Gaeilge d'Ardeaglais Phrotastúnach

Anton Mac Cába

Tá seirbhís rialta Gaeilge le bheith in Eaglais Naomh Seoirse, ar an tSráid Ard i mBéal Feirste, ar an gcéad Domhnach d’achan mí. Beidh siad ag toiseacht an 3 Feabhra, ag a trí a chlog sa tráthnóna.

Is fada nasc ag Eaglais Naomh Seoirse leis an nGaeilge. Bhíodh Edward Bunting, a bhailigh an-saibhreas de cheol Gaelach, ceol cláirsí ach go háirithe, ina orgánaí ann ar feadh cúpla bliain.

Bhí seirbhísí ann ó am go céile le tamall agus cheannaigh Iontaobhas Ultach 50 cóip de Leabhar na hUrnaí Coitinne. Tá an eaglais ag comhoibriú leis na seirbhísí Gaeilge in Eaglais Fizroy (Preispitéireach), ionas nach mbeidh siad ar siúl ag an am céanna.

Dúirt Gerry Lynch, Bardach Eaglasta an Reachtaire san eaglais, go raibh an-suim sa Ghaeilge ag roinnt daoine sa phobal. “Thosaigh seirbhísí (ó am go céile) thart ar thrí bliana ó shin,” ar seisean, “agus bhí slua maith orthu i gcónaí. Tháinig daoine as achán cearn den chathair. Bhí an aischur iontach dearfach.”

Tá Eaglais Naomh Seoirse difriúil go maith ó eaglaisí eile in Eaglais na hÉireann. Tá Eaglais Naomh Seoirse uaseaglasta, agus Eaglais na hÉireann i gcoitinne íoseaglasta. Tá Paróiste Naomh Seoirse i lár na cathrach, áit nach bhfuil mórán de

phobal ina gcónaí ann.

Mar sin, is ar phobal níos mó ná paróiste a ndéanann Eaglais Naomh Seoirse freastal air. Tarraingíonn sé pobal as gach cearn den chathair.

Ina measc sin tá iarChaitlicigh agus iarPhreispitéirigh, atá den bharúil go bhfuil a n-eaglaisí féin ró-choimeádach.

Níl aon iomráir ar eaglais ar bith eile de chuid Eaglaise na hÉireann an sampla a leanúint. Ar an lámh eile, níl iomráir ar bith ar chonspóid ar bith.

Éascaitheoir á lorg chun tionscadal ‘Scéal na Gaeilge’ a fhorbairt i gceantar Dhoire

Tá Comhairle Cathrach Dhoire ag lorg éascaitheora le tionscnamh Scéal na Gaeilge a fhorbairt i gcomhar le pobal na Gaeilge i nDoire.

Cruthófar taispeántas nua léirmhínteach i gcomhar le scoileanna, eagraíochtaí pobail agus grúpaí eile in earnáil na Gaeilge le ‘Scéal na Gaeilge’ sa cheantar a insint ar bhonn fise faoi stiúir an éascaitheora. Díreoidh an taispeántas, agus an lámhleabhar a bheidh ag dul leis, ar stair na teanga, staid na teanga sa lá atá inniu ann agus ar thodhchaí na teanga.

“Is é is cuspóir le tionscnamh Scéal na Gaeilge ná feasacht an phobail ar an nGaeilge agus ar phobal na Gaeilge a mhúscailt, go mór mór i measc pobal nua,” arsa Pól Ó Frighil, Oifigeach Gaeilge, Comhairle Cathrach Dhoire.

Forbrófar an tionscnamh i gcomhar leis an bpobal agus bainfidh sé feidhm as cur chuige cruthaitheach le hábhair chartlainne a bhailiú don taispeántas: íomhánna, téacs agus grianghraif a ndéanfaidh cur síos físiúil ar éabhlóid na teanga agus a pobail san am atá caite, sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí.

“Tá lúcháir orainn sa Chomhairle go mbeidh tacaíocht ar fáil don tionscadal seo. Ní amháin go gcuideoidh seo le pobal na Gaeilge ábhar nua closamhairc i nGaeilge a thaifeadadh agus a chur ar fáil don phobal ach beidh sé ar leas fás na teanga sa

Síodeiteach feicthe i bhFánaid



An síodeiteach (waxwing)

Anton Mac Cába

TÁ éan atá coitianta sa Rúis agus i gCríoch Lochlann le feiceáil anois i nGaeltacht Fhánaid. Chonacthas an síodeiteach (*waxwing*) i mBaile an Chnoic sa cheantar sin.

Maireann an síodeiteach i bhforaoiseacha na Chríoch Lochlann agus i dtuaiscirt na Rúise agus itheann sé caora na gcrann ach tuigtear go bhfuil

siad iad gann sna críocha úd i mbliana.

Dúirt urlabhraí thar cheann Cairde Éanlaith Éireann go dtagann roinnt de na héin sin go hÉirinn sa gheimhreadh de ghnáth ach tá cuid mhór acu ann i mbliana.

Chonacthas an céad ceann acu istigh i dToraigh i mí Dheireadh Fómhair. “Tá sé iontach suimiúil an rud atá ag tarlú, mar gur éan faoi leith é,” arsa an t-urlabhraí.

chathair,” arsa Ó Frighil.

Tá tionscnamh Scéal na Gaeilge maoinithe ag an gclár Culture for All a chuireann tacaíocht ar fáil do phobail éagsúla ar mian leo tionscnaimh a fhorbairt faoi scáth ghradam Chathair Chultúir 2013. Tá an clár maoinithe ag

the Big Lottery Fund agus ag an gComhairle Ealaíon ó Thuaidh, agus fuarthas tacaíocht ó BT Portrait of a City.

Má tá suim agat cur isteach ar an bpróiseas seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Pól Ó Frighil,

Oifigeach Gaeilge, Comhairle Cathrach Dhoire ar 028 71 376 579 agus foirm iarratais a iarradh nó seol ríomhphost chuig pol.ofrighil@der-rycity.gov.uk. Is í an Aoine, 8 Feabhra, ag 12:00i.n. an spriocdháta d’iarratais.

Comhairle Dhún na nGall cáinte ag Ó Cuirreáin

Anton Mac Cába

TÁ cáineadh déanta ag an gCoimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus é ag rá gur sháraigh an Chomhairle an dualgas reachtúil teanga nuair a chuir siad litir a bhí i mBéarla amháin i dtaca leis an táille tí chuig 30,000 duine sa chontae. Ar an ochtú lá de Dheireadh Fómhair anuraidh a cuireadh na litreacha seo sa phost.

Bhain cinneadh an Choimisinéir le hAlt 9.3 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 20003: “I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.”

Chinn an tUsal Ó Cuirreáin fosta gur sháraigh Comhairle Contae



An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin

Dhún na nGall mír dá scéim teanga reachtúil féin nuair a d’úsáid siad leaganacha Béarla de sheoltaí Gaeltacht agus iad i mbun na cumarsáide sin. Bhain seo le hAlt 4.10 de Scéim an Chomhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Rinne an Coimisinéir roinnt

moltaí. An ceann ba thábhachtaí ná go gcuirfeadh an Chomhairle fógra ar a suíomh idirlín gabháil leithscéil faoin sárú seo ar an ndualgais teanga..

Tá sé de cheart ag an gComhairle achomharc ar an tuarascáil a iarraidh san Ard-Chúirt.

Ní ligfear duit éirí amach, inniu, amárach na in 2016. Tá cath an chaidrimh phoiblí buaite ag an mbunaíocht agus ní ga dóibh bogadh ón ríomhaire chuige sin.

Spéaclaí na hAondachta



Aindrias Ó Cathasaigh
ar agóidí na ndílseoirí i mBéal Feirste



Ar chuala sibh an ceann is deireanaí? Tá earra nua ar an margadh, mar dhea, a réiteos an t-achrann ó thuaidh go réidh: Flegspecs!

Tá bratach na hAondachta péinteáilte ar na spéaclaí seo, agus a luaithe a chuireann tú ort iad, bíonn an bhratach chéanna le feiceáil ar bharr foirgnimh ar bith. Seo chugainn an tsíocháin, mar sin, gan de chostas orthu ach £16.90.

Ach tá daoine ann agus dá mbeadh bratach na hAondachta ar chuile theach sna sé chondae, ní bheidís sásta gan í a chrochadh ó na cuaillí lampa freisin. Ní maisiú foirgnimh atá i gceist anseo ar chor ar bith. Iarracht atá ann an pobal neamhaondachtach a choinneáil in áit na leathphingine, nó an leagan is déanaí den iarracht sin.

Gníomh frithdhaonlathach atá ann, ach níor chóir go gcuirfeadh sin aon iontas orainn.

Le cupla céad bliain anuas, is é gnó an aondachtachais cúl a chur ar an daonlathas in Éirinn. Céad bliain go ham seo bhunaigh sé arm dá chuid féin le toil pharlaimint na Breataine a

chur ar neamhní.

Anois tá sé ag caitheamh buamaí peitрил le toil Chomhairle Bhéal Feirste a chur ar neamhní.

Ní gar a rá nach ionann na paraimíleataigh dhílseacha agus na polaiteoirí aondachtacha. Polaiteoirí measúla a spreag an t-imreas seo, ag súil go ndéanfadh coisithe na sráide dochar do Pháirtí an Chomhaontais a bhain vótaí díobh féin.

Tá siad ag iarraidh cúlú anois, ach is nós leo i gcónaí taca a bhaint as an lámh láidir: Edward Carson agus Óglaigh Uladh... David Trimble agus Vanguard... Peter Robinson agus Ulster Resistance...

Ní féiniúlacht Bhreataineach atáthar a chosaint anseo. Níl aon halla cathrach sa mBreatain a chuirfeadh bratach na hAondachta ar foluain ó cheann ceann na bliana, ar ndóigh.

Teastaíonn an bhratach ó aondachtóirí de bhrí nach dteastaíonn sí ón gcuid eile den phobal. Tá cuid mhaith de mhuintir Bhéal Feirste nach réitíonn an bhratach sin leo, agus ar an ábhar sin féin níor cheart go mbeadh sí le feiceáil ar aon fhoirgneamh poiblí lá ar bith.

Ina ionad sin, cuirfear suas í laethanta féile is saoire mar a dhéantar sa mBreatain. I dtaca le bratacha de, tá tuaisceart na hÉireann chomh Breataineach le Finchley, an rud ab áil le Margaret Thatcher ariamh. Seo é an comhréiteach, más fíor: go maolófar ar phribhléid an Bhreataineachais seachas fáil réidh léi.

Agus sin é an múnla atá dá bhualadh ar an tuaisceart ó Chomhaontú Aoine an Chéasta i leith.

Glactar leis go coitianta gur traidisiún dleathach é an t-aondachtachas, an fhéiniúlacht is dual do phobal Protastúnach an tuaiscirt. Más amhlaidh atá, agus más peaca tabhairt air glacadh le toil an mhóraithe, ní athaontú na tíre atá i ndán ach athchríochdheighilt. Nócha bliain ó shin thréig an t-aondachtachas trí chondae de Chúige Uladh nuair ba léir dóibh nach bhféadfaidís seilbh a choinneáil orthu.

Seachas deireadh a chur leis an idirdhealú, cuirtear leibhéal inghlactha idirdhealaithe i bhfeidhm. Déanann aondachtóirí a ndícheall gan a bheith chomh maslach is a bhíodh, agus déanann náisiúntóirí a ndícheall cur suas le Tuaisceart Éireann mar stát.

Ach ní féidir le Tuaisceart Éireann a bheith cothrom daonlathach. Séanadh ar an gcothromaíocht agus an daonlathas ba bhun leis an stát sin ariamh. Dá mbeadh athmhuintearas ann i ndáiríre, bheadh chuile dhream ar an oileán seo sásta maireachtáil le chéile gan teorainn. An fhad is a éilíonn dream amháin go mbeadh stát ar leith acu, tá an seicteachas beo beathaíoch.

Glactar leis go coitianta gur traidisiún dleathach é an t-aondachtachas, an fhéiniúlacht is dual do phobal Protastúnach an tuaiscirt. Más amhlaidh atá, agus más peaca tabhairt air glacadh le toil an mhóraithe, ní athaontú na tíre atá i ndán ach athchríochdheighilt. Nócha bliain ó shin thréig an t-aondachtachas trí chondae de Chúige Uladh nuair ba léir dóibh nach bhféadfaidís seilbh a choinneáil orthu.

Tuige nach dtréigfidís dhá nó trí chondae eile dá mba ghá sin lena stát a bhuanú?

Tá an t-aondachtachtas thar éis aimhleas Phrotastúin an tuaiscirt a dhéanamh le blianta fada. Mhúin sé dóibh aghaidh a gcuid feirge a thabhairt ar a gcomharsana nárbh ionann creideamh dóibh, seachas aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhí le réiteach acu féin. Tá a shliocht ar an

mbochtanas atá le brath ar chuid mhór den lucht oibre Protastúnach, níos measa ná mar a bhíonn sa mBreatain dár thug siad dílseacht. Ní féidir aon cheo a fheiceáil trí spéaclaí na hAondachta: tá an bhratach sin ina dalladh púicín.

Tá bealach eile ar fáil dóibh, áfach: go gcuirfidís le chéile lena gcomharsana thuaidh agus theas, in aghaidh na gceannairí a thagann i dtír ar an naimhdeas seo i measc cosmhuintir na tíre. Bhí Protastúin Fheirsteacha fhuinniúla a chuaigh go barr Bhinn Mhadagáin fadó le dearbhú gurb shin é an bealach ba chóir dóibh, agus tuilleadh a lean den traidisiún uasal úd ó shin.

D'fhéadfadh a leithéid deireadh a chur le pribhléid ar bith d'aon dream ar bhonn creidimh, cine, cúlra ná eile. Ar ndóigh, bheadh an pribhléid a tugadh don Chaitliceachas sa taobh ó dheas den tír san áireamh – pribhléid nach bhfuil imithe fós – agus aon iarracht an pobal Protastúnach a mhúchadh faoi 'Éireannachas' aonchineálach. D'fhéadfaí tír iolrach leathan a dhéanamh d'Éirinn, agus a muintir ag iarraidh fuascailt cheart a fháil ar na fadhbanna atá anuas orainn.

Má amharcann duine siar ar chuid de na huafáis is measa a bhuaíl an cine daonna le cupla céad bliain anuas go dtí an lá inniu, is ar shon bratach na Breataine a imríodh iad, san Afraic, san Afganastáin, in Éirinn. B'fhearrde an saol mór an naprún búistéara sin a stríocadh. I ndiaidh an méid a ndeachaigh an chathair tríd, is olc an comhartha ar Bhéal Feirste é.

Beatha agus Bás

Páidí Ó Lionáird ar na ceisteanna móra morálta atá á bplé in Éirinn faoi láthair, ginmhilleadh agus an ceart chun bás a fháil



Bhí an tseachtain seo chaite fíorthábhachtach i stair shocheolaíochta agus dhlí na hÉireann.

Bhí dhá ábhar chorraitheacha idir dhá cheann na meá - ceann acu os comhair na hArd-Chúirte agus ceann eile os comhair Comhchoiste Oireachtais.

Cás deacair, daonna, a bhí sa chás os comhair na hArd-Chúirte ina raibh Marie Fleming, iar leachtóir ollscoile, atá ag fulaingt na gcéimeanna deireanacha den ghalar scléaróis Iolrach (MS) agus í ag lorg cead cúnaimh a fháil chun deireadh a chur lena fulaingt agus lena beatha. De réir na fianaise a tugadh, tá thart fá dhá bhliain d'fhulaingt fágtha aici. Ba éard a bhí sa chás a bhí ag an mbean ná go bhfuil an Bhunreacht ag déanamh leatroidm ar a cearta de bharr go bhfuil sí faoi mhíchumas, deir sí go bhfuil an Bhunreacht míchóir do dhaoine atá faoi mhíchumas de bharr tinnis.

Tá, dar léi, a cearta daonna á ceilt uirthi ionas nach bhfuil cead aici a saol a chaitheamh mar ba mhaith léi, a chríoch, a bás san áireamh. Teastaíonn uaithe ceannas a ghlacadh ar conas a chaithfidh sí deireadh a saoil - gan pian, gan míchompord, spleách ar údarás ar bith le féinchinntiúchán.

Ar ndoigh, de bharr a tinnis, níl sé ar a cumas na cinntí sin a ghlacadh gan cúnamh óna páirtí, Tom Curran, ach dá mba rud é go dtabharfadh seisean cúnamh di lámh a chur ina bás féin, d'fhéadfadh na húdaráis an dlí a chur airsean ar chúiseanna éagsúla, dúnorgain san áireamh.

Bheadh a leithéid de chinneadh faoi chúram an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ach i ndáiríre, cé a rachadh sa tseans dá mbeadh bagairt tréimhse príosúin suas le ceithre bliana déag i gceist leis? Gan aon dabht, tá ceist chasta ann - má fhaigheann duine cabhair ag cur lámh ina mbás féin, an féinmharú é?

Gan amhras, murar croí crua cloiche atá agat, chaithfeá do thrua a bheith agat do chás Mharie Fleming, bíodh is nach dteastaíonn ar dtrua uaithi.

I ndeireadh na dála, chinn an Ard-Chúirt go bhfágfaidís an cinneadh mórchúiseach seo faoin gCúirt is airde sa stát, an Chúirt Uachtarach, má dhéanann Fleming achomharc. Ina mbreithiúnas, ag diúltú dá hiarratas áfach, dúirt urlabhraí don triúr breitheamh, agus an bás cloiste acu, gurb í Fleming an fhinné ab iontaí a bhí riamh os a gcomhair.

Mar sin, cearta báis séanta dóibh san



(ón chlé go dtí an dheis): Tom Curran agus a pháirtí, Marie Flemings, ag fágáil na gCeithre Chúirt an tseachtain seo caite. Bhí sí ag iarraidh an ceart chun deireadh a chur le saol s'aici ag am a roghnódh sé féin ach chaill sí a bás

[PIC: SAM BOAL/PHOTOCALL IRELAND]

nach bhfuil ar a gcumas féinmharú a chomhlíonadh.

Ar an lámh eile, bhí cearta beatha á bplé os comhair Comhchoiste Oireachtais sa Seanad ar feadh trí lá an tseachtain seo caite. Ginmhilleadh an t-ábhar a bhí acu, ábhar atá ag ciapadh gach rialtas le dhá scór bliain anuas ach anois agus foláireamh faighte ón mBuiséil reachtaíocht chuí a dhréachtadh a shoiléireodh an bás, tá an crú ar an tairne. Ábhar atá níos cigiltí i ndiaidh chás Savita Halappanavar.

Fuair an TD Jerry Buttimer ard-mholadh as ucht a chathaoirleacht ar an gComhchoiste Oireachtais a chuir na héisteachtaí ar bun.

Ní éascaíonn sé seo an scéal, áfach. Tá malairt tuairimí chomh tréan anois

agus a bhí nuair a bhí nimh san aer agus "Cás X" á phlé i bhFeabhra 1992, agus go deimhin roimhe sin.

Nó an bhfuil? Táim ag tabhairt faoi ndeara go bhfuil an seasamh in aghaidh na ginmhilleadh tar éis éascú beagán. Fiú i bpobalbhreith de chuid Red C an tseachtain seo caite, bhí an móramh díobh siúd ar cuireadh ceist orthu, i bhfábharr reachtaíochta a shásódh comhairle na Cúirte Uachtaraigh ag eirí as "Cás X".

Chiallódh sé sin go mbeadh an dlí soiléirithe agus go mbeadh na cúinsí a cheadódh do chnámhseoirí ginmhilleadh a dhéanamh nuair a bheadh beatha na máthar i mbaol, fiú i mbaol fhéinmharaithe.

Ar ndoigh, nuair a cuirtear san

áireamh go bhfuil thart fá 4,000 bean ag éileamh na seirbhíse sa Bhreatain agus go bhfuil piolla-na-maidne-dargcinn ar fail go forleathan, d'fhéadfaí ceist a chur faoi mhacántacht na bhfeachtas i bhfábharr nó i gcoinne na ginmhilleadh ar an gcéad dul síos.

Ba dheas a shamhlú go mbeadh cibé díospóireacht a threoraíonn na moltaí reachtaíochta i leith na ginmhilleadh sibhialtamar tá an cheist seo ró-chigilteach le fágaint fúthu siúd atá feargach, faiteach.

Tá an baol ann, áfach, go nglacfaidh na grúpaí atá i bhfábharr agus i gcoinne na ginmhilleadh seasamh ar dhá mhol na hargóna agus go dtiomáinfidh sé seo ding idir polaiteoirí atá, iad féin, faiteach roimh a dtoghthóirí féin.

Ní laoch de mo chuid é Rory

Eoghan Ó Néill

ar an ngalfaire, Rory McIlroy



Cuir cluas le héisteacht ort féin?

An gcluín tú sin?

Is é sin gáir áthais na n-oibrithe i monarchana Nike san Áise ar a chloisteáil dóibh go bhfuil Rory McIlroy ar an ógfhear cuidsúlach is déanaí atá ag an chomhlacht!

Is beag an baol!

Bheadh ar oibrí Nike san Áise oibriú gan stad gan stionadh go gceann 72,000 bliain chun airgead Rory a shaothrú.

72,000 bliain!

Agus mar is eol dúinn go maith, oibríonn oibrithe Nike san Áise i bhfad i bhfad níos mó ná mise ná tusa ar thuarastal atá i bhfad níos lú ná tuarastal s'agamsa ná tuarastal s'agatsa. Sin chomh héagórach is atá an saol.

Agus is cuid lárnach den éagóir sin an córas a ligeann do leithéidí Nike conradh ar luach \$180m nó mar sin a bhronnadh ar fhear spóirt.

Seachas daoine a bheith ag maíomh as go bhfuil Rory 's'againne'



Rory McIlroy [PIC: SPORTSFILE]

ag dul a shaothrú suas le \$200m sna 10 mbliana amach romhainn ba cheart dúinn smaoineamh soicind ar cad é is ciall leis an scéal seo.

Cad chuige a bhfuil £200m de dhíth ar Rory McIlroy? Cad a dhéanfaidh sé leis?

Nach dtiocfadh leis gnó a dhéanamh le £5m-£10m abair, cúpla milliún eile a chur ag saothrú úis sa bhanc agus an chuid eile a bhronnadh ar Thrócaire nó ar Concern. Nó é a bhronnadh ar dhream eile a chuireann i gcoinne dúshaothrú daoine i monarchana sclábhaíochta an Tríú Domhan?

Smaoineamh mire é sin, dar leat? An bhfuil sé chomh mire sin? Cad chuige nach ndéanadh 'laochra' ar

nós Rory nó Bono a macasamhail?

I gcás Rory, go fiú dá mbronnadh sé a \$180m ar fad ar na bochtáin, ní bheadh sé deacair aige leanúint den stíl bheatha deas atá aige. Tá na milliúin aige cheana féin sa bhanc agus saothróidh sé na milliúin síoraí idir seo agus na 10 mbliana amach romhainn ar airgead duaise. Agus sin gan trácht ar fhoinsí eile ioncain.

Cuirim an cheist arís eile, sa domhan éagórach seo cad é mar a dtig le duine ar bith againn bás a dhéanamh ar son duine \$50m a bheith acu?

Ach tá Rory cosúil leis an oiread sin eile dár 'laochra' ceoil agus spórt agus siamsaíochta. Tá sé deacair acu gan dul leis an tréad. Sodar i ndiaidh

Cé mhéad cos atá agatsa?

Conall Ó Móráin ar Pháirtí na nOibrithe agus an tAontas Soivéideach



Níl orm ach dhá chois. Má tá leabhar an scríbhneoir George Orwell, ‘Animal Farm’, léite ag léitheoirí an ailt seo tuigfidh siad gur drochrud an mhéid sin. Dóibh siúd nach bhfuil sé léite acu (agus is fiú go mór é) scéal atá ann faoi réabhlóidithe i bhfoirm ainmhithe feirme gus an chumhacht á ghlacadh acu ar an bhfeirm.

I ndáiríre, is faoi réim an chuman-naigh Joseph Stailín, a dhúnmharaigh suas le 40 milliún duine - seacht n-uairé líon na nGiúdach a mharaigh Adolf Hitler, an leabhar.

Cosúil le mórchuid réabhlóidithe, dúirt Stailín gur chun ‘leas na ndaoine’ a ghlac sé greim ar chóras polaitiúil an Aontais Shóivéadaigh - agus gur choimeád sé an greim sin trí aon fhreasúra ina choinne a chur chun báis.

Ach, ar ndóigh, is chun maitheas Stailín fhéin an bhuntáiste a tháinig as - ní raibh faic ann don chosmhuintir.

Ní fhéadfadh fiú ‘dlúthchairde’ Stailín braith air nach maródh an deachtóir iad mar gurbh é duine de na sladmhairtheoirí ba mheasa ar domhan riamh é. (Tugtar an tús áite sin don chumannach eile, Mao Tse Tung, a n-áirítear gur mharaigh sé suas le 60 milliún duine “ar son leas na ndaoine”!)

I leabhar Orwell, cé gur thosaigh na hainmhithe amach ar chosán an daonlathais, i ndeireadh báire ba é an ros catha a bhí ag na muca, a bhí anois i gceannas, ná gur namhaid iad siúd ar dhá chois agus gur cairde ab iad lucht na gceithre chos.

Bhí deireadh curtha leis an daonlathas agus tús curtha leis an bhféin-spéis - agus leis an deachtóireacht.

Deir mé nach bhfuil orm ach dhá chois mar go minic bím den tuairim go bhfuil meon na gceithre chos acu siúd atá ar an eite chlé agus go bhféachtar ar thráchtairí cosúil liom féin mar dhaoine nach ‘d’tuigeann an fhírinne’ nó soiscéal an tsóisialachais.

Ach tharla dhá rud le cúpla lá anuas gur chóir, arís, go gcuirfeadh sé daoine

Dona go leor go raibh fonn ar dhaoine cosúil le Garland agus a chomhghleacaí, Proinsias de Rossa ina measc, a bheith mór le cumhacht impiriúlach neamhdhaonlathach, ach níos measa fós go ndearna siad tréan-iarracht greim a fháil ar an meán cumarsáide ba chumhachtaí sa tír seo, RTÉ. Theastaigh uathu go gcloisfí ‘an fhírinne’ mar ba mhaith leo féin é - déan dearmad ar na fíricí.

ag ceistiú údarás morálta an dream ar mhaith leo go bhfeicfí gur acu siúd atá an t-ionracas morálta ar gach gné den tír - idir pholaitíocht, eacnamaíocht agus cultúr.

An chéad rud ná gur sceitheadh litreacha (a foilsíodh san Irish Times ar an Luan) faoi Pháirtí na nOibrithe, faoin Ard-Rúnaí a bhí air thiar sna seachtóidí - Seán Garland - agus an ceangal a bhí idir iad féin agus an tAontas Sóivéadach.

Dona go leor go raibh fonn ar



Iar-Ard-Runaí Pháirtí na nOibrithe, Sean Garland, sna 1980í [PIC: PHOTOCALL IRELAND]

dhaoine cosúil le Garland agus a chomhghleacaí, Proinsias de Rossa ina measc, a bheith mór le cumhacht impiriúlach neamhdhaonlathach, ach níos measa fós go ndearna siad tréan-iarracht greim a fháil ar an meán cumarsáide ba chumhachtaí sa tír seo, RTÉ. Theastaigh uathu go gcloisfí ‘an fhírinne’ mar ba mhaith leo féin é - déan dearmad ar na fíricí.

Go bunúsach, is dream neamhdhaonlathach go smíor, iad an dream a bhí taobh thiar de Shinn Féin, Páirtí na nOibrithe, mar a thug siad orthu féin i rith na n-ochtóidí.

Scríobh mé cheana féin anseo faoi na ceangail a chonaic mé féin idir daoine, Eamonn Gilmore ina measc, a thaisteal

thar cheann Aontas na Macleinn go dtí an tAontas Sóivéadach in 1977 (tá fhios agam mar go raibh mé in éineacht leo - ach sin scéal eile).

Cé gur cinnte go bhfuil athrú meoin ar dhaoine cosúil le Gilmore ó shin, is fiú cur i gcuimhne dúinn féin go bhfuil daoine ar an saol a deir gurb é ár leas atá ina gcroí - cé gurb é a mhalairt iomlán an fhírinne. Tá a leithéid fós ann agus iad chomh díomasach céanna faoi cé chomh ceart agus atá siad, i gcónaí ‘ar son ár leasa’.

Tugann sé sin mé go dtí an dara dream faoin spotsolas an tseachtain seo, is é sin Cumann Dochtúirí na hÉireann. Caitheann an cumann seo, atá ina bhall de Chomhdháil na gCeard-

chumann, (dá bhrí sin is ceardchumann ‘ceart’ é), a chuid ama ag tabhairt ide béil don rialtas faoin gcóras sláinte.

Ní aon dochar sa mhéid sin. Sin an daonlathas. Ach cén cead morálta atá ag Cumann na nDochtúirí dada a rá faoi aon ní ó fuair muid amach go raibh Ard-Rúnaí an Chumann ar thuarastal €500,000 in aghaidh na bliana sular éirigh sé as le deireanas?

Níos measa fós, tar éis dó éirigh as, bhí an fear céanna i dteideal ciste pinsin suas le €25 milliún. Tá na figiúirí sin gar do na figiúirí tuarastail agus pinsin a bhí ag na baincfeirí san earnáil phríobháideach a chur agus a chuireann an oiread sin uafáis agus feirge ar an ngnáthdhuine ar dhá chois.

Am i ndiaidh a chéile (smaoinigh siar ar chúrsaí FÁS agus an t-airgead poiblí a thóg ceardchumann SIPTU gan aon mhíniú fós) titeann masc moráltachta an eite chlé. Arís agus arís eile freisin, tagann focail George Orwell ar ais faoin dá chois agus na ceithre chos. Níl aon mhonaplacht acu siúd ar an eite chlé ar aon fhírinne.

Tá an oiread peacaí orthu siúd agus atá, gan cheist, orthu siúd ar an taobh deiseal (Haughey, Burke, Lowry, srl) ach ar a laghad ní chítear domsa go bhfuil an díograis reiligiúnach den chineál a chreideann cibé foirm den tsóisialachas atá reatha faoi láthair, i measc an eite deisil.

Is meon deistapaíoch atá ag an dream sin, meoin ar féidir iarracht a dhéanamh srian a chur air tríd an dlí agus trí riail an rialtóra. Má théann tú ina gcoinne is stánadh marfach an neamhchreidimhgh atá in ann duit - ‘ní thuigeann tú - tusa nach bhfuil ach ar dá chos’.

An t-aon bhealach le dul i ngleic leis na díograiseoirí sin a chreideann go bhfuil an fhírinne acu ná a bheith réidh i gcónaí chun dul ag díospóireacht leo le fíricí agus uimhreacha mar armlón in áit an chreidimh go ‘bhfuil tú ceart’.

Seachain i gcónaí an t-íoladhradh.

na Beckhams. Thig le Bono labhairt faoi na bochtáin agus rinne sé méid áirithe dóibh. Ach dar liom nach leor é ná baol air.

San áit a bhfuil Bono, thig leis cuid mhór a dhéanamh faoi na bochtáin. Tá an mhaoín aige lena dhéanamh agus is cuma liom cad é a deir duine ar bith níl €15m nó €40m nó €100m de dhíth ar Bono ná ar Rory ná aon duine eile dár ‘laochra.’ Téann focail le gaoth, téann buille le cnámh.

Dá ndéanfadh cúigear nó deichniúr de na laochra ceoil agus spóirt agus siamsaíochta is mó atá againn, cinneadh sciar mór dá n-airgead a chur i gciste le troid i gcoinne dúshaothrú, dhéanfadh sé difear as cuimse do na milliúin daoine. Ach an

bhfuil oiread agus duine amháin acu sásta seasamh a thógáil?

Ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta domhanda tá cuid mhór cainte déanta againn ar fhearg, ar dhéistean, ar an ngá le smaointe malartacha, ar chur chuige malartach agus eile. Níor stopamar de chaint faoin dóigh go bhfuil gá le réabhlóid agus le hathrú bunúsach agus le hathsmaoineamh ar na luachanna atá againn mar phobal, mar dhaoine. Agus cháin muid an tsaint agus an neamhdhaonnacht a bhaineann le tóir ar an ór.

Ach breathnaigh ar an méid atá le rá againn faoi chonradh Nike do Rory McIlroy agus feiceann tú nach bhfuil bunús againn ná fiú tuiscint ar an dóigh a oibríonn an córas a

Ach breathnaigh ar an méid atá le rá againn faoi chonradh Nike do Rory McIlroy agus feiceann tú nach bhfuil bunús againn ná fiú tuiscint ar an dóigh a oibríonn an córas a chruthaíonn an 1% rachmasach agus a fhágann an chuid eile againn sa 99%.

chruthaíonn an 1% rachmasach agus a fhágann an chuid eile againn sa 99%.

Seachas daoine a bheith ag labhairt faoi athrú ar an gchórais, síleann muid a mhór de go bhfuil duine eile ‘dár gcuid’ ag fáil suim airgid atá dochosanta.

Níl aon rud cearr le Rory McIlroy mar dhuine. Tá an chuma air, ón mbeagán atá ar eolas againn faoi, gur duine cothrom go maith é. Duine a bhfuil tallann as an ngnách aige agus fear óg a bhaineann sult as cuimse as imirt an cluiche is ansa leis.

Ach ní laoch de mo chuid é.

Is laoch agamsa an duine a bhfuil meon eile aige le cois ar a thallann spóirt nó ceoil nó siamsaíochta.

Meon a thabharfadh air an rud doshamhlaithe a shamhlú agus a dhéanamh.

Ar iomlán an phléisiúir a thugann an spóirt agus an tsiamsaíocht do dhaoine, is é an t-airgead agus an dóigh a úsáideann daoine airgead a dhéanann buan-difear suntasach do shaol bhunús na ndaoine, go háirithe do shaol na mbochtán.

Tá mise ag fanacht go fóill leis an gcéad laoch spóirt, siamsaíochta, ceoil, dár gcuid a déarfadh linn, ‘Tá sé maith go leor a chairde, thig liomsa maireachtáil ar €1m sa bhliain agus tá mé leis an gcuid eile a thabhairt d’fhondúireacht a dhéanfaidh leas do na daoine bochta.’

Sin rud a thógfadh misneach.

Deis caillte agus muid fillte arís ar na trinsí

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin



TÁ go leor cainte déanta faoi bhratacha Bhéal Feirste....ach tá tuilleadh fós le déanamh. Ag éisteacht dom le díospóireacht bhríomhar idir colúnaí leis an ‘Irish Examiner’, Victoria White, agus mo shean-chomrádaí le Lá Nua, Máirtín Ó Muilleoir, comhairleoir tofa in athuair ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, faoin gceist ar chlár Chormaic Uí Eadhra ar Raidió na Gaeltachta, rith roinnt smaointe liom.

Ar dtús, thar aon díospóireacht eile a bhí cloiste agam ar na meáin, chuaigh an plé go croí na ceiste.

Cinnté, tá go leor aineolais ó dheas den teorainn faoi cheisteanna chigilteacha an Tuaiscirt, ceisteanna a bhaineann le bratacha agus siombalachta agus a leithéid.

Glacaim leis an méid a deir Máirtín Ó Muilleoir, gur spreag an UUP agus an DUP go leor den trioblóid le 40,000 bileog bolscaireachta a scaip siad in oirthear Bhéal Feirste ag cur in iúl do vótóirí an cheantair go raibh an ‘spéir

le titim’.

Cleas a bhí ansin chun imeallú a dhéanamh ar Fheisire Westminster an Alliance sa toghcheantar, Naomi Long, a bhain a shuíochán de Peter Robinson in Olltoghchán 2010. Phléasc an cleas in aghaidh na nAontachtaithe agus bhí orthu ‘Fóram Aontachtach’ a bhunú le deis a thabhairt dóibh éisteacht le gearáin a leantóirí.

Léiriú laige é seo, cé gur féidir go mbeadh toradh fóna as do na páirtithe Aontachtacha. Mo bharúil féin, nár chaill páirtithe Aontachtacha na Sé Chontae deis riamh le deis a chailleadh. Tá leathnaigh na staire breac lena mbotún agus reiligi an Tuaiscirt lán dá réir. Ní gá ach leabhair Mháirtín féin - Comhad Comhairleora agus ‘Dome of Delight’ - a léamh le léargas cruinn a fháil ar an dochar a rinne siad i Halla na Cathrach.

Ciallaíonn an cinneadh seo, Brat an Aontais a bhaint anuas de Halla na Cathrach, go bhfuil SF agus an SDLP ag dul sa bhearna bhaoil. Tá an chontúirt ann go bhfuil siad ag léiriú an cineál céanna easpa eagna a léirigh na móraimh Aontachtacha a chuaigh rompu.

Is furasta a fheiscint cén fáth go ndéanadh SF agus an SDLP an botún a bheith chomh neamhthuisceanach céanna ar an mionlach Aontachtach is a bhí na hAontachtaithe leis na Náisiúnaíthe agus iad ina móramh.

Cinnté tá an saol athraithe. Tá an móramh anois ag an bpobal náisiú-



Dilseoirí ag agóidíocht i mBéal Feirste tráthnóna Dé Sathairn; thosaigh an lá go síochánta ach d'imigh rudaí in olcas ina dhiaidh sin le caismirtí in Oirthear Bhéal Feirste.

[PHOTO: PHOTOCALL IRELAND]

nach. Cinnte níl sa bhrat ach siombail amháin as na céadta atá i Halla na Cathrach agus tá siad nach mór ar fad ag taobhú leis an treabh Briotanach/Aontachtach.

Tá go leor eile le hathrú, áfach, sula dtagaimid go dtí an bhrat. Cad é an seans anois, mar shampla, go mbeadh comharthaíocht dátheangach i Halla na Cathrach agus i gceantair na cathrach ina bhfuil an Ghaeilge i mbéal an phobail?

Cad é an seans go bhfaighidh An Cheathrú Gaeltachta, aisling íontach Mháirtín agus phobal na Gaeilge in iarthar na cathrach, an tacaíocht chuí chun céim shuntasach chun tosaigh a dhéanamh?

Más bua é seo, go bhfuil brat na Breataine bainte anuas gach lá ach an 17 éigean lá ainmnithe, is bua Piorrach é, creidim. An oiread le haon duine a chreideann in Éire aontaithe mar fhíor-phoblacht, ba mhaith liom an lá a fheiscint nach mbeadh bratacha eachtrannacha le feiscint ach mar chúirtéis ar fhoirgnimh ar an oileán seo.

Tuigim, mar shampla, gur gheall Comhaontú Aoine an Chéasta chomhurrann do gach traidisiún ar an oileán agus gurb é sin an fáth gur vótáil go leor poblachtóirí ar a shon, fiú is gur thuig siad go leanfadh na Sé Chontae sa Ríocht Aontaithe go dtí lá níos faide anonn.

Ach má ghlacann tú leis go raibh deireadh leis an streachailt armtha agus ná raibh tairbhe leis, caithfidh tú glacadh leis freisin go mbeadh modh nua oibre agus cur chuige iomlán éagsúil de dhith chun athrú a dhéanamh ó ré an chogaidh go ré na síochána.

Feictear domsa go bhfuil an cogadh ag leanúint go fóill ach i mbealaí nach bhfuil doirteadh fola mar thoradh láithreach ar na gníomhartha.

An bhfuil deis anseo chun páirtíocht nua a thógáil as an mbruscar? Is cosúil

ó na comharthaí sóirt go bhfuil na deighiltí níos doimhne ná riamh. Tá Fóram na nAontachtach ann agus Aontachtaithe ag labhairt le hAontachtaithe ann. Tá ceannaire Shinn Féin ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, an Comhairleoir Jim McVeigh, ag tarraingt bhrat na daonlathais chuige féin agus ag maíomh go caithréimeach nach dtiocfaidh an brat anuas.

Is dócha go bhfuil go leor a chreideann gur dána an mhaise do Victoria White agus domsa, fiú, a bheith ag sá ár srón sa ghnó seo, gnó a bhaineann le Béal Feirste. Baineann an cheist seo linn go léir, áfach, mar fiú mura mbeimid féin beo don lá a mbreacfaidh an ghrian ar oileán aontaithe, caithfidimid tosú ag obair air anois le chéile.

Sa chomhthéacs sin, is mór an trua nár cuireadh na múrtha fáilte roimh Willie Frazer agus a chomhghleacaithe a theacht go Baile Átha Cliath agus, in éineacht leis, sciar ionadaíoch de phobal náisiúnach de na Sé Chontae.

Ba cheart dúinn an Seanad a oscailt agus a chur ar fáil do phlé oscailte agus réasúnta idir Éireannaigh de gach dath chun na ceisteanna seo agus ceistean-na eile a bhaineann le haontas níos fearr a chothú idir na faicsin éagsúla a phlé mar a pléadh ceist chonspóideach na ginmhillte.

Is cosúil, ochón, go bhfuil an doras sin dúnta orainn anois agus go bhfuil na trinsí ag feitheamh orainn le tosú arís ar chogadh na mbriathar.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Litir ó H-Blocanna na Ceise Fada



Donncha Ó hÉallaithe

Fiche cúig bliain ó shin cuireadh litir ó na H-Blocanna ag an nuachtán seachtainiúil, ANOIS, ag gearán faoin sagart Denis Faul (1932 - 2006). Ba ghnách leis an Athair Faul aifreann a rá gach Domhnach i gCampa na Ceise Fada. Ba as Contae Lú é ó dhúchas an tAthair Faul ach le linn na dTrioblóidí ó Thuaidh is ag obair in Acadamh Naomh Pádraig, i nDún Geanainn a bhí sé.

Le linn na coimhlinte i dTuaisceart Éireann, ba mhínic é ar na meáin ag cáineadh Rialtas na Breataine faoin gcaoi a bhítear á chaitheamh le Caitlicigh i dTuaisceart Éireann agus faoin gcaoi a raibh Cearta Daonna na bpríosúnach poblachtach á sárú ag Rialtas na Breataine. Cháineadh sé chomh géar céanna ceannairí na Sealadach (Sinn Féin agus an PIRA) faoin

bhfeachtas míleata a bhí ar bun acu: thugadh sé ‘dúnmharfóirí’ orthu go minic. Bhí sé géar ar an dá thaobh.

Bhí caidreamh maith aige leis na príosúnaigh Phoblachtacha sna H-Blocanna go dtí gur thit an Stailc Ocras as a chéile i mí Dheireadh Fómhair 1981. Agus deichniúr básaithe de bharr na stailce ocras, chuir Denis Faul i leith Gerry Adams go poiblí go raibh Adams ag iarraidh fad a bhaint as an stailc ocras ar mhaithe le buntáiste polaitíochta dó féin agus do Shinn Féin.

Chuir Denis Faul brú ar theaghlaigh na stailceoirí ocras impí orthu éirí as. Bhí sé an-deacair do mhac a bhí ar leaba a bháis diúltú dá mháthair a bhí ag iarraidh air glacadh le fóirithint leighis len é a choinneáil beo.

D'oibrigh an tseift, le beirt i dtosach. Lean ceathrar eile sampla na beirte sin agus is garr ina dhiaidh sin gur thit an stailc ocras as a chéile, gan aon ghéilleadh déanta ag Rialtas na Breataine d'éilimh na stailceoirí. De bharr idirghabhála Denis Faul le gaolta na stailceoirí, chaill na Sealadaigh smacht ar stiúrá na stailce ocras agus níor maitheadh riamh dhó é.

Má thuill Denis Faul creidiúint go forleathan faoin bpáirt a d'imir sé an uair sin le beatha stailceoirí ocras a shábháil, níor thuill sé óna Sealadaigh ach naimhdeas, maslaí agus gangaid. Baistíodh ‘Denis the Menace’ air. Tugtar le fios sa litir seo thíos, gur dhiúltaigh na príosúnaigh sa sciathán PIRA de na H-Blocanna, aon bhaint a bheith acu leis an Athair Denis Faul ina dhiaidh sin.

ANOIS, 17 Eanáir, 1988

'Níos mó eolais ag Paisley ná mar atá ag an Ath. Faul...'


‘Eoghan Mac Cormaic, Oifigeach Caidrimh Phoiblí, H-Blocanna, Ceis Fhada.

‘Tá mé tar éis cóip de ANOIS 27.12.1987 a fháil agus, ar léamh Cogardom, feicim go bhfuil trácht déanta arís ar an Athair Denis Faul agus na cimití i gCeis Fhada (nó Campa Chluain

Ceise). Caithfear deireadh a chur leis na bréaga leanúnacha seo: níl baint ar bith ag cimití Poblachtacha i gCeis Fhada leis an Athair Faul ná aigesean leo.

Tá níos mó ná ceithre bliana caite ó léigh Denis Faul Aifreann i sciathán Poblachtach sa champa géibhinn seo. Cuireadh ruaig air ag na cimití tar éis a dhrochiompair le linn na stailce ocras sa bhliain 1981, agus cé gur lean sé air ag teacht chuig an sciathán Poblachtach go dtí 1983, ní raibh tromlach na gcimití sásta dul ar Aifreann fad is a bhí sé ann. Bhí sé ag cáineadh Ghluaiseacht na Poblachta lasmuigh den charcair agus ag tabhairt le fios go raibh bá aige leis na cimití laistigh di. Ní rabhamar sásta leis sin toisc gur chuid de Ghluaiseacht na Poblachta sinne, agus bhí an sagart glic sin ag mí-úsáid a chuairteanna ar an bpríosún chun ionsaithe sochreidte a dhéanamh ar ár gcomrádaithe lasmuigh de na ballaí.

Is ea, bíonn an tAthair Faul i gCeis Fhada gach Domhnach ach is ar son na gcoirpeach, agus na bpríosúnach neamhpholaitiúil, a bhíonn sé ag léamh Aifrinn. Deirim arís, ní bhíonn



An tAthair Denis Faul
[PIC: PHOTOCALL IRELAND]

sé i sciatháin Phoblachtacha riamh, ó 1983 i leith. Ní labhraíonn sé ar ár son, agus leis an bhfírinne a rá, tá níos mó eolais ag Ian Paisley ar bharúlacha na gcimití Poblachtacha ná mar atá ag Denis Faul. Ní thuigimid an fáth a mbíonn sé ag ligean air go mbíonn sé ag labhairt le cimití; dá mba dhuine macánta é, d'admhódh sé nach mbíonn fáilte ar bith roimhe i measc na gcimití Poblachtacha.'

Eagarfhocal



Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Tá gá le hathbhreithniú ar Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh

Is dia beag é Comhaontú Pháirc an Chrócaigh, an socrú sin idir na Ceardchumainn agus an rialtas a rinneadh in 2010.

Ní nach ionadh, tá an rialtas ag iarraidh é a athrú anois.

Bhí €3.3 billiún le sábháil faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh idir 2013-2015 ach tá an rialtas ag iarraidh €1 billiún breise a ghearradh lena chois sin.

Tá a fhios acu an méid dochair pholaitiúil a dhéanfar dóibh má ghearrann siad an t-airgead sin ó phinsinéirí, ó dhaoine le míchumas nó ó dhreamanna leochaileacha eile. Ach go bunúsach, tá na ceardchumainn ag diúltú d’aon athrú. Tá sé sin intuigthe.

Tá na ceardchumainn ag rá go bhfuil na moltaí diana atá déanta ag an rialtas ag cur an chomhaontaithe i mbaoil, ach is margáil atá ar

bun ag an dá dhream.

Cinnte, tá ceardchumainn ann chun cearta na n-oibrithe a chosaint ach tá siad ann freisin chun suimeanna a gcuid ball a chosaint thar aon rud eile agus ní hionann sin agus cearta na n-oibrithe i gcoitinne i gcónaí.

Ní ceart go mbeadh na ceardchumainn ann chun pribhléidí agus mí-éifeacht a chosaint ach is minic a bhíonn an chuma sin ar an

scéal. Ar an chéad amharc, níl sé ceart aon athrú a dhéanamh ar an gComhaontú ach tháinig athrú ar an tsaol ó déanadh é.

Níl sé ceart go dtitfidh ualach na gciortuithe ar oibrithe na hearnála príobháidí amháin.

Uime sin, tá an ceart ag an rialtas an Comhaontú a athrú agus sin a dhéanamh gan mhoill.

Scáil na hath-chríochdheighilte ar spuaiceanna gruama an Tuaiscirt

Níor aontaíodh a dhath i ‘gComhaontú’ Aoine an Chéasta; ‘fudge’ ollmhór a bhí ann; aontaíodh gan aontú agus fágadh gach rud do lá eile.

Ach luath nó mall, tagann na hábhair chonspóide sin chun tosaigh agus caithfear plé leo de réir a chéile.

Tá sé sin feicthe againn le breis agus daichead lá agus oíche d’agóidí ar fud an Tuais-

cirt, ach in oirthear Bhéal Feirste go háirithe.

Tuairim is deich mbliana ó shin, ba léir go raibh ar Bhriotánaigh / Protastúnaigh, Aontachtóirí más maith leat, le bheith ina mionlach amach anseo.

Mar sin de, bhí rogha le déanamh acu, idir an t-aontas agus t-aontachas. Thiocfadh leo ceann amháin acu a bheith acu ach ní bheadh an dá cheann le chéile acu. Is léir

anois gur roghnaigh siad aontachas.

Ní féidir leis an ‘aontachas’ Caitlicigh a mhealladh chuig cúis an ‘aontais’ agus más cinnte an rud é nach mbeidh aon ‘Éire Aontaithe’ ann inniu nó amárach, ní féidir a bheith cinnte faoi sin fiche bliana amach anseo.

Tá go leor cainte ann faoi ‘Thodhchaí Roinnte’ ach níl ansin ach caint mar gur tod-

hchaí roinnte ‘Éireannach’ nó ‘Briotanach’ a bhíonn i gceist ag daoine.

Mar atá luaite ag Aindrias Ó Cathasaigh, thiocfadh dó nach “athaontú na tíre atá i ndán ach ath-chríochdheighilt.”

Le Protastúnaigh agus Briotánaigh anois ar 48% den phobal ó Thuaidh, níl ann ach ceist ama go dtosófar ag caint ar ath-chríochdheighilt faraor.

LITREACHA chuig an Eagarthóir



Cuirtear litreacha chuig litreacha@gaelsceal.ie. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Fadhb na bulaíochta

A chara,
Cloch mhór atá ar ár bpaidrín sa lá atá inniu ann í an bhu-laíocht. Is gné den saol é. Bhí sé ann riamh ach tá forbairt tagtha ar an gcineál bulaíochta a bhíonns ar siúl ag daoine óga anois ós rud é go bhfuil uirlisí nua tagtha ar an bhfód a chabhraíonn leis na bulaithe dul i bhfolach agus dul sa tóir ar dhaoine ar líne.

Níl in aon bhu-laí ach meatachán agus cabhraíonn na suíomhanna nua seo leo dul i mbun gnó gan aon ainm a chur leis an ionsaí nimhe a dheineann siad ar na híospartaigh bhochta. Tá daoine ag fulaingt i scoileanna ar fud na tíre leis an leatrom seo.

Ag fulaingt go ciúin, uaireanta gan aon chabhair. Is domhan fíor- uaigneach é an domhan ina mhaireann na daoine bochta seo agus tá sé feicthe againn le déanaí cad a tharlaíonn nuair a cheapann duine óg nach bhfuil aon bhealach éalaithe fágtha acu seachas lámh a chur ina mbás fein.

Tá ár tsochaí ag teip ar na daoine seo. Tá ár bpolaiteoirí ag teip ar na daoine seo agus tá ár scoileanna ag teip ar na daoine seo. Níor chóir go mbeadh eagla ar aon dalta in Éirinn dul ar scoil nó dul ar líne.

Níor chóir go mbeadh aon suíomh ann do dhaoine óga a thugann cead tuairimí a thabhairt gan logáil isteach trí Facebook, Twitter nó Yahoo. Ní mór do na scoileanna troid níos fíochmhaire in aghaidh na mbulaithe agus an cultúr a athrú faoin "omerta" a bhíonn i réim uaireanta i measc na ndaltaí i dtaobh na bulaíochta. Ní mór do pholaiteoirí gníomhú níos mó chun an fhadhb a réiteach chomh maith.

Chuaigh cailín óg ó chontae Chiarraí i dteangbháil leis an bhfile iomráiteach Dave Lordan le déanaí ag lorg cabhrach ós rud é go raibh sí ag fulaingt ar scoil. Tá feachtas frithbhulaíochta ar siúl ag Dave fé láthair sna scoileanna agus bhí sí ag lorg comhairle uaidh don chruachás ina raibh sí.

Spreag sin Dave chun dán a scríobh di. D'aistríos an dán go Gaeilge an lá cheana agus b'fhéidir go mbeifeá é a chur i gcló i nGaelscéal má cheapann tú go bhfuil sin oiriúnach.

Bheadh sé deas guth a thabhairt do na daoine seo atá ag fulaingt chun droim láimhe a thabhairt don bhu-laíocht amach anseo!

Le gach dea-ghuí,
Ciarán Ó Ceallaigh

Is duine mise

(Do chailín óg atá ag iarraidh freastal ar scoil i gCo Chiarraí in ainneoin na mbulaithe)
An bhfeiceann tú mé? Féach orm!
Is duine mise,
Feoil, fuil agus mothúcháin.
Dá bharr sin is féidir mé a ghortú.
Is féidir mé a ghortú go dona.
Is féidir ainmneacha a thabhairt orm. 'S féidir spochadh asam.
Is féidir bréaga d'insint fúm. 'S féidir mé a bhualadh.
Is féidir seile a chaitheamh liom.
Is féidir an t-uaigneas a chur in aithne dom mar chara.
Is féidir fearg fé leith a chur orm.
Is féidir mé a chur a' caoineadh.
Is féidir fuath a chothú ionam agus mearbhall a chur orm,
Go dtí nach mbeidh mé ag iarraidh aon rud a mhothú.
ACH tá an t-inneach ionam chomh maith,
Mar is duine mé.
An Spiorad, an Grá agus an Damhsa.
Tagann an Damhsa le chéile leis an Spiorad agus an Grá
Is ansin tá mé láidir agus buan.
Tá mo chroí ag rince le spiorad agus grá.
Maolaíonn sé an fuath agus briseann sé na lancaisí.
Cuireann sé an ruaig ar na spochadóirí.
An Damhsa agus an Spiorad agus an Grá lena chéile,
'Gus amhráin na saoirse á rá:
Uaireanta bíonn tú in ifrin,
Is uaireanta bíonn tú ar neamh,
Gliondar croí ort ar an Luan,
Is an Aoine brónach leamh.
Roithleagán ró atá sa saol,
Fáinne fí na beatha,
Tá tine ar lasadh ar an ngaoth,
Is muidne trína chéile.
An crá croí 'is an chraic, na buillí 'is na barróga:
Tagann siad is imíonn siad,
Tagann an chinniúint chun cinn,
Is féidir aon rud a shárú,
Níl ann ach céimeanna ag céilí an tsaoil.
Déanfaidh mé damhsa ort; is an tsaoirse im'ghlac,
Stoirm gaoithe ag bualadh ar na fothraigh.
Déanfaidh mé dearmad ortsa,

Mar a dheineann an ghaoth dearmad
Ar gach drochní fén ngrian.
Ansin beidh mé saor,
Is ag damhsa,
Nuair a bheas tusa glan dearmadta,
Beidh damhsa na saoirse á dhéanamh agamsa.
Sin a dheineann daoine.

Aistrithe ón dán a scríobh Dave Lordan 'Because I'm Human' 2012

'Ceachtanna gramadaí ar fáil sna seanleabhair

A chara,

Bím ag deanamh comparáide an t-am go léir idir scríbhneoireacht na sean-aimsire agus an lae inniu agus breacann sé orm go bhfuil difríocht ollmhór eatarthu maidir le stíl, smaointe, ráitisí agus téama bunúsach. Ní nach ionadh, deireann tú liom-nach ollmhór an difríocht Aoise atá i gceist agus tuigim sin. Tá féith na scríbh-neoireachta ag údair agus 'cumadóirí' an lae inniu gan dabht agus árd-mheas agam ar na scríbhneoirí a thoghaim féin, nuair a théim ag lorg Leabhair Gaeilge!

Ach is iontach an stiuf atá i gcuid des na sean-leabhair agus an chiall gasta, aibidh a rith tré meabhar an duine a bhí i mbun chúrsaí phinn. Féach ar an leabhar-scoile "Jimín" a thosaíonn i gCaibidil 1 leis an ceann-líne simplí sin ... 'Mar tháinig Jimín ar an saol is mar a chuir sé dúil i gciste milis'. Nuair a leanann tú ar aghaidh leis an scéal tuigtear don léitheoir go bhfuil togha ghrinn agus neart scéalaíochta ag dul tríd ó thús deireadh.

Faightear an Tuiseal Tabharthach, Ginideach agus Aimsir Fháis-teanach, Caite, Módh Coinníollach in aon abairt amháin, uaireannta agus sílim gurbh é sin aidmh an scríbhneora ag an am mar bhí cúrsaí Gramadaí an-tabhachtach don scoláire, ag tabhairt aghaidh ar fhogh-laim na Gaeilge. Bhí Jimín féin ana cheanúil ar an gciste uachtair agus sciob sé greim dó féin nuair a fuair sé seans! "Tháinig dúil mhal-laithe agam féin ann nuair a fuaireas an boladh agus nuair a d'imigh Mam in airde staighre bhaineas oiread a' frí as an gciste..."

Sea bhi ceacht gramadaí, frása álainn agus pleidhchíocht Jimin insan abairt sin agus is é sin a mheallann mise thar nais arís is arís eile ag baint taithnimh as an teacs-leabhair iontach céanna.

Eilís Uí Bhriain
Corcaigh

I MEASC AN PHOBAIL



Maria Ní Chuireáin agus Proinnias Ó Gallchóir as Gaoth Dobhair ag ceiliúradh lá breithe 18 mbliana d'aois i gcuideachta a gcairde i gClub Theach Chumann Gailf Ghaoth Dobhair.

Scoil Náisiúnta na Croise Naofa (Holy Cross) (Chun tosaigh ó chlé): Sarah Fahey, Patrick Flynn, Adam Kiely, Caoimhe Moloney, Cameron Kent & Bronagh Hayes. Ar chúil: John Kindlan, Príomhoide; Joni Swift, Múinteoir; Joanne Rothwell, Cartlannaí an Chontae; Máire Seó Breathnach, Oifigeach Gaeilge an Chontae; Nora O'Connor, Leas-Phríomhoide, Annette Hourihane, Múinteoir & Claire Cully, Múinteoir. Mar chuid de Thionscadal Logainmneacha an Chanónaigh de Paor. Dhein daltaí sna scoileanna taighde ar a gceantair áitiúla agus labhair siad le daoine áitiúla chun fianaise a bhailiú maidir le hainmneacha na bpáirceanna ina ndúichí féin. Bhailigh siad scéalta áitiúla agus rinne siad taighde ar léarscáileanna agus ar chartlanna chun ainmneacha páirceanna agus gnéithe logánta a fháil amach



An láithreoir Dáithí Ó Sé a rinne Comórtas Bhonn Óir Seán Uí Riada a sheoladh an tseachtain seo caite agus é in éineacht le Peadar ó Riada, atá ag reáchtáil an chomórtais le trí bliana anuas. Beidh iomaitheoirí ó thíortha ar fud an domhain ag dul ar stáitse san Rochestown Park Hotel i gCorcaigh agus beidh an t-iomlán le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta, Dé hAoine 18 Eanáir 7-9i.n agus le feiceáil ar www.cuireadhchuniceoil.ie. Ba é an fliúiteadóir Tim McHugh as Baile Uí Fhiacháin i gCo. Mhaigh Eo a thug leis an chraobh anuraidh.



Le gairid, bronnadh Gradam Ghael Linn, ar an dalta ab airde marc sa Ghaeilge ag A2, ar Shorcha Ní Chearúlláin, Coláiste Chnoc na nDealg, Doire. Sa ghrianghraf ó chlé, tá Fearghal Mag Uiginn (Ceann Roinne na Gaeilge agus múinteoir Shorcha ag A2), Réamonn Ó Ciaráin (Bainisteoir le Gael Linn), An múinteoir Siobhán McAteer (L.P.), Siorcha Ní Chearúlláin (tú áit sa Ghaeilge), An múinteoir N. Faulkner (Roinn na Gaeilge) agus An múinteoir P. Mullin (Roinn na Gaeilge).



S.N. Ghlór na Mara (ó chlé):Chun tosaigh: Catherine Goulding, Eimear O'Mahony, Darragh Walsh, Dean Crowley, Aaron Dunne, Zara Breslin & Ashna Mariya. Ar chúil: Joanne Rothwell, Cartlannaí an Chontae; Pat O'Mahony, Príomhoide; An tUasal Bolger, Múinteoir; agus Máire Seo Breathnach, Oifigeach Gaeilge, Comhairle Contae Phort Láirge. Cuireadh a gcuid oibre ar thaispeántas in Ionad Cultúrtha Gharda an Chósta sa Trá Mhór le déanaí, mar chuid d'fhéile chultúrtha Thionól an Fhómhair, agus beidh sé ar fáil go buan ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Phort Láirge (faoi roinn na gCartlann) go luath.



Siamsóir 'thuas san aer' ar Shráid na Siopaí i gcathair na Gaillimhe le linn na seachtaine.
GRIANGHRAF JOE O' SHAUGHNESSY



Éamonn Ó Cuív, T.D. Fianna Fáil, Seán Kyne, T.D. Fine Gael, Brian Ó Maoilchiaráin, Príomhoide Choláiste an Eachréidh, Trevor Ó Clochartaigh, Seanadóir, Sinn Féin, agus Caoimhín Ó Maoilálaigh, Comhaontas Glas, i gcuideachta chuid de na daltaí Idirbhliana ó Choláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí a d'eagraigh Fóram Polaitíochta ar na mallaibh. Bhí an Fóram faoi stiúir na ndaltaí féin. I measc na n-ábhair a d'ardaigh siad leis na polaiteoirí bhí deontais do mhic léinn 3ú leibhéal, cúrsaí eacnamaíochta, cánacha tí agus uisce, ganntanas post agus eisimirce, trioblóidí ó Thuaidh, gimhilleadh, fis nua don tír agus 2013 - bliain na Gaeilge.

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

EOLAÍOCHT

Ticéad singil, go Mars, le

Tá togra san Ísiltír ag beartú daoine a chur go Mars in 2023. Coinníoll amháin atá leis, áfach, ná gur turas aontreo a bheidh ann do na spásairí a rachaidh ann.



Colm Ó Broin

Ceann de na tréithe is suntasaí faoin gcine daonna ná an dúil atá againn taiscéalaíocht a dhéanamh. Tá daoine ag cur fúthu i ngach cearn den domhan seachas an tAntartach agus tá dúil aisteach ag daoine na sléibhte is airde nó na cainneoin mhara is doimhne a bhaint amach.

Is beag áit ar domhan atá fágtha gur féidir an dúil taiscéalaíochta seo a shásamh. Bhain daoine an ghealach amach os cionn 40 bliain ó shin, ‘céim ollmhór don chine daonna’ a bhí ann ag an am. Céard é an chéad chéim eile mar sin?

Is í Véineas an pláinéad is cóngaraí dúinn, ach is geall le hifreann í i gcomparáid leis an domhan seo. 464C meánteocht an phláinéid.

Tá Mars níos faide uainn ná Véineas ach is é an sprioc is ‘réalaíoch’ é ó thaobh na taiscéalaíochta spáis de, in ainneoin gur lúide 63C meánteocht an phláinéid. Tá iliomad constaic le cloí sula leagtar cos ar an bPláinéad Dearg, ach dar le moladh radacach atáthar a phlé, tá bealach ann chun an chuid is mó acu a sháru.

An moladh ná go dtógfadh spásairí turas aontreo go Mars, is é sin, nach dtiocfadh siad ar ais go dtí an domhan seo go deo arís. Tá grúpa neamhbhrabúis san Ísiltír ag beartú daoine a chur go Mars amach anseo agus d’fhógair siad na riachtanais atá á lorg acu ó spásairí an tseachtain seo caite.

Ceann de na coinníollacha a bhaineann leis an turas stairiúil ná gur aistear turas aontreo a bheadh ann.

“Is féidir an pláinéad a bhaint amach in 2023”

Dar le ‘Mars-One’, is féidir an pláinéad



Íomha grafach den lonnaíocht atá beartaithe ag Mars One.

a bhaint amach in 2023, sprioc atá deich mbliana níos luaithe ná na tuartha atá déanta ag NASA.

Cé go bhfuil daoine ann atá in amhras faoi Mars-One, tá tacaíocht léirithe don turas aontreo go Mars ag daoine mór le rá i saol na taiscéalaíochta spáis.

Tá NASA féin i measc na ndreamanna atá ag déanamh machnaimh ar an rogha agus tá sé molta ag daoine ar nós Laurence Krauss agus Paul Davies ó Ollscoil Arizona, Dirk Schulze-Makuch ó Ollscoil Washington agus Buzz Aldrin, an dara duine a leag cos ar an ngealach.

Tá comparáid déanta ag Aldrin agus eile idir daoine a bheadh sásta ticéad singil a fháil go Mars agus na hoilithrigh a tháinig go Meiriceá ón Eoraip san am atá thart. Bhí an-bhaol ag baint leis na turais sin agus ní raibh mórán cosúlachta ann go bhféadfaidís teacht ar ais.

Glaotar ‘Mars to Stay’ ar an moladh go dtógfadh spásairí ticéad aontreo go Mars, ach cén fáth go bhfuil daoine ag moladh rogha radacach mar sin?

An phríomhchúis ná costas. Ag scríobh dóibh don Journal of Cosmology, dúirt Davies agus Schulze-Makuch go bhféadfaí suas le 80% den chostas a bhainfeadh le turas go Mars a laghdú

mura mbeadh turas fillte i gceist.

Maíonn Mar-One go gcosnóidh an togra \$6.5 billiún san iomlán ach tá an-amhras faoin bhfigiúir sin.

“Measúnaithe ó \$50 billiún go dtí \$500 billiún”

Tá sé thar a bheith deacair an costas a bhainfeadh le turas go Mars a mheas, de réir David Moore ó Réalteolaíocht Éireann.

“Tá measúnaithe ó \$50 billiún go dtí \$500 billiún feicthe agam, ach cá bhfios, measúnaithe garbha atá iontu agus tá sé feicthe againn go minic go dtéann tograí thar bhuisead. D’fhéadfaí náid bhreise a chur le measúnú ar bith a dhéantar anois. Chosain an Mars Rover \$2.5 billiún ach ní fhéadfadh sé beatha a chothú ná baol air.”

“An fáth go bhfuiltear ag caint faoin moladh seo ná an costas a bhainfeadh leis an turas ar ais. Bheadh ort roicéad a thógáil a bheadh in ann dul go Mars le dóthain breosla agus cumhachta chun an pláinéad a fhágáil agus teacht ar ais go dtí an domhan seo. Méadaíonn sé sin an costas go mór.

“Tá moladh eile ann (dar teideal ‘Mars Direct’) go bhféadfaí an breosla don turas abhaile a dhéanamh ar Mhars é féin áfach.”

Thógfadh sé ar thart ar shé mhí le

Is í Véineas an pláinéad is cóngaraí dúinn, ach is geall le hifreann í i gcomparáid leis an domhan seo. 464C meánteocht an phláinéid. Tá Mars níos faide uainn ná Véineas ach is é an sprioc is ‘réalaíoch’ é ó thaobh na taiscéalaíochta spáis de, in ainneoin gur lúide 63C meánteocht an phláinéid.

Mars a bhaint amach agus bheadh cúpla baol sláinte do na spásairí ag baint leis an turas seo, ina measc, radaíocht ón ngrian agus na spásairí ag eitilt go Mars. Ceann eile ná an dochair a dhéanann easpa domhantarraingthe n gcorp.

“Ídíonn corp an duine gan domhantarraingt Fiú má dhéanann tú go leor leor aclaíochta, caillfidh tú cailciam i do chnámha, rud atá do-iompaithe,” arsa Moore. “Mar sin dá mbeadh turas ar ais le déanamh ag spásairí mhéadódh sé seo an dochair a dhéanfaí dóibh.”

Níl bheadh an fhadhb chomh dona ar Mhars féin, áfach.

“Tá domhantarraingt Mhars thart ar aon trian chomh láidir is atá ar an domhan seo, ach níor cheart go gcothódh sé sin mórán fadhbanna do dhaoine ar an bpláinéad, cé gur cosúil áfach go mbeadh tionchar éigin aige ar dhaoine,” ar seisean.

“Cén chaoi a dhéanfaí é?”

Dá mbeartófaí togra ‘Mars to Stay’ a chur i gcrích, cén chaoi a dhéanfaí é?

De réir Mars One, dhéanadh na spásairí a roghnófaí traenáil ar feadh deich mbliana sula rachaidís chun bealaigh. Deir siad go bhféadfaí eitilt gan daoine a chur chuig an bpláinéad roimh ré le hábhar cothabhála agus ábhar tógála chun lonnaíocht a thógáil. Tá siad ag beartú feithicil ar nós an Mars Rover a chur ann in 2018 agus tá sé i gceist acu go mbeadh gach rud réidh do na spásairí in 2021. D’fhágfadh ceathrar spásairí an domhan i mí Meán Fómhair 2022 agus shroichfeadh siad Mars in 2023.

Rachadh spáslong chuig an bpláinéad le ceathrar eile ar bord gach ré bliain ina dhiaidh sin chun an lonnaíocht nua a mhéadú. Bheadh siad ag brath ar ábhar ón domhan seo i dtosach báire ach bheadh sé go hiomlán féinchothaíoch amach anseo, de réir na teoirice.

do thoil

Molann Mars One go mbeadh na spásairí ag cur fúthu in ‘aonaid bheatha’ (féach thuas) ach dar le Davies agus agus Schulze-Makuch ní mór go mbeadh siad lonnaithe i bpluaiseanna ar an bpláinéad, le cosaint a thabhairt dóibh ó radaíocht.

Níl aon ózón ar Mhars, rud a chiallaíonn go sroicheann gathanna baolach UV dromchla an pláinéad.

Ó thaobh cothabhála de, deir David Moore go bhfuil féidearthachtaí áirithe ag baint le Mars.

“D’fhéadfaí cré Mhars a úsáid chun barraí a fhás,” ar seisean. “Tá uisce le fáil sa chré chomh maith agus bheadh sé éasca go leor é a bhaint as ionas go bhféadadh daoine é a úsáid.”

Córas éiceolaíochta dúnta a bheadh ann is cosúil. Dhéanfaí athchúrsáil ar dhramhaíl orgánach laistigh den lonnaíocht. Is cosúil go mbeadh feoil-seántóireacht riachtanach, óir ní bheadh sé éifeachtach ainmhithe a thógáil ar an bpláinéad.

Dar le Davies agus Schulze-Makuch bheadh dóthain daoine ann chun an chéad ghlúin a bheirfaí ar Mhars a thógáil nuair a bheadh 150 duine ar an bpláinéad.

Táthar ann a deir gur féidir atmaisféar Mhars a athrú ionas go mbeadh sé cosúil leis an domhan seo amach anseo. Níor mhór an méid CO₂ san atmaisféar a mhéadú chun teocht an phláinéid a ardú, agus an méid O₂ a mhéadú chomh maith ionas go mbeadh daoine in ann anáil a dhéanamh. Tógadh sé seo suas le 1,000 bliain áfach, dar le Moore.

“500 bliain ó shin is beag aird a bhí ag daoine san Eoraip ar Mheiriceá”

“Spéacláireacht iomlán atá muid ag caint faoi anseo, ach 500 bliain ó shin is beag aird a bhí ag daoine san Eoraip ar Mheiriceá. Anois is é an geilleagar is mó ar domhan é, tír a imríonn tionchar ar na bealaí a smaoineonn daoine timpeall na cruinne. B’fhéidir go mbeidh daoine ag caint faoi Stáit Aontaithe Mhars amach anseo!”

Fiú dá bhféadfaí an togra a dhéanamh go teicniúil an mbeadh mórán daoine sásta ticéad aontreo a fháil go Mars?

Deir Mars One go bhfuil os cionn 1,000 iarratas faighte acu cheana féin, gan próiseas earcaithe tosaithe go foirmiúil acu go fóill. Dar le Davies agus Schulze-Makuch, tá speis léirithe ag leor daoine sa togra de réir suirbhéan-na neamhfhoirmiúla atá déanta acu.

“Smaoineoinn féin air,” arsa David Moore. “Agus daoine ag druidim i dtreo aois scoir nó deireadh a saol d’fhéadfadh siad smaoineamh air,” ar seisean. “Deis a bheadh ann do dhaoine an



Grianghraf ó Mhars a thóg an Curiosity Mars Rover, a sroich an pláinéad anuraidh. D’fhéadfadh daoine maireachtáil ar Mhars dar le roinnt saineolaithe.

chuid eile dá saol a chaitheamh ar son togra stairiúil mar seo. B’fhéidir go gceapadh daoine gur fiú an tairbhe an trioblóid, daoine nach bhfuil páistí acu nó daoine a bhfuil a bpáistí tagtha in aois, go mb’fhearr leo bás a fháil ar Mhars ná bás a fháil ó ailse ar an domhan seo i gceann 20 bliain.”

Ceann de na dúshlán is mó a bhainfeadh le togra dá leithead ná an brú a chuirfeadh sé ar spiorad na rannpháirtithe.

Bheadh siad saite i spáslong beag ar feadh sé mhí agus fiú nuair a sroicheadh siad an pláinéad bheadh siad ina gcónaí le líon beag daoine thar thréimhse fhada.

Rinne an Rúis, an tAontas Eorpach agus an tSín turgnamh idir 2007 agus 2011 darbh ainm ‘Mars 500’ le taighde a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag turas fada ar dhaoine. Chaith seachtar tréimhsí áirithe in aonad speisialta gan aon teagmháil leis saol amuigh. De réir na taighde, níor léirigh éinne acu drochthionchar tromchúiseach ón turgnamh. An fhadhb is mó a bhí acu ná leadrán. Tugadh faoi dheara gur chodail siad níos mó ná an méan, ach ní drochrud é sin, dar leis na taighdeoirí. Bhí fadhb ag duine amháin codladh a dhéanamh, rud a chuir isteach ar an obair a bhí ar bun aige, agus bhí roinnt dúlagair ar dhuine eile.

Tábhacht na síceolaíochta

“Is é an taobh síceolaíochta ceann de na gnéithe is tábhachtaí faoi thuras go Mars,” arsa David Moore. “Bheifeá i do chónaí agus ag obair leis na daoine céanna an t-am ar fad, ceard a tharlódh dá mba rud é go mbeadh aighneas idir daoine ar Mhars?”



Arnold Schwarzenegger ar 'Mhars' sa scannán Total Recall (1990). Tá an scannán suite in 2084 ach tá togra san Ísiltír ag súil le lonnaíocht a thógáil ar an bpláinéad i bhfad níos luaithe ná sin.

Deir Norbert Kraft, iar-thaighdeoir le NASA agus Príomhstíúrthóir Leighis Mars One go bhfuil siad dírithe ar chonas réitíonn na hábhar spásairí lena chéile.

Is iad na critéir ghinearálta atá leagtha amach ná diongbháilteacht, solúbthacht, fiosracht agus cruthaíocht, agus caithfidh tú a bheith in ann muinín a bheith agat i ndaoine eile.

Deir Davies agus Schulze-Makuch go mbeadh teagmháil leis na lonnaitheoirí ar Mhars leis an domhan trí rphost agus modhanna cumarsáide nua-aimseartha eile.

Tá an plean atá ag Mars One thar a bheith uaillmhianach agus tá cuma neamhréalaíoch ar an sprioc atá acu lonnaíocht a chur ar Mhars i gceann 10 mbliana. É sin ráite, tá comhairle á fáil

acu ó 21 duine a bhfuil saineolas acu i réimsí ar nós cumhacht na gréine, radaíocht, róbataic, réalt-bhitheolaíocht, leigheas agus eile.

Ina measc tá daoine a d’oibrigh le NASA agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, mar aon leis an Dr Gerard ‘t Hooft, a bhuaigh duais Nobel don Fhísic in 1999.

Seachas cúrsaí teicniúla nó daonna an cheist is mó ná cé a íocfaidh na billiúin euro atá ag teastáil le dul go Mars?

Cuirfidh comhairleoir amháin eile atá ag Mars One amhras ar go leor daoine faoin togra, Steve Carsey, Príomhoifigeach Cruthaíochta le ITN. D’fhorbair Carsey cláracha ar nós Robot Wars (BBC), Britain’s Worst Driver (Five), The Match (Sky One) agus Cran-nchur Náisiúnta na Breataine (BBC). D’oibrigh sé le Endemol, an chomh-

lacht a d’fhorbair Big Brother, chomh maith.

An fáth go bhfuil fear dá leithead ag obair ar thogra mar seo ná go bhfuil Mars One ag iarraidh maoiniú don togra a bhailiú ó chomhlachtaí móra timpeall na cruinne. Dar leo, is féidir an t-airgead don togra a fháil ó chomhlachtaí a dhéanfadh urraíocht ar an turas go Mars agus ar an bpróiseas ullmhaithe, mar aon le hairgead ó dhaoine saibhre agus ó fhondúireachtaí timpeall na cruinne.

Ní hiad an t-aon dream atá ag déanamh machnamh ar thuras go Mars. De réir an ghrúpa stocaireachta, an Mars Society agus Elon Musk, bunaitheoir Paypal, Tesla Motors agus an comhlacht aerospáis, SpaceX, d’fhéadfaí dul chuig an bpláinéad i gceann 10 mbliana dá mbeadh an toil pholaitiúil ann anois.

Daoine ar Mhars sna 2030í?

Tá pleananna fógartha ag an Rúis agus an tAontas Eorpach Mars a bhaint amach sna 2030í. D’fhógair Barack Obama plean in 2010 le long a chur chuig pláinéadóideach roimh 2025 agus chuig fithis Mhars sna 2030í. Bheadh sé i gceist cos a leagan ar Mars féin ina dhiaidh sin. Déanfar ciorruithe ar an maoiniú atá ag NASA don chlár seo i mbliana, áfach, agus ní fios an gcuirfeair an t-airgead atá ag teastáil don togra ar fáil amach anseo.

“Níl aon chúis ar leith ag Rialtas Mheiriceá íoc as faoi láthair,” arsa David Moore. “Chosain an turas chuig an ngealach €100 billiún in airgead an lae inniu, ach is de bharr na polaitíochta a caitheadh an t-airgead sin. Bhí rás an spáis ar bun leis an Aontas Sóivéadach; ní dhearnadh é ar son na heolaíochta.”

“Níl an spreagadh polaitiúil ag Meiriceá faoi láthair, ach seans go mbeadh dá ndéarfadh na Síneigh go raibh sé ar intinn acu dul go Mars.”

“I ndeireadh na dála, is é an príomhchúis gur cheart dúinn dul go Mars ná le fáil amach an bhfuil beatha ann. Dá bhféadfaí a chruthú gur thosaigh beatha i n dhá áit ar leith i ngrianchóras amháin bheadh an-impleachtaí ann dúinn. Thabharfadh sé eolas dúinn faoi bhunús an chine daonna, an bhfuil muid linn féin sa Chruinne nó an bhfuil beatha eile ann. De réir measúnaithe a foilsíodh le déanaí, le 17 billiún pláinéad atá cosúil leis an domhan sa Réaltra seo. Dá mbeadh beatha tagtha chun cinn ar dhá phláinéad in aon ghrianchóras amháin ba cheart go mbeadh an Réaltra breac le beatha.”

Má tá speis agat féin dul go Mars is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.mars-one.com.

Cruinneas

Breischéim bhreallach

Dúshláin agus deismireachtaí Gaeilge á bplé ag **Antain Mac Lochlainn**


Cad é a déarfadh sibh, a chairde, leis an dá abairt thíos, nó an measann sibh lorg an aistriúcháin a bheith orthu? Ní mise a chum ná cheap iad ná níl mé ag tromaiocht ar na daoine a scríobh iad - níl na samplaí gann.

• *Tugann an scéim seo cabhair do dhaoine níos sine leis na costais a bhaineann le deisiúcháin riachtanacha agus le cothabháil a gcuid tithe a chlúdach.*

• *Tá an togra seo maidir le scéim Éiclipéid nasctha agus comhtháite le creat beartais níos leithne an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Tomhaltas agus Táirgiocht.*

Is ar úsáid na breischéime ('daoine níos sine' agus 'creat beartais níos leithne') is mian liom trácht, nó feictear dom go mbíonn scríbhneoirí Gaeilge ag aithris ar úsáid a oireann go maith don Bhéarla ach atá ina údar mearbhaill sa Ghaeilge.

Is dócha gur *"This scheme assists older people"* a bhí sa bhunabairt Bhéarla nó a bhí ar



aighe an údair Ghaeilge. Ach an bhfuil céim chomparáide ar bith i gceist sa nath sin older people? An bhfuil aoisghrúpaí éagsúla á gcur i gcomórtas le chéile dáiríre? Ní shílím féin go bhfuil.

Cineál de shofhriotal nó

euphemism atá in older people a dtéann daoine ina mhuinín chun friotal mar 'old people' nó 'elderly people' a sheachaint. I dtaca liom féin de, níor thuig mé riamh gur náire do dhuine a bheith aosta ná ní léir dom go bhfuil feidhm lena leithéid de

bhéal bán timpeall cheist seo aois an duine.

Cibé faoi sin, ní mheasaim gurb innmholta do lucht na Gaeilge 'daoine níos sine' a scríobh nuair nach bhfuil comparáid ar bith i gceist. Nuair a léim 'daoine níos sine' is í an

cheist a spreagtar i m'aighe ná *older than who?*

Níl i gceist anseo ach scéim a thugann cabhair do dhaoine aosta nó do dhaoine atá anonn i mblianta. Sin a bhun is a bharr.

An bhfuil comparáid i gceist sa dara sampla: 'creat beartais níos leithne'? D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil - go bhfuil gné bheag amháin den bheartas á cur i gcodarsnacht leis an bheartas iomlán. Bíodh sin mar atá, tá mé in amhras faoi struchtúr na breischéime a úsáid. Ó thaobh na stíle de, tá 'creat beartais níos leithne an Choimisiúin Eorpaigh' ina lán béil ag duine ar bith. Agus an mise an t-aon duine a chluin an glór beag sin ag fiafraí: *wider than what?* Níl ann ach go bhfuil an scéim seo ina cuid de mhórbheartas an Choimisiúin, nó ina cuid de bheartas iomlán an Choimisiúin.

Tá fadhb bheag foclóra sa dara habairt nár mhiste a lua. Níl an téarma 'táirgiocht' cláraithe i gceann de ar bith de na foclóirí ná ar www.focal.ie, bíodh is go bhfuil sé fairsing go

leor i dtéacsanna Gaeilge. Saghas 'rógaire téarma' é nach bhfuil aon stádas aige sa teanga fhoirmiúil.

Níl a fhios agam cad é mar a tháinig ann dó mura léiriú eile é ar na deacrachtaí a bhíonn ag lucht na Gaeilge dealú idir na míreanna a úsáidtear chun brí faoi leith a ghreamú d'fhocal.

Is ionann 'táirgeacht' agus *productivity* sa chiall 'an méid a dhéantar'. Bítear ag caint, mar shampla, ar 'Olltáirgeacht Intíre' nó *Gross Domestic Product* - na hearraí agus na seirbhísí go léir a dhéantar i dtír faoi leith. Rud eile ar fad is ea 'táirgiúlacht'. Is é a thuigtear as sin ná cumas chun rudaí a tháirgeadh nó cé chomh 'táirgiúil' is atá próiseas áirithe. Productiveness atá luaite leis in FGB agus is nod cuiditheach é sin.

Ní i gcónaí a thugtar an dealú céille sin slán sa Ghaeilge, toisc, b'fhéidir, gur productivity a bheadh ar bhéal an Bhéarlóra sa dá chás.

Ní léir don ghnáthchainteoir Gaeilge nach ionann 'táirgeacht', 'táirgiúlacht' agus 'táirgiocht' féin.

TEIC AGUS GNÓ

Conspóid an chóipchirt agus nuachtáin na hÉireann

Diarmuid Ó Muirgheasa ar chóipcheart agus 'National Newspapers of Ireland'

Má chaitheann tú am ar bith ar Twitter nó Facebook, tá chuile sheans ann gur chuala tú mar gheall ar chás an NNI (*"National Newspapers of Ireland"*) le déanaí, grúpa a bhfuil formhór de nuachtáin na hÉireann mar bhall de agus atá á cháineadh go forleathan mar gheall ar a seasamh ar chúrsaí cóipchirt ar líne.

Dar leo, is féidir cóipcheart a shárú díreach trí nasc (ar nós www.irishtimes.com) a fhoilsiú ar shuíomh idirlín. Tháinig sé seo ar fad chun cinn do thoradh alt ón dlíodóir Simon McGarr, a bhí ag obair ar son na carthanachta Women's Aid.

Bhí an NNI, nach bhfuil Gaelscéal ina bhall de, i ndiaidh dul i dteagmháil leis an gcarthanacht úd, ag lorg €300 mar tháille ar naisc ar a suíomh. Bhain na naisca le scéalta i nuachtán de chuid an NNI, scéalta a bhí ag déanamh cur síos ar ghníomhaíochtaí na carthanachta.

An chéad smaoineamh a bhí agamsa air seo ná go mb'fhéidir nach iad an NNI i ndáiríre a bhí ag lorg airgid. B'fhéidir gur eagraíocht choiriúil éigin a bhí i gceist, a bhí ag ligean orthu go rabhadar ag bailiú airgid ar

son na nuachtán? Faraor, ní hea.

Tá polasaí soiléir ag an NNI i leith nasc, agus cur síos déanta acu air i moladh a rinneadar leis an rialtas le déanaí. Sa mholadh scríofa seo, dúradar gurb é an meon atá acu mar ghrúpa ná gur ionann foilsiú naisc gan cead agus sárú cóipchirt.

Is léir, do dhuine ar bith a bhfuil cur amach acu ar struchtúr an idirlín, go bhfuil sé seo áiféiseach, agus míneoidh mé anois díreach cén fáth sin.

Cur i gcás go bhfuil ceolchoirm rialta ar siúl in amharclann éigin. Cur i gcás go ndeachaigh tú ag an gceolchoirm seo, agus gur bhain tú sult as. Cur i gcás ansin gur inis tú do chara faoin gceolchoirm, agus go ndeachaigh sé nó sí ann, agus ansin gur dhein an amharclann iarracht táille a ghearradh ortsa de bhrí gur roinn tú eolas mar gheall ar an gceolchoirm.

An freagra a mbeadh agat air sin ná iontas. Nár thug tú poiblíocht saor in aisce don amharclann, agus nach bhfuil sé suas do bhainistíocht na hamharclainne an dtabharfaidh siad cead isteach dod chara, agus cén

praghas a ghearrfaidh siad air sin? Níos mó ná sin, nach cinnte nach bhfuil ceart ar bith acu a rá go bhfuil ort eolas a choimeád faoi cheilt?

Dhéanfaidh an NNI argóint leis an analach sin, mar gur dúradar go soiléir i ráiteas faoi seo go bhfuil siad sásta glacadh le foilsiú nasc ó dhaoine

Nuair a sheolaim nasc, níl á rá agam ach gur féidir leathanach a fheiceáil in áit ar leith ar líne. Ní hionann sin agus cóipeáil, nó goid, nó rud ar bith eile cosúil leo.

ar bhonn neamhthráchtála. Is é sin le rá, tá siad sásta glacadh leis an nasc atá agat ar do shuíomh Twitter nó Facebook, ach má tá suíomh 'tráchtála' agat, níl sé sin inghlactha ar chor ar bith. Tá 'tráchtála' scríofa mar sin agam mar nach soiléir an líne atá ar intinn acu. Má tá airgead á lorg acu ó charthanacht, cá háit a stop-

faidh siad? Ní soiléir.

Rud amháin atá soiléir, áfach, ná go bhfuileadar go dtí seo ag fanacht amach ó fhathaigh ar nós Google nó Microsoft. Is cinnte go bhfuil neart nasc ar Google go leathanaigh nuachtáin an NNI, ach fós féin is cosúil go bhfuil rud éigin ag cur stop leis an NNI bagairtí dlíthiúil a chur ag oifigí Google.

B'fhéidir gurb é an t-oll-ghrúpa dlíodóirí atá ag fanacht sna hoifigí úd atá ag cur as dóibh?

Cibé scéal é, is Cuma cé na hargóintí atá ag an NNI, seasann an bunphointe atá á dhéanamh agamsa. Níl i gceist i nasc ach treoir. Nuair a sheolaim nasc, níl á rá agam ach gur féidir leathanach a fheiceáil in áit ar leith ar líne. Ní hionann sin agus cóipeáil, nó goid, nó rud ar bith eile cosúil leo. Ina áit sin, is ionann go díreach é agus a insint do dhuine go bhfuil alt éigin ar leith ar leathanach áirithe d'iris nó de nuachtán ainmnithe.

Tá meafar níos fearr agam chomh maith. Samhlaigh go bhfuil foilseachán agat, agus gur mhaith leat daoine a chur ar an eolas mar gheall ar scannáin, drámaí, ceol-

choirmeacha, agus mar sin de. Foilseachán mar sin, bheadh seo iontach cosúil le ranna siamsaíochta na nuachtán mór.

Chuirfeá eolas san fhoilseachán, gach seans, faoi cá bhfuil ceolchoirmeacha ar siúl, cá bhfuil drámaí le feiscint, agus sin díreach an rud a dhéanann nuachtáin chomh maith.

Má bhreathnaíonn tú ar an idirlíon mar shaghas "tógán draíochtúil" b'fhéidir go gceapann tú go bhfuil difríocht idir eolas a chur ar fáil i bhfoirm scríofa mar seo, agus eolas a chur ar fáil i nasc. I ndáiríre, níl. An rud atá sna ranna siamsaíochta sin, is é díreach an rud céanna ar mian leo bac a chur air nuair a tharlaíonn sé ar an idirlíon.

Seo ar fad ráite, ní gá a bheith chomh buartha faoi thodhchaí an idirlín mar gheall air seo agus atá daoine áirithe. Tá i bhfad an-iomarca céille ag tromlach mhuintir an idirlín iarracht a dhéanamh airgead a lorg ar naisc a threoraíonn daoine ag a suíomhanna. An fuilleach, muintir an NNI ina measc, ní mairfidh siad i bhfad, agus an deireadh sin tuillte go maith acu.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Méabh Ní Thuathaláin

Labhraíonn **Méabh Ní Thuathaláin** le **Méabh Ní Chualáin**, bean óg cruthaitheach atá ag dul don mhúinteoireacht agus a ghlacann páirt Niamh i Ros na Rún, déagóir a bhfuil scéal mór idir lámha aici faoi láthair.

C huir Méabh spéis san aisteoireacht sa cheathrú bliain ar scoil nuair a bhí rogha na gcursaí ollscoile le déanamh agus foirm an CAO le líonadh. “Is cuimhin liom cuid mhór cainte timpeall an ama sin faoi cad a bhí tú ag iarraidh a dhéanamh amach anseo agus déarfainn le daoine ‘aisteoireacht’; bhí mé an-chinnt faoi,” a dúirt sí.

“Ach de réir mar tharla rudaí bhí mé cúig phointe gann agus ní bhfuair mé áit ar an gcúrsa aisteoireachta ” arsa sise. Fuair Méabh tairsint ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach, áit ina bhfuil sí sa tríú bliain ag tréanáil le bheith ina múinteoir faoi láthair. “Tá mé iontach sásta gur oibrigh rudaí amach mar a d’oibrigh siad. Is breá liom an mhúinteoireacht. Feileann sé go mór dom mar dhuine agus le bheith fírinneach faoi, tá go leor aisteoireachta le déanamh sa mhúinteoireacht,” arsa Méabh.

In 2010, thóg Méabh bliain ón scoil chun díriú ar ghnéithe cruthaitheacha a fhorbairt. Chomh maith le cúrsa bliana i ndearadh faisín a dhéanamh, bhí sí páirteach in dhá dhráma de chuid an ‘Galway Youth Theatre’, ‘Yellow Moon’ agus ‘Tusk Tusk’, le Andrew Flynn, stiúrthóir atá lonnaithe i nGaillimh. Léiríodh ‘Yellow Moon’ mar chuid den fhéile idirnáisiúnta Cúirt 2010 agus cuireadh ‘Tusk Tusk’ i láthair le linn Fhéile Ealaíona na Gaillimhe. “Bhí an t-ádh orm an phríomhpháirt a fháil in ‘Yellow Moon’ agus taithí mar sin a fháil ar stáitse. Cleachtadh iontach a bhí ann. Drámaí an-éagsúla a bhí iontu agus d’éirigh go han-mhaith leo,” a dúirt sí.

Ansin ag deireadh 2010, iarradh ar Mhéabh éisteacht a dhéanamh do ‘Corp agus Anam’, sraith drámaíochta rathúil ar TG4 á stiúradh ag Darach Mac an Iomaire. “D’éirigh liom san éisteacht agus bhí sé iontach i ndairíre. B’shin an chéad uair dom aisteoireacht teilifíse a thriail,” arsa sise.

Ina dhiaidh sin, fuair Méabh deis eile éisteacht a dhéanamh do Ros na Rún agus tógadh í do pháirt Niamh.

Is iomaí difear atá idir aisteoireacht stáitse agus teilifíse, dar le Méabh, agus is mian léi dul ar ais chuig an stáitse amach anseo agus a bheith páirteach i léiriú proifisiúnta.

“Is breá liom an stáitse agus an obair theilifíse. Tá sé deacair orm a rá cé acu is fearr liom ach tá rud éigin fíor faoin stáitse. Tá ionraiceas níos mó i gceist. Bíonn tú neirbhíseach agus caithfear cuid mhór fuinnimh a chur isteach ann. Leis an teilifís, bíonn criú ag amharc ort agus níl lucht féachana ann le fáil amach cad é mar atá rudaí ag dul,” arsa sí.

“Ach tá an dá rud iontach. Áiríonn tú uait an stáitse nuair a bhíonn tú ag plé leis an teilifís agus a mhalairt. Tá sé deacair a rá cé acu is fearr liom.

Déanann Méabh an dá thrá a fhreastal ó thaobh na múinteoireachta



Méabh Ní Chualáin, as Coill Rua Thiar in Indreabhán, Conamara, a ghlacann páirt Niamh i Rós na Rún.

agus na haisteoireachta de. I rith an tsamhraidh bíonn go leor ag tarlú maidir le cúrsaí aisteoireachta. Tá sí ag iarraidh go mór an Dip a dhéanamh an bhliain seo chugainn agus sult a bhaint as an mhúinteoireacht mar mhúinteoir ‘ceart’, mar a thug sí féin air. “Seans go bhfanfaidh mé leis an mhúinteoireacht ar feadh seala. Is breá liom é. Is minic a dúirt daoine go raibh

bealach an-mhaith agam le gasúir. Fiú ag cóisirí, bheinnse ag spraoi leis na gasúir in áit a bhí ag caint le daoine fásta. Ceapaim go bhfuil siad gleoite uilig agus is breá liom a bheith ag éisteacht leis na scéalta aisteacha a bhíonn ag na gasúir agus an dearcadh atá acu ar an saol”

Tá feith na haisteoireachta ina chuidiú mór ag múinteoirí, dar le

Méabh, mar caitear dul isteach chuig na gasúir lán d’fhuinneamh agus rud a mhúineadh dóibh, fiú má bhíonn brónach nó má bhíonn rudaí ag titim amach i do shaol pearsanta.

“Taitníonn an gné sin den mhúinteoireacht liom. Is aisteoireacht í ar bhealach agus tá an taobh cruthaitheach go mór ann.” arsa Méabh.

Niamh, cailín óg atá ag iarraidh ginmhilleadh

T háinig Niamh go Ros na Rún anuraidh agus cuireadh in aithne í mar chailín Evan. Bhain cuid mhaith de na scéalta ag an tús leis an gcaidreamh idir Evan agus Niamh agus Bernie, máthair Niamh. Forbraíodh carachtar Niamh ar feadh a bhfad agus i mbliana tá níos mó airde uirthi agus í ag dul i ngleic le cinneadh thar a bheith deacair.

Cad é atá ag dul ar aghaidh le Niamh faoi láthair?

Tá Niamh ag súil le páiste ach tá sí trína chéile go bunúsach. tá chuile duine ag iarraidh uirthi rud éigin a dhéanamh agus níl sí á iarraidh. Cruachas an-deacair atá ann di. Tá a buachaill, Evan ag cuartú poist agus é ag iarraidh tacaíocht a thabhairt di. Ceapann Evan go bhfuil sé in ann aige, ach tá Niamh a rá nach bhfuil sise. Mothaíonn sí go mbeidh saol iontach deacair amach roimpi má bhíonn an páiste aice. Beidh deireadh leis an pleananna a bhí aici don saol agus tá sí iontach óg í féin.

Ar chuir sé iontas ort gur tharla sé seo do Niamh?

Ní dóigh liom gur cheap aon duine go mbeadh toradh mar seo ar an scéal. Tá Niamh iontach soineanta, bhuel ceapann tú go bhfuil. Duine díograiseach atá inti, bhí sí dírithe go mór ar an scoil agus ní cheapfa go mbeadh sí ag codladh lena buachaill ag aois chomh óg sin. Sílim go bhfuil iontas ar Niamh agus ar chuile dhuine i saol Niamh, chomh maith leis an lucht féachana gur tharla seo.

An raibh sé deacair ort dul i dtaithe ar scéal mar seo?

Bhí sé an deacair orm dul i dtaithe ar an scéal. Is ceist an-mhór í ceist na ginmhillte. Níl tuairimí cinnte agam ar an ábhar sin. Tá sé an-deacair tú féin a chur i gcás cailín óg atá ag súil le páiste nuair nach bhfuil sin uaithi agus faoi chéard a dhéanfaidh sí. Bhí sé dúshlánach domhsa agus bhí sé trom ar an gcarachtar. Ní cás deas é do dhuine ar bith chomh óg sin a bheith ag smaoineamh ar ghinmhilleadh agus chuile duine a rá léi go bhfuil sé mícheart.

Craolfar Ros na Rún gach oíche Dé Máirt agus Dhéardaoin ag a 8.30 ar TG4. Is comhleiriúcháin é Ros na Rún de chuid EO Teilifís agus Tyrone Productions do TG4.

SLÁINTE

An tseachtain seo, tá treoir ag an saineolaí spóirt **Ainle Ó Cairealláin** a chuideoidh leat dea-nósanna aclaíochta a chothú mar ghnáthchuid de do shaol agus punt bhreise na Nollag a sceitheadh. Seo thíos 10 moladh a rachaidh i bhfeidhm ar dhaoine nach ndearna mórán aclaíochta roimhe seo agus freisin beidh siad ina gcuidiú ag daoine a dhéanann aclaíocht chun spriocanna úra a bhaint amach.

10 mbealach le saol aclaí a chothú

1 Leag síos do chuid spriocanna
Is é seo an chéad rud ba chóir duit a dhéanamh má tá tú ag iarraidh aon rud a bhaint amach. Tá i bhfad níos mó seans agat dul chun cinn a dhéanamh agus a bheith níos aclaí agus níos sláintiúla má scríobhann tú síos an sprioc deiridh atá agat.

Scríobh síos an sprioc mar aon leis an oiread sonraí agus is féidir leis. Ar mhaith leat meáchan a chailleadh? Cé mhéad? Cad é an spriocdháta atá agat? Cén fáth ar mhaith leat an sprioc seo a bhaint amach? An ndearna tú iarracht é a bhaint amach roimhe seo? At thit an tóin as an iarracht? Cén fáth?

Freagair na ceisteanna seo ar fad ar an leathanach céanna leis an sprioc, agus bíodh sé crochta áit éigean soiléir a bhfeicfidh tú é go minic. Cuir an sprioc in iúil dod chuid cairde agus gaolta.

Tabharfaidh sin freagracht agus spreagadh duit chun an obair chrua a dhéanamh. Ón am a mbeidh an sprioc mór leagtha síos agat, tosaigh ag leagan síos mionspriocanna atá bainteach amach.

Mar shampla, más mian leat 10kg a chailleadh, is mionsprioc iontach é 0.5 kg sa tseachtain a chailleadh. Nó más mian leat maratón a rith i mí Meán Fómhair, mionsprioc den scoth a bheadh ann rás 10km a dhéanamh i mí Feabhra.

2 Cuir leis an traenáil de réir a chéile
Is de réir a chéile a thógtar na caisleáin. Tosaigh le babhta gairid aclaíochta nach gcuireann mórán brú ar an gcorp, go háirithe mura bhfuil aclaíocht déanta agat le tamall. Má thosaíonn tú amach róghasta, nó ródhian, beidh tú thíos leis luath nó mall nuair a thagann gortú nó tinneas aniar aduaidh ort.

Má thosaíonn tú le 10 nóiméad siúil agus má chuireann tú breis leis gach cúpla lá, ní bheadh sé i bhfad go mbeidh tú ag siúil ar feadh breis agus uair an chloig. Má tá tú san spórtlann, déan cleachtaí atá measartha éasca ag an tús, agus ardaigh an meáchan de réir a chéile. Is deasmaoineamh é leabhar nótaí a thioseacht ionas go dtig leat measúnú a dhéanamh ar an méid aclaíochta atá déanta agat (cé chomh fada, cé chomh gasta, srl., srl.).



3 Faigh comrádaí aclaíochta
Giorraíonn beirt bóthar, mar a deir siad! Aimsigh duine atá a bheag nó a mhór ar chomhchéim leat ó thaobh aclaíochta de agus atá ag iarraidh saol níos aclaí a fhorbairt. Tabharfaidh cara aclaíochta spreagadh duit aclaíocht a dhéanamh nuair a bhuaileann an fhalsacht tú, agus ní bheidh cuma chomh fada ar na siúlóidí agus comhludair agat. Coinnigh a chéile ar an eolas maidir le cúrsaí bia agus aclaíochta.

ACH, déan cinnte go bhfuil sibh ag obair go cruai! Níl sibh ag bualadh suas le haghaidh comhrá deas faoin aimsir, ach le haghaidh obair dhian.



4 Sleamhnaigh aclaíocht isteach i do lá
Is cluiche uimhreacha é meáchan a chailleadh. Caithfidh tú níos mó fuinnimh ná mar a ghlacann tú isteach tríd an mbia a itheann tú. Mar sin de, cuideoidh gach píosa aclaíochta a dhéanann tú i rith an lae leis an méid fuinnimh atá a úsáid agat a ardú. Dreap an staighre seachas an t-ardaitheoir; páirceáil an gluaisteán siúlóid ghearr ó dhóras an ionaid siopadóireachta/ na hoifige; siúil seachas tiomáint; déan obair tí ar nós an folúis ghlantóireachta agus cuir cuid mhór fuinnimh isteach ann. Cuideoidh na rudaí beaga sin uilig leis an aschur fuinnimh a ardú, agus beidh tú ag dó saille i rith an lae!



5 Bain triail as gníomhaíochtaí éagsúla
Tá réimse ollmhór de ghníomhaíochtaí amuigh ansin ar féidir leat triail a bhaint astu. Tugtar dúshlán nua don chorp le gníomhaíocht nua, dóitear níos mó saille, agus ardaítear an meitibileacht; coinneoidh sé thú spreagtha. Bain triail as rothaíocht, snámh, siúil, rith, dreapadóireacht cnoic, cluiche peile, cluiche leadóige, Zumba, aquafit, Yoga, boxersize, caith friosbaí thart fán ngairdín, nó amach leat le haghaidh cúpla poc le camán agus sliotar.



An bhfuil sláinte mhaith agat?

Tá i bhfad níos mó i gceist le bheith sláintiúil ná díreach a bheith amuigh ag aclaíocht anois is arís, nó ag ithe an bia ceart. Cinnte, tá go leor le déanamh ag an mbia agus ag an aclaíocht leis an tsláinte, ach tá an méid codlata a fhaigheann tú tábhachtach, mar aon leis an stíl bheatha atá agat, na bealaí a ndéanann tú deileáil le strus, agus sláinte na n-alt mór sa chorp, ar nós an cromán, na guaillí, na glúine, agus an droim. Glac nóiméad nó dhó le tráth na gceist ACLAI.ie a líonadh isteach agus faigh amach cé chomh sláintiúil is atá tú faoi láthair. 40 ceist, ar gach gné den tsláinte. Tá pasmharc ann de 90%.....sin 36 as 40! Is féidir an tráth na gceist a ghlacadh trí bhrú ar an nasc sa choirméal bairr ar dheis ar leathanach baile www.ACLAI.ie.



6 Ardaigh déine an tsiúl le beagán reathaíochta
Má bhíonn tú ag siúl go minic, cuir babhta gearra reathaíochta isteach sa tsiúlóid le babhta aclaíochta níos déine a fháil. Tosaigh ag rith ar feadh 30 soicind gach 4 nóiméad ar feadh 30 nóiméad. Cur leis an méid reathaíochta a dhéanann tú de bheagán gach uair a théann tú amach le haghaidh siúil.

Tá 6 ghluaiseacht don téamh suas curtha le chéile agam don reathaí agus is féidir iad a dhéanamh sa teach roimh dul amach. Féach leathanach baile www.ACLAI.ie le haghaidh alt gearr agus físeán simplí a mhíníonn na cleachtaí don téamh suas.



7 Déan leithscéal chun aclaíocht a dhéanamh, seachas leithscéal aclaíocht a SHEACHAINT
Tá sé éasca leithscéal a dhéanamh gan dul amach ag aclaíocht, agus cluinim iad ar fad! Deir daoine go bhfuil siad róthuirseach, róghnóthach, gortaithe, tinn, faoi bhrú, agus nach bhfuil áiseanna aclaíochta ann, nó nach dtaitníonn aclaíocht leo.

Má aithníonn tú na leithscéil sin, tá sé thar am meon nua deimhneach a fháil. Ó thaobh fad saoil, fuinnimh, agus sláinte intinne de, tá sé cruthaithe arís agus arís eile go gcuidíonn aclaíocht rialta leat. Tosaigh ag smaoineamh ar fháthanna go bhfuil tú chun dul amach i mbun gníomhaíochta seachas a mhalairt.



8 Pleanáil do cuid ama agus cloigh leis
Tá an pointe seo gaolta le pointe a 7. Deirtear liom go minic nach mbíonn go leor ama ag an duine chun aclaíocht rialta a dhéanamh. Is beag rud atá níos tábhachtaí na an tsláinte, mar sin suigh síos agus beartaigh am i rith an lae ar féidir leat an aclaíocht a dhéanamh.

Dúisigh níos luaithe agus déan babhta roimh an obair nó roimh am scoile, déan babhta gairid ag am lóin, nó déan coinne bualadh suas le do chara aclaíochta go rialta. Mar a dúirt Roy Keane, má theipeann ort ullmhú a dheanamh, is cinnte go dteipfidh ort!



5 Fháth Gur Chóir Duit Aclaíocht Rialta a Dhéanamh

- 1. Tá aclaíocht rialta go hiontach don chroí agus do na scamhóga. Ardaíonn aclaíocht an ráta croí agus láidríonn sé na meatáin sa chroí a choinneoidh an croí ag bualadh go sláintiúil ar feadh na mblianta!
- 2. Íslíonn aclaíocht rialta strus agus brú intinne. Scaoileann an corp hormóin le linn agus tar éis aclaíochta a thugann mothú sona sásta dúinn, agus a íslíonn an brú fola thar achar ama.
- 3. Láidríonn sé na cnámha agus na hailt (fíorthábhachtach do mhná atá i mbaol oistéapóróis).
- 4. Ardaíonn sé an meitibileacht, a chiallaíonn go bhfuil muid ag dó an bia a itheann muid.
- 5. Ísleoidh aclaíocht rialta (in éineacht le haiste sláintiúil bia) geir choirp, rud a chuideoidh linn fanacht slán ó thinneas.

Tá mé ag rith 30 nóiméad sa lá ach níl mé ag cailleadh aon mheáchan. Cén fáth seo? Muireann, 34, Gaillimh

Má tá tú ag iarraidh meáchan a chailleadh caithfidh tú a bheith ag ídiú níos mó fuinnimh ná mar a ghlacann tú isteach leis an mbia a itheann tú agus na deochanna a ólann tú. Mholfaínn duit dul i dteagmháil le gairmeoir aclaíochta le cuidiú leat an fuinnimh a chaitheann tú a mhéadú, agus an fuinneamh a ghlacann tú isteach a laghdú. Seo cúpla moladh a chuideoidh leat idir an dá linn. Bain triail as rith ar maidín roimh aon rud a ithe. Cuideoidh sin le briseadh síos na saille sa choirp.

Bain triail as modh aclaíochta eile leis a chorp a spreagadh arís (rothaíocht, snámh, srl.) Má bhíonn tú ag dul don modh céanna ar feadh tamaill fhada téann an chorp i gcleachtadh air.

Cur am breise leis an rith go rialta. Caithfear dul chun cinn rialta a dhéanamh leis an traenáil le torthaí a fháil go leanúnach. Má tá tú ag rith le tamall anuas, beidh tú measartha aclaí agus ba chóir roinnt ráibeanna a dhéanamh agus tú amuigh ag rith. Críochnaigh an rith le 10 ráib ar chnoc.

Aimsigh sprioc aclaíochta duit féin ar nós rás reatha a dhéanamh sa samhradh. Tabharfaidh sin spreagadh breise duit traenáil go dian agus dul chun cinn a dhéanamh. Agus an pointe deireanach....lean na leideanna i nGaelscéal na seachtaine seo caite (www.gaelisceal.ie) maidir le hithe agus ól sláintiúil! Tá siúl agam go gcuideoidh na moltaí sin leat. Ádh mór leis an rith. Ainle.

9 Déan cleachtaí friotaíochta (resistance)
Is mór an fiúntas atá le cleachtaí friotaíochta ar nós gogaireacht (*squatting*), iomramh, brúnna aníos, agus fainneáil. Láidríonn siad na hailt agus na matáin, ardaíonn siad na mheitibileacht agus laghdaíonn siad saill choirp. Is féidir babhta friotaíochta a dhéanamh sa bhaile sula dtéann tú amach ag siúl nó ag rith, nó é a dhéanamh mar sheisiún ann féin. An rud is tábhachtaí ó thaobh an pointe sin ná go ndéanann tú na cleachtaí le teicníc mhaith. Is fearr i bhfad duit comhairle a fháil ó ghairmeoir aclaíochta chun moltaí a fháil le clár beag a chur le chéile duit féin agus lena chinntiú go mbeidh na gluaiseachtaí á ndéanamh mar is ceart agat.



10 Bain sult as!
Tá an pointe seo chomh tábhachtach leis an gcuid eile acu ar fad le chéile! Aimsigh modh aclaíochta a mbaineann tú sult as, agus beidh tú ag iarraidh é a dhéanamh go mion minic! Bain triail as réimse leathan gníomhaíochtaí agus fan leis na cinn a mbaineann tú taitneamh astu.

Ba chóir go mbeadh spraoi ag baint leis an aclaíocht, agus mura bhfuil tú ag baint suilt as an modh aclaíochta atá idir lámha agat, tá sé in am bogadh ar aghaidh.

Má bhaineann tú sult as an aclaíocht, beidh sé éasca coinneáil ort á dhéanamh, agus ní bheidh sé i bhfad go mbainfidh tú amach an sprioc a bheidh leagtha síos agat duit féin!



NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra



Scéal lán samhlaíochta a choinneoidh aird léitheoirí óga



'Hóng', le Anna Heussaff
Cló Iar-Chonnachta
99 lch
€8
Aoisghrúpa: 10-14

Seo an dara leabhar do dhaoine óga atá scríofa ag Anne Heussaff, agus is maith an rud é go bhfuil spéis ag an scríbhneoir aitheanta seo a bheith ag scríobh don aoisghrúpa sin. Foilsíodh 'Vortex', leabhar do dhéagóirí óga, sa bhliain 2006, agus anois tá 'Hóng' ar fáil sna siopaí agus é dírithe ar dhaoine óga idir deich agus ceithre bliana déag d'aois.

Tá gluaiseacht agus fuinneamh maith sa scéal seo agus beidh daoine óga gafa ag scéal Evan, buachaill ó Bhaile an Chuain in Éirinn, a bhfuil dúil aige sa chluiche ríomhaireachta 'Hóng'. Is cluiche réalaióch é 'Hóng', agus bhíonn Evan agus a chara, Rio, a imirt gan stad.

Sílím gur maith an rud é go gcuirfear béim sa leabhar seo ar chluiche ríomhaireachta, agus ar an teicneolaíocht, mar go dtarraingeoidh sé aird na léitheoirí óga. Tá sé spéisiúil, freisin, gur cluiche réalaióch é seo, agus go dtosaíonn an scéal le hEvan ina dhúiseacht sa teach ag meán oíche, ag smaoineamh faoin gcluiche seo, cluiche le 'saol iomlán istigh ann.'

Foghlaimíonn muid ar an gcéad leathanach go bhfuil an cluiche suite i gcathair mhór i lár na Síne, rud ar chuir mé féin spéis ann. Bhrath mé go

raibh féidearthachtaí eile ag baint le scéal den chineál seo, go háirithe agus é ag plé le cluiche réalaióch. Sa chéad chaibidil, deirtear go n-oscloíonn Evan an cluiche ar an ríomhaire.

Anois agus muid timpeallaithe le daoine óga (agus daoine ó gach aoisghrúpa) ag úsáid iPad agus taibléid eile, Xbox 360, ríomhairí glúine atá chomh tanaí leis an Mac-Book Air, agus mar sin de, sílim gur féidir go leor sonraí spéisiúla a chur isteach sa scéal seo maidir leis an gcaoi a imrítear an cluiche, go teicniúil.

Chuirfeadh sé leis an eispéireas léitheoireachta, dar liom, dá mbeadh a fhios ag an léitheoir go díreach cén cineál ríomhaire, más ríomhaire atá i gceist, atá in úsáid ag na daoine óga seo. Ar bhealach, is iad na sonraí beaga sin a chuireann le réalachas an scéil agus a chabhraíonn linn na carachtair seo a shamhlú agus iad ag imirt na gcluichí ríomhaireachta.

Luann an t-údar 'méarchlár' agus 'scáileán', ach cad faoi scáileán tadhaill (*touchscreen*) a úsáid, nó scáileán ardghléine (*high-definition*), nó fiú méarchlár gan sreang?

Níl sna rudaí sin go léir ach sonraí beaga bideacha a chuirfeadh leis an mothú nua-aimseartha sa leabhar seo, agus sílim, nuair atá cluiche cosúil leis seo mar chroílár an leabhair, go bhfuil sé fiorthábhachtach é a chur i láthair chomh maith agus is féidir.

Tá go leor mistéir agus contúirte le brath sa scéal seo, agus tá eagla agus buairt ar cheann de na himreoirí eile sa scéal, Yin.

Níl a fhios ag Evan ná a chairde cé hí an strainséir seo, nó céard atá ag cur imní uirthi, ach i rith an scéil fiosraíonn siad céard atá ag tarlú agus déanann siad iarracht stop a chur le gnó salach atá ar siúl in Éirinn agus sa tSín. Is iontach an rud é go bhfuil an nasc seo idir an dá thír le feiceáil sa scéal, agus cuireann sé go mór leis an leabhar mar go mbíonn cuid de suite thar lear agus feicimid go leor

de chultúr tíre eile.

Ar ndóigh, cé go bhfuil béim ar chluichí ríomhaireachta sa scéal seo, tá go leor eile ag tarlú sa chúlra freisin, ó thaobh cairdis agus caidrimh theaghlaigh de. Is deas an rud é an nasc idir Evan agus a chairde a fheiceáil agus beidh léitheoirí óga in ann ionannú a dhéanamh leo. Sílim féin go bhfuil an scéal seo oiriúnach do dhaoine ó aois a hocht nó a naoi go dhá bhliain déag nó trí bliana déag, agus tá gluais ar fáil ag cúl an leabhair le cabhrú ó thaobh na Gaeilge de.

Rud a chuir isteach orm beagán agus mé ag léamh an leabhair seo ná na frásaí Béarla a shnítear isteach in abairtí lán-Ghaeilge. Cé go dtarlaíonn sé seo go minic (rómhinic) nuair a labhraíonn daoine Gaeilge lena chéile, b'fhearr liom mura mbeadh sé sin le feiceáil sa scríbhneoireacht, mar go gcuireann sé leis an meoin sin gur féidir an dá theanga a mheascadh lena chéile agus nach gá a bheith ag iarraidh abairtí iomlána Gaeilge a labhairt.

Bheadh sé difriúil, mar shampla, dá mbeadh carachtar amháin le drochGhaeilge, nó carachtar gan Gaeilge ar bith, ach feictear dom go snítear isteach frásaí beaga Béarla gan chúis nuair a d'fhéadfadh frása Gaeilge a bheith chomh héifeachtach céanna. É sin ráite, is breá liom an stíl scríbhneoireachta atá sa scéal seo.

Tá luas ag baint leis, rud atá go maith don aoisghrúpa seo, agus chomh maith leis sin tá an stíl indíreach shaor le brath sa leabhar, agus cuireann Anna Heussaff i bhfeidhm go héifeachtach é. Is é Evan príomhcharachtar an scéil agus feicimid formhór de na heachtraí trína shuíle sin, ach ní i gcónaí.

Níl aon amhras ach gur scéal é seo a choinneoidh aird léitheoirí óga, agus molaim an t-údar as a cuid samhlaíochta agus sárscileanna scríbhneoireachta a thabhairt le chéile chun leabhar d'ardchaighdeán a chur ar fáil d'adaoine óga.

Comórtas Filíochta Bhéal na mBuillí

Tá an t-am sin den bhliain buailte linn arís agus tá seachtain go leith fágtha anois go dtí an spriocdháta iontrála do chomórtas filíochta Bhéal na mBuillí. Is é an Aoine 25 Eanáir 2013 an spriocdháta deiridh agus tá an comórtas ar oscailt don aos

scríbhneoireachta Gaeilge agus Gáidhlig.

Tá an comórtas seo urraithe ag Colmille agus cuireann an comórtas na duaiseanna filíochta is mó ar domhan ar fáil do dhán i nGaeilge nó i nGáidhlig.

Bronnfar €2000 ar an té a mbuafaidh an chéad duais, €1500 don dara duais agus €1000 don tríú duais. Beidh táille léitheoireachta agus taistil de €400 ar fáil do thriúr eile. Iarrtar ar an seisear atá ar an ngearrliosta rogha dá ndánta a léamh ag Féile Idirnáisiúnta Filíochta Bhéal na mBuillí, (Strokestown International Poetry Festival), ag tús na Bealtaine (3 - 5 Bealtaine 2013). Ní cóir dán a

bheith níos faide ná 70 líne. Ní ceadmhach an dán a bheith foilsithe ná craolta in áit ar bith, ar an idirlíon ná eile, roimh ré. Tá táille iontrála de €6 ar dhán ar líne. Is féidir iontráil tríd an bpost chomh maith. Níl teorainn le líon na ndánta is féidir a iontráil. Tá an teolas uilig agus na rialacha uilig ar fáil ar an suíomh ghréasáin <http://strokestownpoetry.org/competitions-2013/>. Is é an seoladh ná Strokestown Poetry Festival, Béal na mBuillí, Co. Ros Comáin, Éire, agus is féidir scairt a chur ar 071 9633759 chun tuilleadh eolais a fháil, nó seol ríomhphost chuig scda@eircom.net.

Diabhalscéal

Costas:
Foirm Áirimh
Chaoirach

EISIACH: NÓTA CEOIL NUA AIMSITHE
AG PEADAR Ó RIADA! NA SLUAITE
AG TABHAIRT AGHAIDH AR CHÚIL
AODHA!

Lth. 5: THOMAS PRINGLE
CROÍBHRISTE FAOI DHÚNADH
'MARY'S OF DONEGAL'. "Bhí an púdar
níocháin sin breá handy," a dúirt sé.



Ryan Tubridy - an-imní
air maidir le conas 'Dia
Dhuít' a rá [PIC: SAM
BOAL/PHOTOCALL IRELAND]

le Seathrún Hack

I scúp-scéal ollmhór eisiach eile, nochtann *Diabhalscéal* go bhfuil plean craolacháin Gaeilge RTÉ réidh le foilsiú. Deir ár bhfoinse taobh istigh de gheataí iarainn Mhontrose go gcuirfear deich nuair a' chloig de chláracha Gaeilge ar fáil sa ló anois seachas an uair a' chloig a bhí riachtanach go dtí seo.

Ó mheán oíche, ó Luan go hAoine, athchraolfar Dáithí Lacha, Buntús Cainte agus Dilín Ó Deamhas.

Tá caint ann freisin ar shraitheanna cosúil le *The Riordans* agus *Quicksilver* a dhubáil go Gaeilge. Beidh iachall curtha ar Ryan Tubridy "Dia dhaoibh" a rá ag tús an Late Late Show chuile Aoine ach de réir tuairiscí ní mó ná sásta atá sé faoi seo.

Dúirt urlabhraí thar cheann na gClár Gaeilge in RTÉ go mbeidh

"Ryan cool leis, yah? Just tabhair time dó. I mean, beidh sé SO for the Gaeilge fós, loike."

Dúirt Dinny Aireach gur "lá stairiúil é seo don Ghaeilge, don Ghaeltacht, do Ghaeilgeoirí, do Ghaelscoileanna, do lucht feachtais na Gaeilge, do na heagraíochtaí Ghaeilge agus dos na mná tí".

Fear nach bhfuil chomh sásta ná Donncha Ó hÉallaithe a bhagair go gceanglódh sé é fhéin leis an gcrann cumarsáide in RTÉ mura dtarraingeadh lucht na suits "siar ar an masla seo, agus raon fairsing de chláracha Gaeilge a sholáthar de réir an Acht Craolacháin."

Tagann cinneadh RTÉ ar na sála ar thuarascáil a réitigh an comhlacht cumarsáide, Uisce Beatha Teo., dóibh chun iniúchadh a dhéanamh ar chraolachán i nGaeilge. Chosain an tuarascáil sin thart ar €27 milliún.



SLEÁN LEAT!

Bhí sé ina raic agus ina réabadh ag Cruinniú Chinn Bhliana Chumann Cniotála, Móna agus Dhúidíní Chonamara nuair a cuireadh i leith an Chathaoirligh, Báinín Mac an Uisce, go raibh sé ag breathnú ar Sky agus ag léamh nuachtáin Shasana i rith na Nollag. Tar éis dó na líomhaintí gránna a shéanadh ar dtús, nochtaigh a bhean chéile é mar bhréagadóir os comhair an tslua. Tuigtear do Dhiabhalscéal gur shiúil baill ón gcruinniú, ar a bhfreastail slua mór ("...Fair play dúinn") nuair a d'admhaigh Mac an Uisce na cúiseanna faoi dheireadh. "Nuair a facthas é ag ól Erdinger seachas Guinness ar Lá 'le Stiofán, bhí muid in amhras. Ní bhíonn deatach gan tine mhaith mhóna," a dúirt ball den chumann.

GONG!

Cé go bhfuil sé ainmniúchán déag faighte ag saothair TG4 do Ghradaim IFTA 2013, tá an stáisiún dóchasach go mbuafaidh siad an token Duais Ghaeilge arís i mbliana. Is éard atá sna hIFTAs ná duais-scéim aitheanta do thionscal na scanán agus na teilifíse i mBaile Átha Cliath amháin. Painéal de Bhaile Átha Cliathaigh a roghaíonn saothar a gcairde, ó Bhaile Átha Cliath, agus bronnar na gonganna ar Bhaile Átha Cliathaigh ag dinnéar galánta i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra. "Tá an gúna faighte a'm ach, a m'anam go gcaithfidh mé an fake tan agus an t-upstyle a bhookáil fós," a dúirt urlabhraí ar son TG4 agus sceitimíní an domhain uirthi. Tuigtear go mbeidh lucht TG4 urraithe ag Ballygowan don oíche mhór.





Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie



Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 1 / CUID 11
Ceapadóireacht (100 marc)

C Alt Nuachtáin/Irise

Léigh tú alt i nuachtán áitiúil le déanaí a thug le tuiscint, dar leat, gur ar mhuintir na hÉireann a bhí an locht go raibh fadhb na dífhostaíochta chomh hard sin sa tír faoi láthair. Chuir an t-alt sin fearg ort. Scríobh an freagra a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin ar an ábhar sin.

Léigh mé an t-alt a bhí ag Pól de Róiste i 'Réalt na Maidne' Dé hAoine seo caite agus caithfidh mé a rá gur chuir an t-alt céanna cochall feirge orm. A leithéid de ráiméis! Táimse go láidir den tuairim tar éis dom an t-alt a léamh go bhfuil an tUasal de Róiste ag cur an milleáin ar mhuintir na tíre seo maidir le fadhb na dífhostaíochta. A leithéid de shotal! Is duine aineolach, sotalach, éidreorach é agus níl tuairim dá laghad aige, im thuairimse, faoina bhfuil á rá aige. An dtuigeann sé an dochar atá á dhéanamh aige dóibh siúd atá dífhostaithe? An dtuigeann sé an phian agus an fhulaingt a ghabhann siad tríd chuile lá den tseachtain agus iad ag maireachtaint ar an ngannchuid? Níl a bhformhór mór acu ach ag maireachtaint ón lámh go dtí an béal ó lá go lá is gan dóchas ar bith fágtha acu.

Meabhraíonn alt de Róiste dom cuid den óráid a thug an t-iarThaoiseach, Bertie Aherne, uaidh ag Comóradh Chnoc an Arbhair ar 22 Aibreán 2001:

'Sa lá atá inniu ann, is cúis bróid go bhfuil dul chun cinn chomh mór sin déanta againn, chun an tír a fhorbairt agus chun cearta sóisialta agus eacnamaíochta an phobail a urramú. Tá fadhb na dífhostaíochta beagnach réitithe agus tá ré na himirce críochnaithe. Más féidir linn ár bpolasaithe sóisialta a chur i bhfeidhm agus Comhaontú Aoine an Chéasta a bhuanú, measaim go mbeidh comhlíonadh fise Éirí Amach na Cásca níos cóngaraí dúinn ná mar a bhí sí riamh roimhe seo.' Éirim an-chorraithe agus an-chrosta nuair a léim a leithéid sin in Eanáir na bliana 2013 agus an tír seo in umar na haimiléise ag drochpholaitheoirí agus ag baincéirí cama. 'Tá fadhb na dífhostaíochta beagnach réitithe agus tá ré na himirce críochnaithe!!' Ar chuala éinne a leithéid? Tá fadhb na dífhostaíochta níos measa ná mar a bhí sé riamh agus maidir le fadhb na himirce, ní hamháin nach bhfuil sé críochnaithe ach níl sé ach tosnaíthe faoin am seo, feictear domsa!!

Faoi láthair tá thart ar ceithre chéad caoga míle duine ar an mbeochlár agus tá an uimhir sin ag méadú in aghaidh na seachtaine. Is ionann sin agus suas le 15% de dhaonra na tíre a bheith dífhostaithe. Murach go bhfuil suas le trí chéad caoga duine imithe ar imirce ón tír le ceithre bliana anuas bheadh an uimhir atá dífhostaithe méadaithe go mór agus bheadh thart ar 25% de dhaonra na tíre (sin duine as ceathrar) ar an mbeochlár.

Táimíd sa chruachás seo de bharr caimiléireachta na bpolaiteoirí, na mbaincéirí, na dtógálaithe agus na n-amhantraithe. Ní gnáthmhuintir na hÉireann ba chúis leis an ngéarchéim eacnamaíochta agus na fadhbanna a lean í. An fhadhb is mó, ar ndóigh, ná fadhb na dífhostaíochta. Is beag post atá ar fáil do dhaoine óga sa lá atá inniu ann, fiú má bhíonn céim ollscoile acu. Níl postanna nua á gcruthú agus nílimid ag teacht amach as an ngéarchéim eacnamaíochta fós. Chomh maith le sin ní dóigh liom go bhfuil na seifteanna déine atá a gcur i bhfeidhm ag an rialtas faoi láthair ag cuidiú le cruthú postanna.

Caithfidh an rialtas tosú ar scéim chun postanna a chruthú. Caithfidh na bainc níos mó airgid a thabhairt do fhiontraithe óga chun a ngnóithe féin a bhunú. Caithfear iarracht a dhéanamh an geilleagar a chur thar n-ais ar chile chothrom agus deiseanna fostaíochta a chruthú don aos óg ach go háirithe. Ní dóigh liom go bhfuil tada déanta ag údar an ailt sin, Pól de Róiste, chun postanna a chruthú. Níl ann ach 'iománaí ar an gclai' atá ag iarraidh an milleán a chur ar mhuintir na tíre seo faoi fhadhb na dífhostaíochta. Ba cheart dó éirí as an gcur i gcéill agus gníomh fóna éigin a dhéanamh chun cuidiú le daoine dífhostaithe postanna a fháil. Tá sé soiléir nach bhfuil réiteach ar bith aige ar fhadhb na dífhostaíochta agus molaim go láidir dó a bheith ina thost muna bhfuil rud éigin fóna le rá aige. Mar a deir an seanfhocal 'Is binn béal ina thost'. Mar sin bí i do thost a Phóil de Róiste, a phleithche!

Gluais

cochall feirge - a fit of anger
éidreorach - misguided
ar an ngannchuid - on very little
meabhraíonn dom - it reminds me
a urramú - to observe to respect
in umar na haimiléise - in the trough of despair
ar an mbeochlár - on the live register
caimiléireacht - corruption
amhantraithe - speculators
seifteanna déine - austerity measures
fiontraithe (fiontraí) - entrepreneur(s)
geilleagar - economy
gníomh fóna - a worthwhile action
ina thost - silent





Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar II Litríocht Bhreise (40 marc)

‘An Triail’ le Máiréad Ní Ghráda

- (i) Déan cur síos ar an ról atá ag na hAturnaetha sa dráma 'An Triail'.
(ii) *"Tá plota an dráma seo chomh tráthúil inniu is a bhí sé riamh."* É sin a phlé.

(i)
Tá beirt aturnaetha sa dráma seo, Aturnae 1 (Aturnae an Stáit) agus Aturnae 2, (Aturnae an Chosantóra). Is í an fheidhm atá ag Aturnae an Stáit ná teacht ar fhirinne an scéil, agus an fheidhm atá ag Aturnae an Chosantóra ná fimíneacht agus easpa carthanachta na ndaoine a thaispeáint.

Nuair a cheistíonn Aturnae an Chosantóra máthair Mháire, ligeann sé di labhairt faoi Dhia, faoi chreidiúnacht agus faoi na comharsana, ach ansin cuireann sé ceist uirthi:

“Tuairim na gcomharsan is mó atá ag déanamh buartha duit . . . Ar thaispeáin tú grá máthar nó carthanacht chríostaí do d’iníon nuair a bhí sí i dtrioblóid?”

Déanann sé an rud céanna agus é ag caint le Seán, an deartháir atá ag iarraidh a bheith ina shagart:

“An ndearna tú aon iarracht ar ghrá Dé nó ar charthanacht chríostaí a thaispeáint do do dheirfiúr?”

Is é an t-aturnae céanna a léiríonn an bhréagacht agus fhimíneacht a bhaineann leis an mBean Uasal. Téann sé tríd an bhfianaise go léir léi - an fógra a chuir sí sa pháipéar, an tuarastal a bhí á thairiscint aici, an obair a rinne Máire. Fuair sé amach uaithi go raibh sí lánsásta le Máire agus go raibh na páistí ceanúil uirthi, nár íoc sí an méid iomlán di, nach ndearna sí aon seiceáil ar Mháire, i ndáiríre, nach raibh aon rud cearr le Máire, ach amháin go raibh sí ag iompar clainne. Dúirt an Bhean Uasal go raibh an t-aturnae ag casadh a cuid cainte, ach ní raibh sé ach ag léiriú fimíneacht na mná sin, rud nár thaitin léi in aon chor.

Déanann sé an rud ceannann céanna agus é ag caint leis an mbean lóistín. Nóiméad amháin bhí sí ag rá go raibh a fhios aici i gcónaí nach raibh Máire ina baintreach agus an chéad rud eile bhí sí ag rá go raibh sé ceart go leor cíos ard a ghearradh uirthi - toisc go raibh pinsean na mbaintreach aici! I ndáiríre, níor thaitin Máire leis na mná seo, mar bhí 'leanbh tabhartha' aici agus d'éirigh leis an aturnae é seo a thaispeáint go soiléir. Ní raibh sna haturnaetha ach gléasanna a d'úsáid an drámadóir chun fimíneacht agus míchríostaíocht an phobail a léiriú.

(ii)
Baineann an dráma seo le fimíneacht agus baineann fimíneacht éigin leis an saol i gcoitinne in Éirinn - mar shampla, an lucht siúil nó na teifigh inniu). B’í aidhm an údair ná an lucht féachana a chur ag smaoineamh agus b’fhéidir cúrsaí a athrú ar bhealach éigin. Tá ceacht le foghlaimagainn go léir ón dráma seo: i., go mbíonn drochthionchar - agus uaireanta tionchar an-tragóideach - ag neamhshuim, míchineáltas agus fimíneacht an phobail ar dhaoine leochaileacha. Tiomáineadh Máire chun dúnmharaithe agus chun lámh a chur ina bás féin de dheasca na rudaí seo.

Ón gcéad nóiméad a fuair a muintir amach go raibh Máire ag iompar clainne chaith siad go huafásach. Thréig siad í in am an chruatain. Ba mhinic a labhair a máthair agus a deartháir Seán faoi Dhia, ach níorbh fhada go raibh siad ag tabhairt ‘striapach’ uirthi.

Ní raibh teagmháil ar bith aici lena teaghlach ó caitheadh amach í, mar, nuair a bhuail sí le Colm níos déanaí, ní raibh a fhios aici go raibh a deartháir, Liam, ag smaoineamh ar phósadh.

Chonaic Máire fimíneacht an tsaoil arís nuair a chuaigh sí ag obair don Bhean Uasal. Nuair a chonaic an bhean go raibh Máire ‘trom’ thug sí fógra seachtaine di, mar, dar léi, ní fhéadfadh sí duine mar sin a choimeád ina teach. Cheapfa go mbeadh níos mó tuisceana ag máthair iníonacha do Mháire, ach bhí Bean Uí Chinsealaigh díreach chomh cruálach le máthair Mháire féin.


B’uaigneach agus b’uafásach an saol a bhí ag Máire ó rugadh a hiníon. Rinne sí a dícheall a bealach a threabhadh tríd an saol ina haonar, ach ba bheag an seans a bhí aici. Bhí na mná sa teach lóistín doicheallach agus cruachroíoch. Ní raibh meas ar bith acu uirthi - toisc go raibh leanbh ‘tabhartha’ aici.

Bhain an bhean a thug aire do Phádraigín leas as Máire, mar bhí a fhios aici nach raibh mórán air-

gid aici. Bhí Máire ag dul ar aghaidh lena saol agus seans go leanfadh a saol mar sin murach gur tháinig Pádraig ar ais.

Nuair a bhuail sí leis arís nochtaíodh an grá agus an dóchas a bhí faoi cheilt aici i rith an ama. Shíl sí go raibh Pádraig tagtha ar ais chun í a phósadh, ach, nuair a mhaslaigh sé í ag an deireadh agus nuair a thug sé striapach uirthi, b’in an buille deireanach agus mharaigh sí a leanbh agus í féin. Ba dhuine leochaileach tamáilte í Máire agus bhí cabhair de dhíth uirthi. Tharla an tragóid seo mar gheall ar fhimíneacht, cruálacht agus míchineáltacht an phobail. Tá ceacht dúinn go léir sa dráma seo gan amhras.

Gramadach Gan Dua! 16 An Forainm Réamhfhoclach



Is cumasc é an forainm réamhfhoclach de ‘réamhfhoclach’ + ‘forainm’, mar shampla:

‘ar’ + ‘mé’ = orm; ‘chuig’ + ‘sé’ = chuige; ‘do’ + ‘tú’ = duit.

R.	1ú	2ú	3ú f	3ú b	1ú Iol	2ú Iol	3ú Iol
ar	orm	ort	air	uirthi	orainn	oraibh	orthu
ag	agam	agat	aige	aici	againn	agaibh	acu
as	asam	asat	as	aisti	asainn	asaibh	astu
chuig	chugam	chugat	chuige	chuici	chugainn	chugaibh	chucu
de	díom	díot	de	di	dínn	díbh	díobh
do	dom	duit	dó	di	dúinn	daoibh	dóibh
faoi	fúm	fút	faoi	fúithi	fúinn	fúibh	fúthu
i	ionam	ionat	ann	inti	ionainn	ionaibh	iontu
le	liom	leat	leis	léi	linn	libh	leó
ó	uaim	uait	uaidh	uaithi	uainn	uaibh	uathu
roimh	romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rompu
thar	tharam	tharat	thairis	thairsti	tharainn	tharaibh	tharstu

Samplaí:

Is féidir linn an doras a oscailt.
Níl suim dá laghad aici sa spórt.
Bhain an madra geit asam.
Má bhrostaimid beimid sa bhaile rompu.
Chuaigh an carr tharainn faoi luas ard.

Cleachtaí:

- (i) An mbeidh cupán tae (ag:tú), a Mháire?
(ii) Bhain sé (de:sé) a chóta.
(iii) Cad atá ag teastáil (ó:siad)?
(iv) Tá aithne (ag:sé) (ar:sinn).
(v) Níl maitheas ar bith (i: sí).
(vi) Tá talamh bhog (faoi:tú).
(vii) Tháinig na héin (chuig:sinn).



Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie



Gaeilge – Teastas Sóisearach 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 1 / Roinn IV

Ceapadóireacht (50 marc)

Ceist 3 **B** **Scéal/Eachtra** **(50 m)**

Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:

“Léigh mé an teachtaireacht a bhí ar m’fhón póca: ‘Tar ar ais chugam láithreach. Tá drochscéala agam duit...’”

Baineadh geit asam. Teachtaireacht ó mo chara Sinéad a bhí inti. Bhí mé ag labhairt léi uair a’ chloig roimhe sin agus ní raibh cíós, cás ná cathú uirthi. Bhí sí féin agus a clann imithe ar cuairt go dtí teach a seanmháthar. Bhíomar beirt chun dul go dtí an Ghaeltacht maidin amárach. Bhíomar chun dul go dtí Coláiste Lurgan, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Bhíomar ag tnúth go mór le dul ann agus bheadh cuid dár gcairde scoile ag dul ann inár dteannta.

Caithfidh go raibh fadhb éigin aici. Cén drochscéala a bhí aici dom? Tháinig crith cos agus lámh orm. Bhuail scanradh mé. Arbh é go raibh a seanmháthair tar éis bás a fháil? Ní raibh an tsláinte go maith aici agus bhí tréimhse caite aici san ospidéal le déanaí. Ach dúirt Sinéad liom go raibh sí i mbarr na sláinte an uair dheireanach a thug siad cuairt uirthi agus go raibh sí ag smaoineamh ar cuairt a thabhairt ar a deartháir i Londain an tseachtain seo chugainn. Dá mba rud é go raibh sí tar éis bás a fháil ní bheadh sí ag dul go dtí Coláiste Lurgan i mo theannta maidin amárach. Bheadh sé sin go huafásach ar fad.

Go tobann bhuail m’fhón póca. Sinéad a bhí ann. ‘Conas atá tú?’ d’fhiafraigh sí díom. ‘Ná bac mise,’ d’fhreagair mé agus creathán i mo ghuth, ‘cén drochscéala atá agat dom?’ Lig sí osna. ‘Ní bheidh Ruairí ag dul go Coláiste Lurgan anois,’ ar sise agus í ag caoineadh, ‘beidh sé ag dul go dtí an Astráil lena clann.’ Lig mé osna mhór faoisimh. ‘Is cuma sa tsíoc faoi Ruairí,’ arsa mise léi agus áthas an domhain orm, ‘níl ann ach amadán ar aon nós. Chonaic mé é féin agus Úna Ní Néill ag pógadh a chéile ag stad an bhus ar maidin.’ ‘A leithéid de phleithche,’ arsa Sinéad agus fearg ina guth anois, ‘tá súil agam go bhfanfaidh sé san Astráil go deo. Feicfidh mé maidin amárach tú. Slán.’

Gluais

cás na cathú - (not) a care in the world ag **tnúth** - looking forward to
crith cos agus lámh - trembling all over **creathán** - shake
osna - sigh
faoiseamh - relief

Páipéar 2 / Roinn II

Filíocht (30 marc)

Ceist 3 Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceistanna a ghabhann leo. (15m)

Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.

Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó** as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.

Cill Aodáin

Anois teacht an earraigh beidh an lá ‘dul chun síneadh,

Is tar éis na Féil’ Bríde ardóidh mé mo sheol;

Ó chuir mé i mo cheann é ní stopfaidh mé choíche

Go seasfaidh mé thíos i lár Chontae Mhaigh Eo.

I gClár Chlainne Muiris bheas mé an chéad oíche,

Is i mBalla taobh thíos de thosnós mé ag ól;

Go Coillte Mách rachad go ndéanad cuairt mhíosa ann

I bhfogas dhá mhíle do Bhéal an Áth’ Mhoir.

Fágaim le huacht go n-éiríonn mo chroí-se

Mar éiríonn an ghaoth nó mar scaipeas an ceo

Nuair a smaoinim ar Chearra nó ar Ghaileang taobh thíos de,

Ar Sceathach a’ Mhíle nó ar phlánaí Mhaigh Eo.

Cill Aodáin an baile a bhfásann gach ní ann,

Tá sméara is sútha craobh ann is meas ar gach sórt;

Is dá mbeinnse i mo sheasamh i gceartlár mo dhaoine

D’imeodh an aois díom is bheinn arís óg.

Antoine Ó Raifteirí

Crónán na mBeach

Is aoibhinn crónán na mbeach fiáin

Sna scothanna faoi bhláth aon lá dea-shín

Nuair a dhealraíonn grian ar chnoc is ar bhré

Is gáireann an domhan faoi shoilse an lae.

Ach an son is binne a chluintear ann

‘S fuaim na beiche ‘measc bhláth na mbeann,

Nuair a shonann sciatháin gach míl ar an spéir

Is déantar binnchláirseach den mhórchnoc go léir.

Ó tabhair dom sliabh fiáin le fraoch faoi bhláth,

Is spéir an tsamhraidh gan smúit gan scáth,

Scothanna ag dealrú i mo thimpeall go léir,

Is crónán na mbeach os mo chionn ins an spéir.

A (Buntuisicint)

- (i) (a) Cad atá i gceist ag an bhfile a dhéanamh san earrach? (Cill Aodáin)
(b) Cad atá i gceist ag an bhfile a dhéanamh i mBalla? (Cill Aodáin)
- (ii) (a) Cén fhuaim is binne leis an bhfile? (Crónán na mBeach)
(b) Luaigh dhá rud a thaitníonn leis an bhfile i véarsa 2. (Crónán na mBeach)
- (iii) (a) Cén sórt áite í Cill Aodáin, dar leis an bhfile? (Cill Aodáin)
(b) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile le ‘binnchláirseach’ i véarsa 1, dar leat. (Crónán na mBeach)

B (Léirithuisicint Ghinearálta)

- (i) Cad chuige, dar leat, go dtaitníonn Maigh Eo chomh mór sin leis an bhfile san earrach, dar leat? (Is leor **dhá** phointe eolais)
- (ii) Déan cur síos **gairid** ar **chosúlacht amháin** agus ar dhifríocht amháin atá idir an dá dhán.
- (iii) I gcás dáin **amháin** den dá dhán thuas, tabhair cuntas **gairid** ar an tábhacht a bhaineann le fuaim na bhfocal ann. (Is leor **dhá** phointe eolais a lua.)

Gluais

i bhfogas - i bhfoisceacht/within
plánaí - machairí/plains

Gluais

scothanna - bláthanna
dea-shíon - dea-aimsir
dealraíonn - soilsíonn
son - fuaim
sonann - fuaimníonn
míl - moil (uatha)/fly/bee
cláirseach - harp
fraoch - heather
gan smúit gan scáth - gan
scamall gan dorchadas
ag dealrú - ag bláthú/shining

Ábhair Nua

Ag iarraidh go gcuirfear rphost chugat nuair a chuirtear ábhair nua ar an suíomh?

Tabhair dúinn do sheoladh ríomhphoist ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Lean muid ar:



Le tacaíocht ó:



Comhar na Múinteoirí Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta





Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚR 12 - Ag Téacsáil sa Rang Líon na Bearnaí - Tá na focail sa bhosca thíos

fionraí, mata, oibre, ag éisteacht, mhíshásta, ag téacsáil, Rug, údarásach, náire, pleidhcíochta, ceacht, leithscéal, fheargach, fonn, dhrochiompar

Ag Téacsáil sa Rang



An Luan a bhí ann. De réir cosúlachta bhí an rang ____ faoi lán seoil. Bhí an múinteoir ag iarraidh fadhb matamaitice casta a mhíniú don rang. Bhí na daltaí go léir ____ go cúramach leis an múinteoir.

Ach is léir nach raibh Eoghan ag éisteacht in aon chor, mar bhí a fón póca amuigh aige. Ansin thug an múinteoir tasc gearr don rang. Bhí gach duine ag díriú go dian dícheallach ar an tasc sin, seachas Eoghan. Ní raibh Eoghan ag tabhairt aon aird ar obair an ranga. Bhí ____ air cóisir a eagrú. Bheadh a thuismitheoirí imithe don deireadh seachtaine agus dá bharr bheadh teach saor aige! Thosaigh sé ____.

Thug an múinteoir faoi deara nach raibh Eoghan ag déanamh a chuid ____ agus shiúil sí ina threo. Bhí Eoghan fós sáite sa téacs agus ní fhaca sé an múinteoir ag teacht. ____ sí air agus é fós ag téacsáil, bhí an múinteoir réidh le cearg!! Bhí cuma an-____ ar aghaidh an mhúinteora. Thóg sí an fón póca uaidh ar an bpointe boise. Déarfainn gur thug sí íde béil dó freisin.

Tar éis an ranga bhí ar Eoghan dul chuig Oifig an Phríomhoide. Duine ____ cancrach a bhí sa phríomhoide de réir dealraimh. Mheabhraigh sí d'Eoghan gur sháraigh sé rialacha na scoile. Chuir sé béim ar thábhacht na rialacha. Dúirt an príomhoide le hEoghan gur chuir a chuid ____ isteach ar obair an ranga. Chomh maith leis sin mhínigh sí d'Eoghan gur chuir sé as don mhúinteoir mata freisin. Bhí an-aiféala ar Eoghan, agus thuig sé go maith go raibh sé i dtrioblóid mhór!

Ansin chuir an príomhoide glaoch ar mháthair Eoghain. D'inis sí an scéal uilig do mháthair Eoghain. Ní mó ná sásta a bhí máthair Eoghain faoin scéal. Bhí ____ an domhain uirthi. Bhí ionadh uirthi go ndéanfadh Eoghan a leithéid - dúirt sí nár chreid sí go raibh a leithéid de ____ ar siúl aige!

Tháinig máthair Eoghain chun na scoile láithreach chun labhairt leis an bpríomhoide. Thug an bheirt íde béil d'Eoghan. Bhí a mháthair an-____ leis. Dúirt sí gur chóir dó ____ a fhoghlaim ón eachtra seo agus díriú isteach ar a chuid oibre. Chuir an príomhoide comhairle a leasa ar Eoghan freisin. Dúirt sí leis gur chóir dó rialacha na scoile a leanúint agus meas a bheith aige ar mhúinteoirí na scoile. Mhínigh sí dó go raibh sé de dhualgas ar lucht na seú bliana dea-shampla a thabhairt do na daltaí eile sa scoil lena n-iompar. Cuireadh Eoghan ar ____ lae. Bhí brón agus aiféala an domhain ar Eoghan ag an bpointe seo. Ghabh sé ____ lena mháthair agus leis an bpríomhoide faoina dhroch-iompar. Gan amhras ar bith is fíor don seanfhocal Ní féidir ceann críonna a chur ar cholainn óg' sa chás áirithe seo!



Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie



OSSP - Daonlathas - An Próiseas Vótála in Éirinn

Cé atá in ann vótáil in Éirinn?

Is féidir le haon saoránach atá ina chónaí i bPoblacht na hÉireann agus atá os cionn 18 mbliana déag d'aois vótáil. Tá liosta de na daoine ar fad a bhfuil cead acu vótáil ar chlár na dtoghthóirí. Má aistríonn tú go dtí teach nua nó murar chaith tú vóta cheana, is gá duit clárú chun vóta a chaitheamh. Is féidir é seo a dhéanamh in oifig an údaráis áitiúil.

Cén uair a dhéanann muid vótáil?

Vótálann saoránaigh i gcineálacha éagsúla toghchán agus i reifrinn.

Toghchán áitiúil - Seo chun baill a thogha chuig udaráis áitiúla. Tarlaíonn na toghcháin seo gach 5 bliana.

Olltoghchán - Seo chun baill a thogha chuig an rialtas náisiúnta. Caitear olltoghchán a rith gach 5 bliana.

Fothoghchán - Is seo chun TD nua a thogha i gceantar.

Toghchán Eorpach - Seo chun baill a thogha chuig Parlaimint na hEorpa. Feisire de Pharlaimint na hEorpa an t-ainm a bhíonn ar na baill seo. Caithfear toghchán Eorpach a réachtáil gach 5 bliana.

Toghchán Uachtaránachta - Tarlaíonn sé seo gach 7 mbliana chun uachtarán a thoghadh. Bíonn cead ag Uachtarán dhá thréimhse de 7

mbliana a chaitheamh ach níl cead níos mó ná sin. Is féidir vótáil i reifreann freisin. Is féidir reifreann a bheith ar siúl má bhíonn muid ag iarraidh aon dlí sa bhunreacht a athrú.

Modh toghcháin - An Corás Cionmhar

Is é an córas vótála atá i bhfeidhm in Éirinn ná an córas cionmhar. Ciallaíonn an córas cionmhar gur féidir le vótálaithe a n-iarrthóirí a léiriú in ord roghnach ar an bpáipéar ballóide. Bíonn ainm na n-iarrthóirí, pictiúir de na hiarrthóirí agus suaitheantas an pháirtí le feiceáil ar an bpáipéar.

Céimeanna chun vótáil

Céim 1

Chun vótáil in olltoghcháin caithfidh tú a bheith os cionn 18 mbliana d'aois agus caithfidh d'ainm a bheith cláraithe ar chlár na dtoghthóirí

Céim 2

Nuair a bheidh tú cláraithe chun vótáil tiocfaidh cárta vótála chugat sa phost roimh an toghchán. Beidh do chuid sonraí ar an gcárta vótála.

Céim 3

Lá an toghcháin rachaidh tú chuig an ionad vótaíochta. Is bunscoil áitiúil é sin go hiondúil. Bíonn gá duit cárta aitheantas a thaispeáint.

Céim 4

Tabharfar páipéar ballóide duit ag an ionad vótaíochta.



Céim 5

Déantar vótáil ansin go rúnda i mboth vótaíochta. Ballóid rúnda a thugtar air sin. Bíonn liosta de na hiarrthóirí ar an bpáipéar agus cuirtear síos uimhir ó 1 ar aghaidh de réir do rogha, m.s uimhir 1 le taobh an iarrthóra atá mar chéad rogha atá agat, agus mar sin de.

Céim 6

Filleann tú an páipéar ballóide nuair a bhíonn tú réidh leis agus cuireann tú sa bhosca é.

Céim 7

Ag an gcomhaireamh, déantar an bosca ballóide a oscailt agus comhairtear na páipéir bhallóide. Bíonn gach iarrthóir ag iarraidh cuóta a bhaint amach. Is é an cuóta an uimhir is lú vótaí a theastaíonn chun a bheith tofa.

Céim 8

Bíonn níos mó iarrthóirí sa toghchán ná mar atá de shuíocháin sa Dáil, mar sin leanann an comhaireamh ar aghaidh go dtí go mbíonn gach iarrthóir tofa nó curtha as an áireamh.

OSPS - Sábháilteacht dóiteáin

Faigheann 46 duine ar meán bás in Éirinn de bharr dóiteán. Fulaingíonn os cionn 1,000 duine gortú ó thine. Sa chuid is mó de chásanna thabharfadh leibhéal réasúnta oideachais agus airdill cosaint in aghaidh an dóiteáin.

Tá trí riaiil ann chun a chinntiú go mbeidh tú féin agus do chlann sábhailte ó dhóiteán :

Cosaint

Déan cinnte nach dtarlaíonn dóiteán.

Brathadóireacht

Má thosaíonn tine i do theach, tabharfaidh rabhadh luath dóthain ama chun éalú .

Aslonnú

Nuair a fhaigheann tú rabhadh go bhfuil tine ann, ba cheart imeacht as an bhfoirgneamh chomh sciobtha agus chomh héifeachtach agus is féidir ag baint úsáid as plean a bheidh socraithe roimh réidh.

Cosaint in aghaidh dóiteáin

- Ná fág coinnle ar lasadh gan duine a bheith thart chun súil a choinneáil orthu.
- Ná fág cipíní ná lastóirí in áit ar féidir le leanaí a theacht orthu.
- Na seas róghar do thinte ná do théiteoirí.
- Ná bain úsáid as gléas leictreachas atá lochtach.
- Bíodh aláram dóiteáin atá ag obair socraithe sa teach.
- Bain úsáid as spréach-gharda in áit a mbíonn tinte oscailte.
- Coinnigh doirse inmheánacha dúnta san oíche.





Comhairle Gairmthreorach: Ag réiteach le haghaidh na dTrial-Scrúduithe agus na Scrúduithe Stáit sa mbliain nua

Bliain nua faoi shéan agus faoi mhaise daoibh uilig. Tá an t-eolas seo dírithe go háirithe ar na ranganna scrúdaithe, is é sin ranganna an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteiste a bheas ag déanamh scrúduithe i mbliana.

Ní mhór tosú anois chun an seans is fearr a thabhairt duit féin marcanna/pointí arda a fháil. Ná fág an obair uilig atá le déanamh go dtí an nóiméad deiridh. Beidh na trial-scrúdaithe ar siúl i gceann cúpla mí agus na scrúdaithe stáit iad fhéin taobh istigh de 6 mhí. Tá sé tábhachtach chomh maith leis na suimeanna agus caitheamh aimsire atá agaibh, an obair baile agus staidéar a dhéanamh freisin.

Má tá imní ort nach bhfuil an méid sin oibre déanta agat suas go dtí seo, tá neart am ama agat fós le tosú. Ar ndoigh, ní mhór duit a bheith cinnte go bhfuil tú ag fáil luach do shaothair leis an am a chaitheann tú ag foghlaim/staidéar. Ní mór duit a bheith dírithe go hiomlán ar an obair atá á dhéanamh agat, mar shampla, ní mhór go mbeadh bealaí agat chun cuimhneamh ar an eolas atá foghlamtha agat agus an staidéar atá déanta.

Ceisteanna a léamh/a fhreagairt

Bealach an-mhaith nuair a bhíonn tú ag staidéar

ná a bheith ag seiceáil cé mhéad atá ar eolas agat. Beidh tú in ann na ceisteanna seo a fháil sna páipéir scrúdaithe, nó go minic bíonn ceisteanna ag deireadh na caibidle ina lán ábhar. Bíonn na páipéir scrúdaithe le fáil i ngach ábhar. Chomh maith leis sin, is fiú am a chaitheamh ag dul siar ar thorthaí scrúduithe na Nollag agus labhair le do mhúinteoir más rud é go raibh tú míshásta le do chuid torthaí. B'fhéidir nach raibh an t-eolas agat chun na ceisteanna a fhreagairt nó b'fhéidir nár thuig tú an cheist i gceart. Go minic scríobhann mic léinn an iomarca i gceist amháin agus ní fhágann siad a ndóthain ama le haghaidh ceist eile a fhreagairt. Tá an méid ama a thugann tú do gach ceist an-tabachtach. Ní féidir leat marcanna maithe a fháil mura bhfuil na ceisteanna uilig freagartha agat.

Spriocanna laethúla, seachtainiúla agus míosúla

Is í an phríomhaidhm ba cheart a bheith agat sula ndéanann tú aon rud eile ná a bheith cinnte go bhfuil spriocanna agat roimh ré agus go n-oibreann tú i dtreo na spriocanna sin i ngach ábhar. Bá cheart go mbeadh tuiscint an-mhaith agat anois tar éis scrúduithe na Nollag cá seasann tú i ngach ábhar agus go scríobhann tú síos na spriocanna le

haghaidh gach ábhar agus a bheith cinnte go bhfuil siad réalaíoch. Mura bhfuil ní bheidh tú á leanúint. Ná lig síos tú fhéin de bharr easpa eagrúcháin. Gan spriocanna a bheith agat ní bheidh tú in ann monatóireacht a dhéanamh ort fhéin agus an dul chun cinn atá á dhéanamh agat. Leag amach do spriocanna go laethúil, go seachtainiúil agus go míosúil go mbeidh tú compordach leo agus ag fáil toradh ar do chuid oibre.

Bíodh an sprioc atá leagtha amach sonrach; má bhíonn sé doiléir ní dhéanfaidh tú é. Go minic, tosaíonn an foghlaim sa rang, ansin beidh tú ag cur leis nuair a dhéanfaidh tú an obair baile agus le bheith cinnte go gcuimhneoidh tú ar an eolas sin nuair a theastaíonn sé uait tá rud amháin eile atá riachtanach agus sin “dul siar” ar an obair. Cuimhneoidh tú ar 10% don mhéid a léann tú, 20% den méid a chloiseann tú, 30% den méid a fheiceann tú, 50% den méid a chloiseann agus a fheiceann tú, 70% den méid a deir tú agus 90% den méid a dhéanann tú. Beidh tú fíorshásta má leanann tú na treoracha seo agus beidh torthaí sásúla agat dá bharr. Is é sin, gur shroich tusa na spriocanna a bhí leagtha síos agat duit féin.

Obair Baile/Staidéar

Tá difríocht idir staidéar agus obair baile. Tá sé

níos éasca an obair baile a dhéanamh mar tugann an múinteoir an obair baile duit ach beidh ort fhéin an staidéar a dhéanamh. Is é sin dul siar ar chaibidil nó ar cheacht atá clúdaithe cheana cúpla lá nó cúpla seachtain ó shin. Á ndoigh ní mhór go mbeadh tuiscint iomlán agat ar an gceacht sula mbeidh tú in ann dul siar ar. Cuir neart ceisteanna ar an múinteoir sa rang mura dtuigeann tú céard atá le foghlaim agat mar ní féidir foghlaim gan tuiscint. Beidh na múinteoirí breá sásta gach ceist a fhreagairt agus gach rud a mhíniú níos mó ná uair amháin, más gá.

Réiteach don bhliain nua

Anois leag amach plean staidéir duit féin sa gcaoi is go mbeidh tú réidh le haghaidh na dTrial-scrúduithe. Tá buntáistí móra ag baint le clár ama, mar bíonn tú in ann siúl a choinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agat sda tréimhse ama atá amach romhat. Cabhróidh sé go mór leat díriú ar ábhar faoi leith. Go n-éirí go geal leat.

Patricia Uí Fhlaithearta,

Comhairleoir Gairmthreorach

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Nua an tseachtain seo ag www.oideachas.gaelisceal.ie

Nua ar líne an tseachtain seo


- An clár 'San Eangach' faoin téama "An Chlann". Bhí an clár seo mar shraith teilifíse de chuid 'Síol'. Léiríonn an clár seo saol an teaghlaigh in Éirinn ar bhealach atá ceannrúdaíoch agus conspóideach.
- Gníomhaíocht ranga do mhúinteoirí don rang OSSP bunaithe ar:
 - Maoirseacht - Lorg Carbóin
 - Cearta agus Cúramaí
- Freisin féach ar fhíseán faoi príomhphointí na nótaí OSSP agus OSPs atá sa nuachtán an tseachtain seo.

Tá an t-ábhar seo leanas le fáil ar an suíomh:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín "Na Rúin" agus Údar
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaim na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPs.



Crosfhocal 16.01.2013



NODA

TRASNA

- 1 Ciall, fáth (3)
- 4 Áit a mbíodh manach ag rá a chuid paidireacha fadó (4)
- 6 Ná déan seo, nó ná bris seo a deir an seanfhocal (3)
- 8 An mhéad giall a bhí ag Niall, b'fhéidir (4)
- 9 Gasta, tapa (4)
- 10 Cur isteach, ciapadh (3)
- 11 Beirt atá pósta (6)
- 13 Gloine atá i spéaclaí, nó ceamara (6)
- 16 Deacair, rud nach bhfuil simplí (5)
- 18 Lorg, traic (4)
- 19 Roinn, le scian nó síosúir (5)
- 20 San iarthar (5)
- 22 Bia do bhó nó capall (4)
- 24 Beannacht croíúil ó dhuine roimh chuairteoir (6)
- 26 Bia déanta i mbácús as plúr agus uisce (4)
- 27 Carraig, a chuireann isteach ar chaighdeán uisce faoin tuath (3)
- 28 Saghas arbhair, nó barr cosúil le eorna nó cruithneacht (6)
- 29 Chugat, i do threo (5)

síos

- 2 Dearg, dath sionnaigh (3)
- 3 Fál nó struchtúr déanta as clocha nó brící (5)
- 4 Freagrach, lochtach (8)
- 5 Dán fada nó abhainn i gCorcaigh (4)
- 7 Ruaim, salach (4)
- 10 Gúna dubh a chaitheann sagart (5)
- 12 An t-am sin, an uair sin, ar an ócáid sin (5)
- 14 Ceann de thrí oileán Árann, Inis ____ (4)
- 15 Deasca poiblíochta ag imeacht nó comhdháil (7)
- 17 Duine gurbh fhéidir leat a bhrath air nó uirthi (4)
- 20 Bóthar a théann faoin talamh (6)
- 21 Ar an teorann, ar an chuid is faide ón lár (6)
- 22 Eolas (4)
- 23 Grúpa foghlaimoirí (4)
- 24 Páirtí polaitiúil, Fianna ____ (4)
- 25 An cos a chuireann saighdiúir chun tosaigh de ghnáth (3)

Crosfhocal

09.01.2013

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Caitlín Uí Fhríol,
11 Sráid Marlborough,
Doire

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20
urraithe ag Cló Iar-Chonnacht
ar bhuaiteoir na seachtaine.Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh
21.01.2013 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal,
15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.

Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin



Bróga ar Strae - Cá háit a mbíonn an ceann eile?

Dhá bhróg ar dhá chois, sin go hiondúil mar a bhíonn sé. Ceannaíonn duine “péire bróg”. Ar ndóigh tá daoine ann agus níl acu ach cos amháin agus ní theastaíonn ach bróg amháin, ach den chuid is mó is péire bróga a cheannaítear.

Agus an té atá siúlach, bíonn sé scéalach! Ach dá mbeadh an bhróg ar an gcois eile (mo leithscéal faoin imeartas focal sin) agus dá mba iad na bróga a bheadh in ann na scéalta a insint, creidim go mbeadh na scéalta sin suimiúil.

Cén scéal a bheadh ag an mbróg bhocht a bhfuil a cara ‘clé’ caillte aici agus atá anois ag imeacht síos le sruth faoi luí na gréine? Céard a tharla di? Ar bhain a húinéir dhó an dá bhróg agus go ndearna sé dearmad ceann amháin a chur air féin arís?

Tá mé i mo chonaí in aice le habhainn sa Spáinn agus cuireann sé in oiread iontais orm an méid bróg a bhíonn le feiceáil caite ar fud na háite.

Téann go leor daoine, idir mhuintir na háite agus turasóirí ag siúl in aice na habhainn go minic, go háirithe sa samhradh.

Tá sé soiléir go n-athraíonn siad a gcuid bróg le dhul ag siúl san uisce ach as ucht Dé orthu, tugaidís chuile phéire bróg a bhí acu ag teacht ar ais abhaile leo arís. I ndáiríre atáim, mar go mbíonn chuile chineál bróg



Ach cá mbíonn an ceann eile?

caite thart sna áit, idir bhuataisí, bróga reatha agus cuaráin agus iad ar chuile dhath faoin spéir.

Is ait liom, ach go háirithe, nuair nach mbíonn ann ach bróg amháin fágtha. Tuigim go gcailleann daoine rudaí i gcónaí ach Dia dhá réiteach, cén chaoi a dtarlaíonn sé go gcailleann an méid sin daoine na rudaí céanna ar an lá céanna.

Mura bhfuil do chuid bróg uait féin, tabhair do dhuine éigin eile iad, mar nílím ag caint ar seanbhróga anseo. Cé go mbíonn siad sin caite thart san áit freisin, gan dabht, bíonn go leor cinn nua ann chomh

maith! Ait.

Úsáidtear bróga mar mhaisiúcháin freisin. Féach ar an mbealach a gcaitear suas ar línte teileafóin iad! Is cosúil go bhfuil cúis éigin leis an nós mhaireacht seo ach sin scéal eile. Ní mór do dhaoine níos mó measa a bheith acu ar a gcuid bróg. Tá ainmneacha agamsa ar mo chuid bróg féin!

Agus níor chaill mé aon cheann acu riamh, ná bac le péire acu! Bí ag faire amach an chéad uair eile a mbeidh tú amuigh ag siúl agus chuirfinn geall leat go bhfeice tú bróg nó bróga caite anseo agus ansiúd ar chúis éigin.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9m
go dtí 9m

Teachtaireachtaí téacs gan iarraidh a fháil

Ceist:

Nuair a chuir mé mo bhallraíocht d'ionad áitiúil fóillíochta ar ceal breis agus bliain ó shin, roghnaigh mé nach ndéanfaí breis teagmhála liom. Le déanaí, díoladh an t-ionad fóillíochta agus tá teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh á bhfáil agam ón mbainistíocht nua. An féidir liom stop a chur leis na téacsanna seo?

Freagra:

Láimhseálann an reachtaíocht um Chosaint Sonraí margaíocht dhíreach gan iarraidh a sheoladh ar bhonn an-dáiríre agus cuireann siad cosaint ar fáil ina leith seo. Tugann na Rialacháin um Príobháideachtas Leictreonach (I.R. 336 de 2011) an ceart duit cosc a chur ar eagraíochtaí as meáin leictreonacha a úsáid (gutháin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, facs) chun dul i dteagmháil leat chun táirge nó

seirbhís a dhíol leat.

Faoin dlí, ní féidir le cuideachtaí ríomhphoist nó teachtaireachtaí téacs margaíochta, nó glaonna margaíochta a chur ar dhaoine, murach gur roghnaigh na daoine siúd iad a fháil.

Anuas air sin, ní féidir leo sonraí teagmhála a choimeád ar chomhad ach ar feadh 12 mhí gan toiliú athnuachana a fháil. Sa mhullach air sin, tá sé i gcoinne an dlí sonraí teagmhála a sheoladh ar aghaidh chuig daoine eile.

I do chás féin, tá breis agus 12 mhí caite ó d'imigh tú an t-ionad fóillíochta agus d'iarr tú go mbainfí do shonraí teagmhála dá mbunachar sonraí. Ina ionad sin, bheadh an chuma ar an scéal gur cuireadh na sonraí siúd ar aghaidh chuig duine nach raibh aon teagmháil roimhe agat leo. I ngach ceann de na cásanna seo, tá an dlí á shárú agus tá gach ceart agat gan na teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh seo a fháil.

Féadfaidh tú gearán a dhéanamh leis an

gCoimisinéir um Chosaint Sonraí i scríbhinn, trí ríomhphost nó ar líne.

Nuair a bhíonn gearán á dhéanamh, ba cheart duit an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar, lena n-áirítear do shonraí féin teagmhála, am agus dáta na teachtaireachta, cóip den teachtaireacht más féidir, nó achoimre ar an ábhar mura féidir. Chomh maith leis sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil faoi aon déileáil roimhe seo le seoltóir na teachtaireachta, mar aon le ráiteas a dhéanamh ina luann tú go mbeidh gearán foirmiúil á dhéanamh agat. Anuas air sin, má dhéanann an Coimisinéir an cinneadh chun an ciontóir a ionchúiseamh, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ort ráiteas faoi mhionn a thabhairt nó chun teacht os comhair na cúirte chun fianaise a thabhairt. Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéis do Shaoránaigh thíos.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Faisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Ullmhúcháin Faoi Lán Seoil ag Foireann Rugbaí na mBan

Dé Domhnaigh, 3 Feabhra, An Bhreatain Bheag v Éire
Aberavon's Talbot Athletic Grounds @ 13.30

Gráinne McElwain

CUIRFEAR tús le Comórtas na Sé Náisiún i gceann coicise agus aird an phobail, ar ndóigh, ar fhoireann rugbaí na bhfear. Ach ar an Domhnach, an deireadh seachtaine céanna, feicfear mná na hÉireann ag tabhairt aghaidh ar mhná na Breataine Bige.

Níl mórán cainte faoi sin ach tá an-deis ag foireann na hÉireann an cluiche seo a bhuachan go háirithe leis an dul chun cinn a rinne siad sa chomórtas anuraidh. Chríochnaigh Éire sa tríú háit anuraidh agus Sasana ag buachan don tríú bliain as a chéile, ach is é an cluiche in aghaidh na Breataine Bige a sheas amach.


D'éirigh leis na hÉireannaigh iad a bhualadh 36-0, an scór is fearr riamh a fuair siad in aghaidh na Breataine Bige. Mar sin, tá foireann na hÉireann an-dóchasach agus iad ag iarraidh críochnú sa chéad dá áit ar chlár na bpointí i mbliana.

Ar an drochuair, níl cluiche imeartha ag foireann na hÉireann ó chríochnaigh comórtas na Sé Náisiún i mí an Mhárta anuraidh, ach mar sin féin níl cóitseálaí na foirne, Philip Doyle, róbhuartha faoi sin.

Chaith na mná go leor ama ag traenáil idir an dá linn agus tá go leor imreoirí nua óga ar an bpainéal agus tá Éire níos láidre dá bharr. Tá an doimhneacht sin ag teastáil mar nach raibh sé sin ag Éire in aghaidh Shasana anuraidh. Bhí mná na hÉireann ag imirt go maith ach le fiche nóiméad fágtha, chuir na Sasanaigh ionadaithe ar an bpáirc a rinne difear agus chríochnaigh siad níos láidre ag buachan an cluiche 23-6.

Tá ochtar imreoirí ar an bpainéal a imríonn a gcuid rugbaí thar lear i Sasana agus tá an IRFU tar éis oibriú go dlúth le Mike Blair atá i gceannas ar na Exiles.

Ciallaíonn sé go bhfuil níos mó cumarsáide idir na foirne agus go bhfuil deis ag na cailíní anois bogadh ar aghaidh go tapaigh go dtí an fhoireann sinsir mar go bhfuil siad réidh ó thaobh aclaíochta de chun imirt lena dtír. Ina theannta sin, bhí níos mó teagmhála idir bainistíocht na foirne idirnáisiúnta agus na Cúigí agus déanadh dul chun cinn ar ghnéithe



Lynne Cantwell, Éire
[PIC : SPORTSFILE]

teicniúla, rud a theastaíonn ó fhoireann na hÉireann.

D'éirigh le Cúige Mumhan stop a chur le Cúige Laighean chun an comórtas idirchúige a bhuachan den dara bliain as a chéile roimh an Nollaig i gcomórtas a bhí an-iomaíoch. Sin iad na cúiseanna nach bhfuil Philip Doyle buartha faoina laghad ama atá caite ag na cailíní le chéile.

I measc na n-aghaidheanna nua ó na Exiles a bheas ag imirt i mbliana, beidh Hat Hewitt, Larisaa Muldoon agus Lauren Day agus is fiú súil a choinneáil amach do Jenny Murphy (Laighin) agus Nicole Fitzgerald (Mumha) sa líne leathchúil.

Tá taithí faighte ag go leor de na himreoirí a thosaigh den chéad uair i

ngeansaí na hÉireann anuraidh ar nós Christine Arthurs (Connacht), Ashleigh Baxter (Ulaidh), Ashling Hutchings (Mumha) sa chosaint agus Paula Fitzpatrick (Laighin), Sophie Spence (Exile) agus Siobán Fleming (Mumha) sna tosaithe gan trácht ar na himreoirí sinsearach ar nós Claire Molloy (Exile), Lynne Cantwell (Richmond), Fiona Coughlan (Laighin), Nora Stapleton (Laighin) agus Niamh Briggs (Mumha).

Tá an-seans ag Éire i mbliana agus beidh cluiche dúshláine acu in aghaidh na Spáinne an Domhnach beag seo ag Teach Carton chun na pleananna deireanacha atá acu a chur i gcrích sula dtéann siad chun na Breataine Bige.

CISPHEIL

Foirne i gCluiche Ceannais Chorn an Superleague socraithe

Gráinne McElwain

D'ÉIRIGH le Bord Gáis Neptune an lámh in uachtar a fháil ar a gcomharsana agus a naimhde, UCC Demons, le 76-71 an deireadh seachtaine seo caite chun áit a bhaint amach i gCluiche Ceannais Cispheile na bhfear sa Chorn Superleague a bheas ar siúl i mBaile Átha Cliath i gceann coicise.

Níor thosaigh Neptune go maith agus bhí siad 10 bpointe taobh thiar go luath sa chluiche, ach ní raibh ach pointe idir na foirne ag leatham. Fuair Gary Walsh dhá scór trí phointe as a chéile le sé nóiméad fágtha sa tríú ceathrú chun Neptune a chur chun tosaigh d4n chéad uair sa chluiche.

Go dtí sin, sna cluichí a d'imir na foirne in aghaidh a chéile, ní raibh ach dhá phointe eatarthu, ach b'iad na 20 pointe a d'aimsigh Walsh do Neptune an difear a bhí eatarthu ar an oíche.

Bhí ríméad an domhain ar Neptune, ar an gcóitseálaí, Mark Scannell, agus a lucht tacaíochta agus iad ag iarraidh an Chorn Náisiúnta a thabhairt cois Laoi den chéad uair ó 1992.

Is in aghaidh Sheaimpíní an Chorn, UL Eagles, a bheidh siad ag imirt tar éis dóibh an bóthar a thabhairt go UCD

Marian sa bhabhta leathcheannais eile. Níor imir na hEagles go maith sa chéad cheathrú agus beidh orthu tús i bhfad níos fearr a bheith acu sa chluiche ceannais. Bhí an scóráil íseal sa chluiche agus foireann Luimnigh ag críochnú 58-50 chun cinn ag an deireadh, ach bhí neart drámaíochta ann i dtreo dheireadh na himeartha.

Bhí na foirne cothrom agus gan ach nóiméad le dhul, ach d'éirigh le captaen na nEagles, Neil Campbell, agus an Meiriceánach, Rob Taylor, ciseáin a fháil chun an bua a fháil do UL. Ba chóir go mbeadh an-choimhlint idir na UL Eagles agus Neptune i gCluiche Ceannais an Chorn an deireadh seachtaine deireanach den mhí seo.

I gcomórtas na mban, is iad na seaimpíní ón mbliain seo caite, UL Huskies, a bheas in adharc a chéile le Team Montenegro Hotel, Corcaigh, sa chluiche ceannais.

Fuair UL Huskies an lámh in uachtar go furasta ar WIT Wildcats (85-46) ach bhí an cluiche leathcheannais eile níos déine idir Team Montenegro Hotel, Corcaigh, agus DCU Mercy.

Cad a chiallaíonn sé sin....? Is ón dá fhoireann seo a tháinig buaiteoirí an Chorn le sé bliana anuas.



Gary Walsh, Bord Gáis Neptune [PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Ar an gclai



Le John Allen

Ní glaise iad na cnoic atá i bhfad uainn i gcónaí

IS maith an scéal do CLG Bhaile Átha Cliath go bhfuil an t-ógánach, Ciarán Kilkenny, ag filleadh ar ais ón Astráil i ndiaidh achair an-ghearr.

Tá a fhios agam go raibh sórt faitís ann cúpla bliain ó shin go n-imeodh cuid mhaith de na peileadóirí óga ab fhearr sa tír go dtí an Astráil chun Peil na hAstráile a imirt.

Ach, cé gur imigh chuid dóibh, níor oibrigh rudaí amach don chuid is mó dóibh agus d'fhilladar ar ais.

Is chuimhin liom an ruaille buaile go léir a bhí ann ag deireadh 2003 nuair a bhí Setanta Ó hAilpín ag imeacht ag leanúint a bhrionglóid sall go dtí an Astráil. Bhí a lán daoine ag ceapadh an uair sin go mbeadh an t-uafás ógánach á leanúint.

Coimeádadh gnó an Ailpínigh faoi rún go dtí go raibh na páipéir go léir sínithe agus go raibh gach rud in ord. Bhíos mar roghnóir le hiománaithe Chorcaí ag an am agus bhíomar chun taisteal go Vítneam go luath in 2004.

Bhíos mar bhall de choiste a bhí ag eagrú an tsaoire sin agus bhí orainn pas gach duine a bhí ag taisteal linn a sheoladh go dtí Ambasáid na tíre sin i Londain.

Ní rabhas ábalta teangabháil a dhéanamh le Setanta. Ní raibh sé ag freagairt a fhón póca agus ag an am bhí a dheartháir, Seán Óg, sna Stáit Aontaithe agus a fhón múchta aige siúd freisin. I ndiaidh tuairim is deich lá, labhras leis agus d'inis sé an scéal ar fad dom go raibh sé ag fágáil na tíre chun Peil na hAstráile a imirt.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, bhí an scéal ag na meáin agus scríobh mórán ag an am faoin dainséar a bhí ann go mbeadh na peileadóirí is fearr ag leanúint Setanta. Bhí daoine ag caitheamh anuas ar an mBord Contae anseo nach ndearnadar a ndóthain chun Ó hAilpín a choimeád anseo.

Ach d'imigh sé agus tá sé ann fós cé gur dócha, chun a bheith firinneach faoi, nár oibrigh rudaí amach mar a bhí sé ag siúil leo.

Agus taobh amuigh de Jim Stynes agus Tadhg Kennelly, is beag Éireannach eile a rinne an t-athrú ón bpeil Ghaelach go dtí peil na hAstráile agus a shroich an barr sa spórt sin.

Tá fhios agam go bhfuil an Ciarraíoch, Tommy Walsh, fós ann agus go bhfuil ag éirí go maith leis, ach níor tharla an imirce a bhí fógartha agus tuigeann cuid mhaith de na hógánaigh nach bhfuil an fear níos glaise ar an taobh eile (ó thaobh peile de).

Beidh mé ag coimeád siúil anois ar an Kilkenny céanna, féachaint an ndéanfaidh sé iarracht an dá thrá a fhreastail faoi 21 i mbliana. Níl aon dabht ach go raibh Anthony Daly ar a thóir d'iománaithe an chontae.

Thaispeáin sé anuraidh go bhfuil sé maith go leor don fhoireann peile sa chontae. Ach de réir bhainisteoir na foireann peile, Jim Gavin, beidh Kilkenny ag imirt leo i mbliana.

Beidh mé ag faire amach freisin ar an mbeirt mionúr, Eric Lowndes agus Cormac Costelloe, ón bpríomhchathair a d'imir ceithre chraobh na hÉireann anuraidh idir an dá chód.

I mo thuairim, tá sé ionann agus dodhéanta a dá chód a imirt agus a bheith ar bharr do cheirde sá dá spórt.

Rinne Eoin Cadogan é i gCorcaigh agus ag an deireadh seachtaine d'fhógair sé nach mbeadh sé á dhéanamh arís i mbliana. Is iontach an t-imreoir é Cadogan ach ní dóigh liom gur shroich sé an t-ardchaighdeán atá ag teastáil sa dá chód anuraidh. I mbliana beidh sé ag imirt peile agus an dá chód lena chlub.


Mar aon leis sin, tá Damien Cahalane, a bhí mar chuid den phainéal iomána anuraidh, tar éis a chur in iúil don bhainistíocht nach mbeidh sé leo i mbliana mar go bhfuil sé chun dul leis na peileadóirí.

Bhí ráflaí sa chontae i rith an fhómhair go raibh Jimmy Barry Murphy chun cuireadh a thabhairt don bheirt pheileadóirí iontacha, Aidan Walsh agus Ciarán Sheehan, a bheith mar bhaill den painéal iománaíochta ach níor tharla sé agus ní dóigh liom do dtarlóidh.

Do na imreoirí a bhí maith go leor chun peil agus iománaíocht a imirt ag leibhéal sinsir idirchontae, bhí sé i bhfad níos éasca an dhá chód a imirt roimh aimsir na gcluichí cáilithe. Nuair a chaill d'fhoireann sa chraobhchomórtas i spórt amháin, bhí do shéasúr sa spórt sin déanta agus bhí tú ábalta d'iomlán a thabhairt don spórt eile.

Anseo i gCorcaigh, tá (nó bhí) an tradisiúin ann d'imreoirí a bheith ag imirt an dá spórt agus ní raibh mórán faidhbe leis an gcóras sin go dtí tuairim is deich mbliana ó shin nuair a tugadh isteach an "cúldoras".

Na laethanta seo, tá i bhfad níos mó traenála agus cluichí i gceist agus tá an caighdeán níos airde ná mar a bhí sé riamh. I mo thuairimse, tá sé dodhéanta an dá thrá a fhreastal.



Tommy Walsh ag imirt thall san Astráil do St. Kildas [PIC: MARTIN PHILBEY / SPORTSFILE]

Rugbaí

Míorúilt do Chorn Heineken ó Schmidt

Cillian Ó Conchúir

AN deireadh seachtaine seo chugainn, beidh Laighin agus Mumha sa choimhlint arís sa Chorn Heineken. Cé nach mbeidh siad ag tabhairt aghaidh ar a chéile go díreach, tá siad araon ar thóir áite sna babhtá ceannais den comórtas agus an baol ann nach mbeidh spás ann ach d'fhoireann amháin acu.

Mumha agus Laighin

Faoi láthair tá Mumhan ar an dara foireann is fhearr i measc na bhfoirne sa dara háit sna sé ghrúpa. Tá Laighin sa cheathrú háit, ach le Leicester ag imirt i gcoinne Toulouse an tseachtain seo chugainn agus beidh ceann acu as an imirt má chailleann siad. Dá bharr sin, is féidir a rá go bhfuil Laighin sa tríú háit agus an bhearna idir iad féin agus na Mumh-nigh - Úd amhain!

"Níl foireann ar bith chun a rá go bhfuil siad amuigh as an gcomórtas toisc nach bhfuil a fhios acu cad atá chun tarlú," a dúirt Joe Schmidt agus aiféala air nár bhain siad níos mó ná cúig úd amach i gcoinne Scarlets.

"Bhí dhá úd eile ba chóir dúinn a fháil. Tá frustrachas ann ach táimid san áit ina bhfuilimid agus ní féidir ach smacht a bheith agat ar na nithe go bhfuil tionchar agat orthu."

Nuair a luadh le Isaac Boss go bhféadfadh Mumha agus Laighin a bheith ag troid ar son aon áit amháin, ní raibh mórán suime aige cé a bheadh ann.

"D'fhéadfadh sé a bheith eadrainn, ach chun a bheith macánta is cuma cé atá ann chomh fada is go mbain-fimid cáilíocht amach. Táimid ag díriú orainn féin agus seans go bhfuil siadsan ag déanamh an rud céanna."

Bhain Laighin cúig úd amach an tseachtain seo caite i gcoinne Scarlets ach ní raibh sé ar chumas na Mumhan ach dhá úd a scóráil i gcoinne Dhún Éideann.

Tá Racing Metro le theacht agus foireann níos éasca le n-imirt ag na



Joe Schmidt
[PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Laighnigh, cheapfá go mbeadh roinnt aiféala ar Rob Penney. Murab ionann agus Jonathan Sexton ar an Satharn, nuair a tugadh cic éirice do Mhumhan, bheartaigh O'Gara pointí a chur ar chlár na scór seachas iar-racht a bhaint as an síneadh amach chun úd a fháil.

"Bhí sé ábhairín díomách nár bhain muid leas as na seansanna a chruthaigh muid. Ach thug na fir gach a raibh acu, bhí an tanc folamh agus 10 nóiméad le dul. Tá meon dearfach i leith gach rud. Bhíomar ag dul ar thóir an phointe bónais ach níor bhaineamar amach é. Níor scóráil muid an méid úd ba chóir a scóráil toisc nach raibh muid maith

go leor," a chríochnaigh Rob Penney.

Má féidir le Toulon an lámh in uachtar a fháil ar Montpellier, as baile, agus má bhaineann an dá foireann Éireannacha an pointe bónais amach, tá seans go rachadh an dá foireann acu tríd.

Ach beidh a fhios ag Laighin sula dtosaíonn siad cé mar a d'éirigh le Toulon agus Montpellier. Ansin beidh orthu an líon is mó úd is gur féidir leo a fháil toisc go bhfuil Mumha ag imirt ar an Domhnach i gcoinne Racing Metro 92. Sin an áit is fearr do Mumha toisc go mbeidh a fhios acu cad a bheidh orthu a fháil chun cáiliú don babhta ceathrú ceannais.

Ulaidh

Fágann sé sin Ulaidh, atá cáilithe don bhabhta ceathrú ceannais ach dar le bainisteoir Uladh, Mark Anscombe, ní taispeántais maith a bhéas ann mura mbainfear cluiche baile amach sna babhtá ceannais. "Caithfear moladh a thabhairt do na himreoirí go bhfuil siad cáilithe tar éis cúig bhabhta, ach tá jab le déanamh againn an tseachtain seo chugainn as baile i gcoinne Castres," a dúirt Anscombe.

Mar aon leis na foireann Francacha ar fad, is mór an difríocht idir Castres as bhaile agus Castres sa bhaile. Léirigh siad i gcoinne Northampton

gur féidir leo a bheith tubaisteach agus anois, níl seans dá laghad go mbainfidh siad na babhtá ceannais amach.

"Táimid cáilithe ach leagamar síos sprioc chun cluiche baile a fháil sna babhtá ceannais.

Mura n-aimsíonn muid sin, is céim siar a bheidh á thógáil againn. Féach ar na himreoirí atá in easnamh uainn.

Ní chreideadh daoine go bhféad-faimis seo a bhaint amach gan Stephen Ferris, Johann Muller agus Tommy Bowe.

Ní bheidh muid ag glacadh scíthe i gcoinne Castres agus mura dtéimid i mbun catha lena bpaca láidir, lá fada a bhéas ann dúinn."

Cúnamh ag teastáil ó Mhumha agus Laighin i gCorn Heineken

Gráinne McElwain

B'IAD Cúige Uladh an chéad foireann a cháiligh do na babhtá ceathrú ceannais don Chorn Heineken ag an deireadh seachtaine ach tá Cúige Mumhan agus Cúige Laighean fós sa chomhaireamh. 15 pointe atá ag Cúige Mumhan agus Cúige Laighean agus ní amháin go mbeidh orthu 4 úd a scóráil chun pointe bónais a aimsiú an deireadh seachtaine seo chugainn, beidh siad ag coinneáil súil ar thorthaí eile chomh maith chun cabhrú leo.

Ach ní bheidh siad leo féin, mar tá Montpellier i púl 6 agus Toulouse

- **Connacht v Zebre:**
Dé hAoine @ 8.00 - Sportsgrounds
- **Castres v Ulaidh:**
Dé Sathairn @ 2.35 - Stade Pierre Antoine
- **Exeter Chiefs v Laighin:**
Dé Sathairn @ 6.00 - Sandy Park
- **Mumha v Racing Metro:**
Dé Domhnaigh @ 12.45 - Páirc Thuamhain

agus Leicester i púl 2 agus d'fhéadfadh aon cheann de na foirne sin críochnú sa dara háit ina gcuid púlanna agus chun cinn ar chúigí na hÉireann. Mar go mbeidh Toulouse agus Leicester ag imirt in aghaidh a chéile, creideann Joe Schmidt go gcuirfidh ceann acu an fhoireann eile as an gcomórtas. Tá Montpellier ar 18 bpointe agus beidh siad sa bhaile in aghaidh Toulouse atá ar 23 pointe agus ní bhíonn sé éasca riamh Toulouse a bhualadh. Ach má éiríonn le Montpellier é sin a dhéanamh ní fhágfaidh sé ach áit amháin eile sna babhtá ceathrú ceannais do na foirne eile a chríochnaíonn mar thánaistí ina

cuid púlanna. Sin é an fáth go lasfar coinneal nó dhó sa tír seo go mbeidh an bua ag Toulouse.

Cuirfidh Cúige Mumhan fáilte roimh Racing Metro go Luimneach agus beidh Cúige Laighean ar cuairt ag na Exeter Chiefs. Ní bhíonn foirne as an bhFrainc go maith ag taisteal agus níl aon seans ag Racing Metro cáiliú do na babhtá ceathrú ceannais, mar sin b'fhéidir go gcabhródh sé sin le fir an deiscirt. Rud a chabhródh níos mó leo ná dá mbeadh an bua ag Dún Éideann in aghaidh na Saracens a bheas sa bhaile ach drochsheans go dtarlóidh sé sin. Bíodh is gur éirigh leis na Laighnigh 5 úd a aimsiú in

aghaidh na Scarlets san RDS, ní bheidh sé chomh héasca acu i Sandy Park áit nár bhuaigh ach Clermont agus Northampton an séasúr seo.

Dul chun cinn a bheas ann do Chúige Chonnacht má éiríonn leo Zebre a bhuaileadh i nGaillimh agus iad ag lorg a dtríú bua sa chomórtas i gcomparáid le aon bhua amháin an-raidh. Tá leathshúil ag Cúige Uladh ar chluiche ceathrú ceannais sa bhaile ach faoi nár éirigh leo pointe bónais a aimsiú in aghaidh Glaschú i gCnoc an Fhéich (23-6) an deireadh seachtaine seo caite níl ann ach caolsheans go n-éireoidh leo é sin a bhaint amach in aghaidh Castres sa bhFrainc.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelisceal.ie

Gaelisceal

● 16.01.2013

Mac Aoidh roinnte idir a Chontae agus a Chuntais

Labhair Cillian Ó Conchúir le **Mark McHugh**, Dún na nGall

FAD is a bhí foireann Dhún na nGall ag baint suilt agus taitnimh as Dubai, bhí fear amháin dírithe ar an staidéar, ag díriú ar a scrúduithe cuntasaíochta.

Cé go bhfuil sé mar churaidh na hÉireann, bhí ar Mark McHugh filleadh ar an obair in IT Shligigh agus é ag iarraidh an pheil agus an staidéar a nascadh le chéile. Ach mar aon le Peter Harte, tá sé féin dírithe ar an samhradh seo chugainn agus Craobh Uladh, ina dtugann Dún na nGall aghaidh ar Thír Eoghain sa chéad babhta.

Ach, dar leis an leath tosach, seo é an dúshlán is fearr don dá chontae.

"Measaim gurb é seo an tarraingt a mbeidh an dá fhoireann sásta leis. Bhí dúshlán ag teastáil uainn agus ní bheidh drogaill ar Thír Eoghain muid a chloí. Beidh an cluiche i mBealach Féich, os comhair ár lucht tacaíochta. Más féidir linn an ceann is fearr a fháil orthu, tá dúshlán mill-teanach romhainn. Tá súil againn gur féidir linn Craobh Uladh a bhuachan arís ar an gcéad dul síos."

Ní raibh aon fhadhb ag Dún na nGall sa Chraobhchomórtas anuraidh agus an máistir bainistíochta, Jim McGuinness, á stiúradh. An rud is mó a bheidh air a dhéanamh i mbliana, dar le McHugh, ná aigne na n-imreoirí a díriú arís ionas gur féidir leo leanúnachas a fháil sa tsraith ag dul isteach i gCraobh Uladh. "Gné é sin a gcaithfidh Jim ár n-aird a díriú air," a dúirt McHugh le Gaelisceal.


"Is rud iomlán nua é dúinne a bheith mar churaidh na hÉireann. Níor bhuamar é cheana, ach leis an stíl bhainistíochta atá ag Jim, ní bheidh sé deacair leanúnachas a fháil agus aireach gan cúrsaí a thógáil go réidh."

De thoradh mionghortaithe, bhí briseadh beag ag McHugh ach tá fhios aige gur féidir leis an séasúr dul ó cheann go deireadh na bliana, le cluichí clubanna, coláiste agus idirchontae, rud a fágann beagán ama i gcóir sosa.

"Níl deireadh leis (an pheil). Bhí briseadh beag agam tar éis na Craobhe toisc go raibh an t-ádh orm go raibh gortú beag agam i ndiaidh Chraobh na hÉireann. Measaim go bhfuil an briseadh sin uait toisc nach mór duit do scíth a ligean.

Do roinnt imreoirí - tharla sé dom an bhliain seo caite - ní fhaigheann siad sos, idir cluichí idirchontae, cluichí club, faoi 21, an sraith FBD, Corn Sigerson agus ansin tá tú tosaithe ar an tsraith náisiúnta.

Is rud é nach mór duit breathnú air toisc gur féidir a bheith tnáite dá bharr." Sula mbeidh deis ag McHugh imirt sa tsraith náisiúnta, beidh cluichí Chorn Sigerson le n-imirt aige, áit a



Mark McHugh

bhfuil IT Shligigh ag imirt i gcoinne Mhaigh Nuad, cluiche a bhfuil sé féin ag tnúth leis.

"Níl aon cluiche éasca sa Sigerson. Bhíomar ag tnúth le cluiche baile ach níor tharla sé sin. Rachaidh muid go Maigh Nuad agus iad mar rogha na coitiantachta toisc gur bhain siad an deireadh seachtaine Sigerson amach anuraidh. Tá daoine aá rá go bhfuil siad níos fearr ach is foireann daingean muid thuas i Sligeach agus beidh Michael Moyles tar éis muid a ullmhú chun dul ansin gan eagla ar bith. Más féidir linn cluiche maith a imirt, is féidir linn an bua a fháil."

Ina dhiaidh sin, tugann siad aghaidh ar Chill Dara i bPáirc an Chrócaigh, cluiche, dar le McHugh a bhfuil imreoirí Dhún na nGall ar fad ag tnúth go mór leis. Tá sé den tuairim gur gá do Dhún na nGall a stádas sa tsraith a choimeád ionas gur féidir leo dul isteach i Craobh Uladh tar éis dóibh na foirne is fearr a imirt.

"Má bhíonn tú ag imirt i gcoinne na bhfoirne is fhearr sa tír, beidh tú iomaíoch sna cluichí sa Chraobhchomórtas. Mheas mé in 2011 gurbh í an fhadhb a bhí againn ná go rabhamar ag imirt peile i Roinn a 2 agus tháinig muid slán as sin éasca go leor.

"Níor sheas sé sin dúinn i gcoinne Bhaile Átha Cliath. Dá mba rud é go rabhamar ag imirt i gcoinne na bhfoirne ab fhearr, seans go mbeadh muid níos fearr i gcoinne Bhaile Átha Cliath. Chabhraigh na cluichí sin linn anuraidh agus tá súil againn gur féidir linn fanacht sa tsraith. Tá sé rithabhachtach."

Aidhm Uí Airt dírithe ar na Conallaigh

Labhair Cillian Ó Conchúir le **Peter Harte**, Tír Eoghain

CÉ nach bhfuil an tSraith Náisiúnta tosaithe go fóill, tá súil Tír Eoghain agus Peter Harte cheana féin dírithe ar Dhún na nGall agus ar Chraobh Uladh ag tús an tsamhraidh.

Chlis fir Mickey Harte sa tríú babhta cáilithe i gcoinne Chiarraí anuraidh agus, dar le Peter Harte, teastaíonn uathu cúrsaí a chur ina gceart. "Bhí Tír Eoghain fíordhiomách anuraidh ach séasúr nua atá ann anois ina bhfuilimid ag imirt peile i Roinn a hAon agus is mór an chabhair a bheidh ansin dúinn.

"Tugann sé le fios dúinn cén áit ina bhfuilimid agus tá sé sin uainn agus Dún na nGall á n-imirt againn sa Craobhchomórtas. Ceann deacair a bhéas ansin. Is é an cluiche is deacra é; curaidh na hÉireann sa chéad babhta," a dúirt Harte le miongháire. "Teastaíonn uainn a bheith iomaíoch i Roinn a hAon, roinn fíordheacair ina bhfuil na foirne is fearr - Baile Átha Cliath, Chiarraí, Corcaigh agus Dún na nGall. Ansin ní féidir féachaint níos faide chun tosaigh ná Dún na nGall i mBealach Féich."


"Is bealach deas é chun tús a chur leis an gCraobhchomórtas, cé go bhfuil sé fíordheacair. Curaidh na hÉireann na bliana seo caite sa chéad babhta; cluiche deacair do Thír Eoghain, ach tá súil againn go tabharfaidh sé ardú céime dár mbliain."

Cé gur díbríodh Tír Eoghain ó Chraobh na hÉireann i mí Iúil, ní mórán de bhriseadh a bhí ag Harte. Bhí Craobhchomórtas na gClubanna faoi lán seoil le Errigal Ciarán agus dá mba rud é nach raibh sé ag imirt i gCraobh na gClubanna, bheadh sé ag imirt dá choláiste, Naomh Mhuire, áit ina bhfuil sé ag staidéar.

"Táim ag baint sásaimh as a bheith ag imirt peile sa choláiste. Deis iontach é le bualadh le cairde nua agus imirt le buachaillí ó chontaetha éagsúla nach mbeadh an deis agat imirt leo seachas leis na coláistí. Bíonn an deis agat peil d'ardchaighdeán a imirt sa Chomórtas Sigerson ag deireadh mhí Eanáir agus tús mhí Feabhra, rud atá iontach."

Tá bunmhúinteoireacht á dhéanamh ag Harte agus in ainneoin go mbeidh an-chuid cluichí ag teacht le Tír Eoghain agus le Naomh Mhuire, dar le Harte, tá sé ag foghlaim faoi na gnéithe is tábhachtaí den saol agus é ag dul ar oibre i mí Feabhra.

"Táim sa bhliain deireanach agus beidh mé ag dul i mbun oibre i scoil riachtanais speisialta agus táim ag tnúth go mór leis. Tugann sé peir-



Peter Harte

spictíocht éagsúil duit ar an saol agus tugann sé le fios duit cé na gnéithe atá tábhachtach. Rud maith atá ann chun do cosa a choimeád ar an talamh agus bíonn tú buíoch as ucht an méid atá agat."

Ar ais ar an bpáirc imeartha, tá líon na n-imreoirí a bhfuil bonn Uile-Éireann acu ag dul i léig agus creideann Harte go bhfuil na himreoirí óga atá ag teacht isteach réidh chun dul in iomaíocht i gcóir boinn dá gcuid féin. "Tugann sé úire don painéal. Tá an-chuid de na himreoirí spreagtha chun déanamh go maith.

Níl boinn Uile-Éireann ag an gcuid is mó de na himreoirí anois, ach sna blianta a d'imigh thart bhíodh imreoirí le dhá, nó trí bhonn. Tá an-chuid imreoirí in iomaíocht chun áit a ghnóthú ar an bhfoireann agus tá súil agam gur féidir linn a bheith iomaíoch.

"Bímid amuigh ceithre nó cúig oíche in aghaidh na seachtaine, sa halla traenála, ag déanamh seisiúin aclaíochta agus seisiúin athshlánaithe. Tógann sé dúthracht mhór, ach má fhéachann tú ar Bhaile Átha Cliath dhá bhliain ó shin nó Dún na nGall anuraidh, tógann sé an-chuid chun peil a imirt faoi láthair. Tá sé ag éirí níos deacra, ach más é mian do chroí é, buíochas le Dia go bhfuilimid aclaí chun é a imirt."